

RÉAMHRÁ

Cúlra

Cuireadh an leabhar tagartha seo le chéile i gcomhréir leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 2014.

Bunaíonn an tAcht um SF, 2014, trí cheart reachtúla:

- ceart ag gach duine teacht ar eolas atá á choinneáil ag comhlachtaí poiblí;
- ceart ag gach duine go leasófaí eolas oifigiúil a bhaineann leis/léi má tá sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- ceart fáthanna le cinntí a théann i bhfeidhm air/uirthi a fháil.

Dearbhaíonn an tAcht cearta mhuintir an phobail chun teacht ar eolas oifigiúil chomh fada agus is féidir i gcomhréir leis an leas poiblí agus ceart príobháideachais daoine aonair.

CUSPÓIR AN LEABHAIR THAGARTHA

Ullmhaíodh agus foilsíodh an leabhar tagartha seo i gcomhréir le ceanglais ailt 8 den Acht um SF.

I gcomhréir le halt 8 den Acht, is é cuspóir an leabhair thagartha seo ná éascú teachta ar eolas oifigiúil atá á choinneáil ag an oifig seo, trí chur síos a dhéanamh ar struchtúr agus ar fheidhmeanna na hoifige; sonraí na seirbhísí a sholáthraímid agus cén chaoi ar féidir leas a bhaint astu; eolas sna haicmí taifead a choinnímid; agus eolas faoin gcaoi le hiarratas a dhéanamh chuig an oifig faoin Acht um SF.

Cuireann Alt 8 den Acht um SF ceanglas ar an OCC leabhar a fhoilsiú ina bhfuil:

- “na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe....agus innéacs d’aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht...chun críocha breitheanna....faoi aon achtacháin nó scéime a riarann” an oifig “maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, pionóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil nó a bhféadfadh sé go mbeidh daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir faoin achtachán nó faoin scéim” in éineacht le
- “faisnéis chuí i ndáil leis an modh nó an modh beartaithe ar a riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin.”

Ullmhaíodh an treoir seo chomh maith chun custaiméirí atá ag úsáid na seirbhísí a sholáthraíonn an OCC a éascú. Ach tá dualgas orainn feidhmiú faoi choimirce Achtanna na gCuideachtaí faoina bunaíodh an Oifig agus faoi na hachtanna, orduithe, rialacha agus rialacháin eile sin a bhfuil cur síos orthu ag Aguisín 3. Ní fhéachtar le léirmhíniú a dhéanamh ar na hachtanna, orduithe, rialacha ná rialacháin sin ar bhealach ar bith leis an treoir seo.

Sa chás go ndéantar cur síos ar cheanglais reachtúla, ní fhéachtar le léirmhíniú reachtaíochta a sholáthar leis an eolas a thugtar. Moltar go láidir do chomhlachtaí go háirithe féachaint ar na ceanglais maidir le tuairisceáin reachtúla is gá a sheoladh chuig an OCC. Má theipeann orthu cloí leis na ceanglais, d’fhéadfaí iad a ionchúiseamh nó iad a bhaint ó chlár na gcuideachtaí.

CONAS AN LEABHAR SEO A ÚSÁID

Míníonn Caibidil 1 conas teacht ar eolas ón OCC agus aon táillí a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Déanann Caibidil 2 cur síos ar ról na hOifige agus ar a struchtúr eagraíochtúil. Déanann Caibidil 3 miondealú ar struchtúr inmheánach agus ar eagraíocht na hOifige de réir rannóige/aonaid. Cuirtear eolas ar fáil faoi gach rannóg/aonad faoi na ceanteidil seo a leanas:

Déantar cur síos i Ról agus struchtúr ar phríomhobair agus ar struchtúr na rannóige/an aonaid;

Déantar cur síos i Soláthar seirbhíse ar an obair atá á déanamh le béim ar sheirbhísí a mbíonn tionchar díreach acu ar mhuintir an phobail nó a bhaineann coistí, grúpaí, srl leo a dhéanamh ionadaíocht ar son grúpaí sainleasa ar leith;

Déantar cur síos i Rialacha agus cleachtais ar rialacha agus ar chleachtais na rannóige/an aonaid, sa

chás go bhfuil sé/sí páirteach i soláthar achtacháin nó scéime a théann i bhfeidhm ar an bpobal, taobh istigh de chiall alt 8 den Acht;

Déantar cur síos in Aicmí taifead ar na ceannteidil (darb ainm “sraitheanna comhad” san oifig) faoina gcoinníonn an rannóg/an t-aonad taifid; agus

Déantar cur síos i bPointí teagmhála ar bhaill foirne na rannóige/an aonaid atá ar fáil le cabhrú le muintir an phobail.

1. CONAS EOLAS A FHÁIL

1.1 EOLAS ATÁ AR FÁIL MAR GHNÁTHAMH

Tá sé tábhachtach cuimhneamh go gcuirimid eolas ar fáil don phobal mar ghnáthamh faoi láthair maidir lena feidhmeanna, a gníomhaíochtaí agus a scéimeanna. Leanfar de chur ar fáil a leithéid d'eolas, a bhfuil achoimre air thíos, go neamhfhoirmiúil gan gá a bheith le húsáid a bhaint as an Acht um SF.

Céard atá ar fáil?	Cá háit a bhfuil sé ar fáil?	Sonraí teagmhála
Eolas ginearálta maidir an OCC	Suíomh gréasáin an OCC Aonad eolais an OCC Oifig Phoiblí an OCC	www.cro.ie Ríomhphost: info@cro.ie Guthán: 01 804 5200 Teach Bloom Plás Gloucester Íochtarach Baile Átha Cliath 1
Bileoga eolais (tá liosta láithreach ar fáil ag Aguisín 2)	Plean gnó bliantúil an OCC Suíomh gréasáin an OCC Aonad Eolais an OCC Oifig Phoiblí an OCC	www.cro.ie Ríomhphost: info@cro.ie Guthán: 01 804 5200 Teach Bloom Plás Gloucester Íochtarach Baile Átha Cliath 1
Clár na gcomhlachtaí/na n-ainmneacha gnó	Suíomh gréasáin an OCC Aonad Eolais an OCC Oifig Phoiblí an OCC	https://search.cro.ie/company Is féidir leat eolas riachtanach áirithe a sheiceáil saor in aisce, amhail ainmneacha comhlachtaí, seoladh oifige cláraithe agus dáta tuairisceáin bhliantúil. Tá eolas breise comhlachtaí ar fáil do shealbhóirí cuntais taisce an OCC. Ríomhphost: info@cro.ie Guthán: 01 804 5200 Teach Bloom Plás Gloucester Íochtarach Baile Átha Cliath 1
Reachtaíocht a bhaineann le réimsí gníomhaíochta an OCC	Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais	publications@opw.ie Guthán: 01 647 6834

Dearadh an tAcht um SF chun teacht poiblí ar eolas atá á choinneáil ag comhlachtaí poiblí NACH mbíonn ar fáil mar ghnáthamh trí fhoinse eile a cheadú. Bíonn an teacht ar eolas faoin Acht faoi réir díolúintí áirithe agus bíonn nósanna imeachta agus teorainneacha ama ar leith ag baint leis. Soláthraíonn an lámhleabhar seo treoir ar struchtúr an OCC, le cabhrú leat teacht ar eolas faoin Acht um SF agus faoi na hAchtanna um Ainmneacha Comhlachtaí agus Gnó araon.

1.2 IARRATAIS FAOIN ACHT UM SF

Faoin Acht um SF, tá gach duine i dteideal iarratas a chur isteach ar theacht ar eolas nach mbeadh ar fáil go poiblí ar bhealach eile. Tá sé de cheart ag gach duine:

- teacht ar thaifid atá á gcoinneáil ag an OCC;
- go gceartófaí eolas pearsanta a bhaineann leis/léi atá á choinneáil ag an OCC, sa chás go bhfuil an t-eolas sin míchruinn nó míthreorach;
- teacht ar chúiseanna le cinntí a bhí déanta ag an OCC a raibh tionchar díreach acu air/uirthi.

Tá na taifid seo a leanas faoi scáth an Achta um SF:

- gach taifead atá ag an OCC a bhaineann le heolas pearsanta, beag beann ar an uair a cruthaíodh é;
- gach taifead eile a cruthaíodh ón dáta tosaithe .i. 21 Aibreán 1998;
- aon taifid eile atá riachtanach chun tuiscint a fháil ar thaifead láithreach.

Is gnách go mbeidh sé de dhualgas ar an OCC freagra a thabhairt ar an iarratas taobh istigh de cheithre seachtaine.

Ba chóir iarratais faoin Acht um SF a sheoladh chuig:

Mark Donoghue

An tOifigeach um Shaoráil Faisnéise

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Bloom

Plás Gloucester Íochtarach

Baile Átha Cliath 1

Guthán: 01 804 5251

Ríomhphost: mark.donoghue@dbei.gov.ie

1.2.1 CUR LE CHÉILE D'IARRATAIS

Is gá d'iarratais ar eolas a bheith i scríbhinn agus na sonraí seo a leanas a lua:

- d'ainm iomlán agus do sheoladh;
- go bhfuil sé á dhéanamh faoin Acht um SF;
- uimhir ghutháin lae, más féidir dul i dteagmháil leat go héeasca más gá sonraí d'iarrtais a dheinmhníú;
- sonraí an eilais atá á lorg agus is gá dóibh a bheith chomh cuimsitheach agus chomh sonrath agus is féidir (má tá deacracht agat le haithint na dtaifead ar leith atá de dhith ort, beimid sásta cabhrú leat d'iarratas a ullmhú);
- an fhormaid ar leith ina bhfuil an t-eolas á lorg m.sh fótashóip, diosca srl más gá

1.2.2 CINNTEOIREACHT SF SAN OCC

Déantar cinntí ar iarratais ar leibhéal nach ísle ná Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin. Bíonn cinntí inmheánacha achomhairc á ndéanamh ag oifigigh de ghrád níos airde agus ní bheidh siad déanta ag an oifigeach uachtarach atá díreach os cionn an chinnteora SF de ghnáth.

1.3 CEARTA ATHBHREITHNITHE AGUS ACHOMHAIRC

Leagann an tAcht um SF amach sraith díolúintí chun eolas fogair a chosaint sa chás go bhféadfadh a nochtadh díobháil a dhéanamh do phríomhleasanna den Stát nó do thríú páirtithe. Má bhaineann an t-oifigeach SF san OCC úsáid as na forálacha seo chun eolas a choinneáil siar, is féidir an cinneadh a achomharc. Is féidir achomharc a dhéanamh chomh maith in aghaidh cinntí maidir le hiarchur teachta, muirir, foirmeacha teachta, srl. Seo a leanas sonraí na meicníochtaí achomhairc:

1.4 ATHBHREITHNIÚ INMHEÁNACH

Is féidir leat athbhreithniú inmheánach a lorg ar an gcinneadh bunaidh, rud a bheidh déanta ag oifigeach ar leibhéal níos airde sa chás:

- go bhfuil tú míshásta leis an bhfreagra bunaidh a fuair tú .i. diúltú eolais, foirm teachta, muirir, srl nó
- nach bhfuair tú freagra taobh istigh de cheithre seachtaine ó rinne tú d'iarratas bunaidh. Féachtar air seo mar dhiúltú d'iarratais agus ceadaíonn sé seo duit leanúint ar aghaidh chuig athbhreithniú inmheánach.

Ba chóir iarratais ar athbhreithniú inmheánach a sheoladh i scríbhinn chuig:

An Cláráitheoir

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Bloom

Plás Gloucester Íochtarach

Baile Átha Cliath 1

Guthán: 01 804 5200

Ríomhphost: Maureen.osullivan@dbei.gov.ie

Is gá a leithéid d'iarratas ar athbhreithniú inmheánach a sheoladh isteach taobh istigh de cheithre seachtaine ó rinneadh an cinneadh bunaidh. Is gá don OCC an t-athbhreithniú a chríochnú taobh istigh de thrí seachtaine. Is gá d'athbhreithniú inmheánach a bheith críochnaithe de ghnáth sular féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

1.5 ATHBHREITHNIÚ AG AN GCOIMISINÉIR FAISNÉISE

Nuair a bheidh an t-athbhreithniú inmheánach críochnaithe, is féidir leat athbhreithniú neamhspleách ar an gcinneadh a lorg ón gCoimisinéir Faisnéise. Anuas air sin, más rud é nach bhfuair tú freagra ar d'iarratas ar athbhreithniú inmheánach taobh istigh de thrí seachtaine, féachtar air seo mar dhiúltú agus is féidir leat an cás seo a achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

Is féidir achomhairc i scríbhinn a dhéanamh go díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise ag an seoladh seo a leanas:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise

18 Sráid Líosain Íochtarach

Baile Átha Cliath 2

Guthán: 01-6395689

Ríomhphost: info@oic.ie

Suíomh Gréasáin: www.oic.gov.ie

1.6 TÁILLÍ SF

Tá liosta mionsonraithe dár dtáillí inmhuirir ar dhoiciméid nó ar sheirbhísí a sholáthraítear atá taobh amuigh de raon an Achta um SF, tá siad leagtha amach in Aguisín 1.

Is féidir táillí ar eolas a bhaineann leis an Acht um SF a ghearradh mar seo a leanas:

- Maidir le taifid phearsanta, beidh táillí costas cóipeála na dtaifead iarrtha i gceist.
- Maidir le heolas eile (neamhphearsanta), d'fhéadfaí táillí a ghearradh ar an am a chaitear ar aimsiú éifeachtúil agus ar chóipeáil taifead, faoi réir ráta chaighdeánach uaire a bheidh forordaithe ag an Aire Airgeadais. Ní féidir muirir a ghearradh ar am a chaitheann comhlachtaí poiblí ar mheasúnú iarratas.

D'fhéadfadh éarlais a bheith iníoctha sa chás gur dóchúil go mbeidh an táille iomlán os cionn €100. Sna cásanna seo, cabhróimid leis an duine an t-iarratas a leasú chun méid na héarlaise a laghdú nó a

dhíchur, má iarrtar a leithéid.

Is féidir muirir a tharscaoileadh sna cásanna seo a leanas:

- sa chás go mbeadh costas bailithe agus cuntais na táille níos mó ná méid na táille;
- sa chás go gcuirfeadh an t-eolas go mór le tuiscint ar cheist a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis, nó
- i gcás eolais phearsanta, nach mbeadh a leithéid de mhuirir réasúnta i bhfianaise acmhainn an iarrthóra.

2. FORBHREATHNÚ AR AN OCC

2.1 RÁITEAS MISIN

Is é misean an OCC ná:

Forálacha Achtanna na gCuideachtaí agus Achtanna eile a chur i bhfeidhm agus foinse eolais reachtúil ar chomhlachtaí agus eolais eile atá éifeachtach, éifeachtúil agus ar féidir teacht air go héasca a sholáthar dá réir ar bhonn tráthúil dá húsáideoirí.

Déanann ár bplean gnó bliantúil cur síos ar na spriocanna straitéiseacha a thacaíonn leis an ráiteas misin seo. Is féidir leat an t-eagrán is déanaí a íoslódáil ó leathanach gréasáin na bhfoilseachán ar www.cro.ie.

2.2 TUAIRISC AGUS PHRÍOMHFHEIDMEANNA CRO

Stór lárnach is ea an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) le haghaidh faisnéise poiblí reachtúil ar chuideachtaí Éireannacha. Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

- Príomhfheidhmeanna na CRO atá
- Ionchorprú cuideachtaí agus Ainmneacha gnó a chlárú
- Doiciméid iar-ionchorpraithe cuideachta a chlárú
- Athruithe ar shonraí ainm gnó a chlárú
- Forfheidhmiú, ionchúiseamh agus cuideachtaí a scríosadh as an gclár
- Faisnéis a sholáthar don phobal

Tá an Oifig eagraithe ina deich réimse fheidhmiúla: corprú comhlachtaí, iar-chorprú, morgáistí/sócmhainneacht (rud a chuimsíonn leachtú, glacadóireacht agus scrúdaitheoireacht), forfheidhmiú/athchóiriú, ainmneacha gnó, comhdú leictreonach, oiliúint/eolas, foilseacháin, riarachán agus teicneolaíocht faisnéise.

2.3 SEIRBHÍSÍ A CHUIREANN AN OCC AR FÁIL

2.3.1 PRÍOMHSHEIRBHÍSÍ

Táimid freagrach as soláthar na bpríomhsheirbhísí seo a leanas:

- éascú corpraithe comhlachtaí agus clárú ainmneacha gnó;
- forfheidhmiú a ndualgas maidir le comhlachtaí, faoi Acht na gCuideachtaí 2014, go háirithe maidir le comhdú tuairisceán agus cuntas bliantúil;
- soláthar teachta éasca don phobal ar eolas a bhíonn comhdaithe ag comhlachtaí;
- cothabháil taifid chruinne sonraí maidir le heolas a bhíonn soláthartha ag comhlachtaí, go háirithe maidir le seoltaí cláraithe, stiúrthóireachtaí agus rúnaí comhlachta;
- clár cruinn agus cothrom le dáta ar mhuirir a choinneáil;
- cinntiú go mbíonn comhlachtaí, oifigigh agus comhairleoirí gairmiúla feasach ar a ndualgais reachtúla;
- feabhsú na modhanna trína mbíonn doiciméid á gcomhdú ag an OCC, chomh maith leis an tacaíocht theicniúil riachtanach a sholáthar d'úsáideoirí an chórais ríomhchomhdaithe;
- cinntiú trí chlárú oiliúna éifeachtacha agus chuí go mbíonn na scileanna/an t-eolas riachtanach á sholáthar do phearsanra an OCC chun a n-obair a chur i gcrích ar bhealach atá éifeachtúil agus gairmiúil.

2.3.2 ROCHTAIN PHOIBLÍ AR AN OIFIG

Tá an Oifig Phoiblí suite ag Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Tá an CRO ar oscailt don phobal gach lá oibre ó 9.30 ar maidin go dtí 4.30 sa tráthnóna. Is féidir teagmháil a dhéanamh le hIonad Faisnéise na hOifige le linn gnáthuaireanta oibre ar 01 804 5200. Tugtar cuireadh freisin do chliaint teagmháil a dhéanamh leis an Oifig trí ríomhphost ag info@cro.ie.

2.3.3 LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN AN CRO

Foilsíonn an CRO ríomhfheasachán go rialta a thugann an fhaisnéis is déanaí ar nósanna imeachta, cleachtais agus seirbhísí na hOifige. Ní gá íoc as an bhfeasachán. Tá treoracha le fáil ar www.cro.ie ar conas liostáil don tseirbhís.

Is féidir faisnéis thábhachtach áirithe, ar nós ainm agus seolta oifige cláraithe na cuideachta a sheiceáil saor in aisce ag www.cro.ie/search. Má bhíonn mionfhaisnéis cuideachta níos mó ag teastáil uait, ar nós tuairisceáin bhliantúil, cuntas cuideachta nó eiscló cuideachta, is féidir iad seo a ordú ar líne agus cárta creidmheasa/dochair a úsáid le hÍoc astu. Ina mhalaire de chás, is féidir leat cuntas taisce CRO a oscailt. Is féidir an tsaoráid chuardaigh seo a úsáid le faisnéis cuideachta a rochtain lá agus oíche. Is í an tsaoráid chéanna atá ar fáil in oifig phoiblí na CRO agus seoltar na torthaí chugat ar an bpointe trí ríomhphost. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le seirbhísí ar líne, tabhair cuairt ar www.cro.ie, seol ríomhphost chuig electronic.filing@dbei.gov.ie nó cuir glao teileafóin ar an Rannóg Ríomhchomhdaithe. (01)8045355/5374.

Is féidir leat cóip a fháil saor in aisce de dheimhniú ionchorpraithe cuideachta nó deimhniú clárúcháin ainm gnó ó www.cro.ie. Níl an deimhniú seo bailí ach le haghaidh úsáide seirbhíse poiblí amháin, mar shampla is féidir é a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim. Nuair a chuirtear iarratas isteach ar chóip dheimhnithe, seoltar an chóip chugat ar an bpointe trí ríomhphost.

2.3.4 RÍOMHCHOMHDÚ

Is féidir leat na foirmeacha seo a leanas a chomhdú ag RÁTA LAGHDAITHE agus leas a bhaint as clárú níos tapa:

- Clárú an Ainm Gnó Duine Aonair (Foirm RBN1) €20 (in áit €40 le páipéar)
- Clárú an Ainm Gnó Páirtíocht (Foirm RBN1A) €20 (in áit €40 le páipéar)
- Clárú an Ainm Gnó Comhlacht Corparáideach (Foirm RBN1B) €20 (in áit €40 le páipéar)
- Ainm Cuideachta a Athrú (Foirm Rúin speisialta G1Q) €50 (in áit €100 le páipéar)
- Tuairisceán Bliantúil (B1) €20
- Mórgáistí (Foirm C1, C1a agus C1b) €40.

Is féidir leat na foirmeacha seo a leanas a chomhdú SAOR IN AISCE agus leas a bhaint as clárú níos tapa:

- Athrú ar shonraí stiúrthóra/rúnaí na cuideachta (Foirm B10)
- Athrú ar sheoladh (Foirmeacha B2, B3, F4, RBN2/A/B)
- Rún speisialta (Foirm G1) agus doiciméad eile ar bith a thaisctear ina leith
- Gnáthrún (Foirm G2) agus doiciméad eile ar bith a thaisctear ina leith
- Fógra faoi Údarú Gníomhaire Ríomhchomhdaithe
- Foirm RBN3 - Stopadh Gnó faoi Ainm Gnó

Chun tuilleadh cúnaimh a fháil nó má tá barúil agat a bhaineann leis an tsaoráid comhdaithe ar líne, seol r-phost chuig electronic.filing@dbei.gov.ie le do thoil nó féach 3.12 Rannóg Ríomhchomhdaithe

2.3.5 CLÁIR AINMNEACHA COMHLACHTAÍ AGUS GNÓ

Tá trí fhoinsé eolas ainmneacha comhlachtaí/gnó ann san OCC:

- comhad comhlachta páipéir (i gcás na ndoiciméad a fuarthas suas go dtí 1989 i gcás comhlachtaí agus 1998 i gcás ainmneacha gnó);
- doiciméid atá scanta go leictreonach;
- an suíomh gréasáin.

Tá an fhaisnéis reachtúil ar fad a sholáthraíonn cuideachtaí coimeáda i gcomhad ag an CRO; i bhformáid pháipéir i gcás cuideachtaí a foirmíodh roimh an 3 Bealtaine 1990, agus i bhformáid leictreonach i gcás cuideachtaí a ionchorpraíodh ó shin i leith. Coimeádtar i gcóras íomháiithe ríomhairithe na doiciméid chuideachta ar fad atá faighte ag an CRO ón 11 Márta 1991 ar aghaidh. Íomhá doiciméid Táille €2.50 ón oifig phoiblí nó leathanach greasáin.

Asphrionta ríomhaire

Bíonn an t-eolas ainm comhlachtaí/gnó atá stóráilte i mbunachar sonraí an OCC ar fáil mar asphrionta ríomhaire ina dtaispeántar an t-eolas is nuaí. Bíonn sonraí ann, mar shampla, faoi shainiú comhlachta, amhail gnách, leachtú, glacadóir, díscailte, srl. Tugann doiciméid atá marcáilte a bheith “faighte” ar an asphrionta le fios nár seiceáladh an doiciméad le haghaidh earráidí agus i gcás go bhfuil sonraí sna doiciméid a chuirfí i mbunachar sonraí an OCC, nár cuireadh an t-eolas seo isteach go fóill.

Bíonn asphriontaí ríomhaire ar fáil ar líne (féach an Áis chuardaigh gréasáin thíos) san OCC nó tríd an bpost. Is é an táille atá ar asphrionta ná €3.50 in aghaidh cuardach ainm comhlachta nó gnó. Ba chóir go gcuimseodh iarratas ar asphriontaí uimhir chláráithe an ainm comhlachta nó gnó. I gcásanna go ndéantar iarratas ar bhonn ainm, ní eiseofar asphrionta ach ar ainm atá coibhéiseach leis an gceann atá luaite sa chomhfhreagras. Mura bhfuil aon ainm meaitseála ann sa bhunachar sonraí, eiseofar freagra chuige sin. Bíonn amanna freagartha ar iarratais scríofa faoi réir líon na n-iarratas agus na hacmhainní atá ar fáil chun iarratais a phróiseáil.

Íomhánna doiciméad

Cuirtear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar scáileán saor in aisce, agus ní gá rochtain a fháil ar chuntas:

- Ainm na cuideachta
- Uimhir na cuideachta
- Seoladh na hoifige cláráithe
- Dáta corpraithe
- Stádas na cuideachta
- Dáta a comhdaíodh an tuairisceán bliantúil deireanach

Agus tú mar shealbhóir cuntais leis an Oifig seo, féadann tú iarraidh go seolfar asphrionta cuideachta agus íomhánna doiciméad ar ais chugat trí fhacs nó r-phost. Achoimre cuideachta is iad asphrionta, ina bhfuil sonraí faoi stiúirthóirí, oifig chláráithe, doiciméid a fuarthas agus muirir mhorgáiste atá cláráithe in aghaidh na cuideachta. Facsamhail doiciméid a fuarthas ón gcuideachta is ea íomhá doiciméid. Áirítear sna cineálacha doiciméad ná tuairisceán bliantúil agus cuntais, fógraí ar athrú stiúirthóirí na cuideachta nó athrú ar oifig chláráithe.

Ar an drochuair, tarlaíonn teipeanna córais gan choinne. Tá córas ann ionas gur féidir monatóireacht a dhéanamh ar theipeanna ar bhonn níos éifeachtaí, rud ar chóir go mbeadh sé mar thoradh air go réiteofar an fhadhb chomh luath agus is féidir. Ní bhíonn seirbhísí ar líne ar fáil i rith cúltacú, atheagrú, cothabháil ná teip córais.

Seoltaí cláráithe

Ní mór fógairt don CRO murab ionann an seoladh a choimeádtar clár na gcomhaltaí, clár na sealbhóirí bintiúir, clár leasa na stiúirthóirí agus rúnaí i scaireanna agus bintiúir, nó conarthaí seirbhíse/meabhrán na stiúirthóirí agus (a) seoladh na hoifige cláráithe, nó (b) go mbíonn an seoladh á athrú ó sheoladh eile chuig an seoladh cláráithe, nó (c) go mbíonn an seoladh á athrú ó sheoladh amháin go seoladh eile nach an seoladh cláráithe é.

- Ní mór clár na gcomhaltaí a choimeád laistigh den Stát ag oifig chláráithe na cuideachta, nó ag aon oifig eile de chuid na cuideachta ina ndéantar an obair cláráithe, nó má shocraíonn an chuideachta le duine eile chun an clár a dhéanamh thar cheann na cuideachta sin ag an duine sin, ag oifig ina ndéanann an duine sin an obair.
- Ní mór clár na mball sin a choimeád ag oifig chláráithe na cuideachta, nó ag aon oifig eile de chuid na cuideachta ina ndéantar an obair cláráithe, nó má shocraíonn an chuideachta le duine eile chun an clár a dhéanamh thar cheann na cuideachta sin ag an duine sin, ag oifig ina ndéanann an duine sin an obair.
- Clár de leasanna na stiúirthóirí agus na rúnaithe i scaireanna agus bintiúir. Éilítear ar an gclár seo a choimeád san oifig céanna ina bhfuil clár na gcomhaltaí.
- Cóipeanna conarthaí seirbhíse/meabhrán na stiúirthóirí. Ní mór cóipeanna a choimeád ag an oifig chláráithe, nó ag áit a gcoimeádtar clár na gcomhaltaí mura oifig chláráithe í, nó ag príomhát ghnó na cuideachta. Féadann comhaltaí na cuideachta, oifigh na cuideachta agus an pobal i gcoitinne scrúdú a dhéanamh ar na taifid.

2.4 SEACHADADH DOICIMÉID CHUIG AN CRO

Faoi s898 Acht na gCuideachtaí 2014, sa chás nach gcomhlíonann doiciméad a seachadadh chuig an CRO (Foirm agus Ábhar Doiciméad arna Seachadadh chuig an gClárúitheoir), Rialacháin 2002 nó aon riachtanas eile d'Acht na gCuideachtaí, nó aon riachtanais forchurtha ag nó faoi reachtaíocht ar bith eile a bhaineann le líonadh an doiciméid agus a sheachadadh chuig an CRO, is féidir go mbeidh an doiciméad sin diúltaithe ag an CRO trí fhógra a sheirbheáil ar an duine a chuir isteach é, ag léiriú na ngnéithe sa doiciméad nach bhfuil comhlíontach. Mura seachadtar doiciméad athsholáthair a chomhlíonann na ceist(eanna) sainaitheanta san fhógra chuig an CRO taobh istigh de 14 lá, glactar leis nár seachadadh an doiciméad bunaigh chuig an CRO.

Ní chiallaíonn sé seo nach gcuirfeadh na doiciméid seo ar ais chuig na daoine a chuir isteach iad le haghaidh athruithe mura bhfuil siad líonta isteach go cruinn nó go hiomlán, ach nach n-eiseoidh an CRO fógra diúltaithe 14 lá agus an doiciméad á chur ar ais chuig an duine a chuir isteach é. Liostaíonn Cuid II (B) gnéithe áirithe atá taobh amuigh de raon alt 898 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus nach féidir leis an CRO, mar sin, é a dhiúltú ag baint úsáide as an bhfógra diúltaithe 14 lá. Arís, ní chiallaíonn sé seo nach gcuirfeadh na doiciméid seo ar ais chuig na daoine a chuir isteach iad le haghaidh athruithe mura bhfuil siad líonta isteach go cruinn nó go hiomlán, ach nach mbeidh fógra 14 lá leis an doiciméad atá diúltaithe.

Is doiciméad riachtanach tagartha é an bhileog eolais seo chun doiciméid a ullmhú le seoladh chuig an OCC; ar mhaithe le cabhrú le híoslághdú earráidí agus aon mhoill ar chlárú do dhoiciméad a sheachaint, moltar go láidir duit í a léamh.

3. MIONDEALÚ STRUCHTÚR INMHEÁNACH AGUS EAGRAÍOCHT AN OCC

3.1 OIFIG CHEATHARLACH

3.1.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Tá sé mar ról ag Oifig Cheatharlach glacadh le doiciméid agus iad a phróiseáil, chomh maith le híocaíochtaí a bhíonn in éineacht leo a fhaightear tríd an bpost. Bíonn Oifig Cheatharlach ag déileáil le clárú Ainmneacha Gnó chomh maith. Tá an OCC le bheith díláraithe go Ceatharlach amach anseo. Más mian leat doiciméid a chur ar an bpost, ba chóir duit iad a sheoladh chuig An Oifig um Chlárú Cuideachtaí, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, Contae Ceatharlach.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Claire Crowley
Príomh-Oifigeach Cúnta

Paddy Porter
Matthew McDonagh
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

8 Oifigh Feidhmiúcháin
27 Oifigeach Cléireachais

3.1.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Faigheann agus taifeadann an Oifig fáil doiciméad i mbunachar sonraí an OCC; taifeadann agus eisíonn sí admhálacha le haghaidh íocaíochtaí a fhaightear; lóisteálann sí airgead a fhaightear chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta trí Bhanc Ceannais na hÉireann.

3.1.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Is gá do chustaiméirí na foirmeacha/doiciméid chearta a sheoladh isteach in éineacht leis na táillí forordaithe cearta, pé áit ar bainteach (féach Aguisín 1 chun eolas a fháil faoi tháillí an OCC).

Tugtar sracfhéachaint ar gach doiciméad. Má tá sonraí amhail táillí agus dátaí éifeachtacha in easnamh nó mícheart nó, i gcás an tuairisceáin bhliantúil, mura gcloíonn an dáta a bhfuil sé déanta suas chuige le riachtanais Dháta an Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) nó má tá na cuntais atá i gceangal le tuairisceán bliantúil róshean, seolfar na doiciméid ar ais chuig an tabharthóir. Má tá pionós déanaí i gceist, ba chóir na doiciméid a sheoladh ar ais chugainn taobh istigh de 14 lá chun tabhú pionóis bhreise a sheachaint.

Cuntas taisce a oscailt (Foirm a/c1)

Má dhéanann tú mionchuardach ar láithreán gréasán CRO, is féidir gur mian leat cuntas a oscailt linn. Ní mór creidmheas a choinneáil sa chuntas i gcónaí nó ní féidir cuardach a dhéanamh. Is féidir an cuntas seo a úsáid chun doiciméid a lóisteáil le CRO.

Ní mór an fhoirm iarratais (a/c1) a phriontáil, a chomhlánú ina hiomláine agus a sheoladh ar ais chugainn sa phost leis an íocaíocht. Nuair a fhaigheann CRO d'fhoirm iarratais agus íocaíocht tógfar uimhir chuntas custaiméara agus uimhir PIN duit. Nuair a fhaigheann tú uimhir chuntais agus uimhir PIN beidh tú i dteideal seirbhísí ar ár láithreán gréasán CRO.

Chun asphrionta cuideachta nó íomhánna scanta na ndoiciméad nó an bheirt acu araon a iarraidh ní mór creidmheas a bheith i do chuntas i gcónaí.

Chomhdaítear go déanach

Is é spriocdháta comhdaithe an tuairisceáin bhliantúil ná 28 lá i ndiaidh dháta éifeachtach an

tuairisceáin. Bíonn pionós comhdaithe déanach €100 dlite i leith tuairisceáin bhliantúil an lá tar éis an spriocdháta comhdaithe.

Bíonn pionós breise €3 le hóc in aghaidh suas go dtí uasphionós €1,200 in aghaidh an tuairisceáin. Bíonn an pionós seo le hóc i dteannta le táille chaighdeánach chomhdaithe €20 (leictreonach) in aghaidh an tuairisceáin.

Dheimhnigh na Coimisinéirí loncaim nach féidir pionóis chomhdaithe déanach a asbhaint ó thaobh cánach de.

Iarratais Chun Na Cúirte Ar Shíneadh Ama I ndáil Le Tuairisceán Bliantúil A Chomhdú

Sonraítear in alt 343 d'Acht na gCuideachtaí 2014 gurb amhlaidh go bhféadfar iarratais ar shíneadh ama i ndáil le comhdú tuairisceáin bhliantúil a dhéanamh chun na hArd-Chúirte nó chun na Cúirte Dúiche.

Sonraítear in alt 343 gur féidir leis an gCúirt, ach í a bheith sásta go mbeadh an cur chuige sin cóir, Ordú a dhéanamh lena gcuirfí síneadh leis an tréimhse ama inar féidir tuairisceán bliantúil na cuideachta i ndáil le bliain ar leith a sheachadadh ar Chláraitheoir na gCuideachtaí. Ní féidir ach Ordú amháin den chineál sin a dhéanamh maidir le haon bhliain ar leith. Déantar iarratas chun na Cúirte iar bhfógra don Chláraitheoir trí mheán Mionnscribhinne. Is ionann an síneadh ama agus síneadh ar an 28 lá i ndiaidh an dáta tuairisceáin bhliantúil dá bhforáiltear in alt 343(2) agus (3), Acht na gCuideachtaí 2014.

I gcás ina ndéanann an Chúirt Ordú ag cur síneadh ama leis an tréimhse comhdaithe, ní mór don chuideachta an tOrdú sin a chomhdú leis an CRO, de ghnáth laistigh de 28 lá ó thráth dhéanta an Ordaithe. Sa chás ina gcomhdóidh an chuideachta an tuairisceán bliantúil ansin laistigh den am breise a leagfaidh an Chúirt síos, measfaidh an CRO go bhfuarthas na doiciméid in am. Dá bharr sin, ní bheidh feidhm ag iarmhairtí an chomhdaithe dhéanaigh (pionóis um chomhdú déanach / caillteanas na díolúine um iniúchadh) maidir leis an tuairisceán bliantúil sin.

An Chúirt Dúiche - Iarratas Ar Ordú Maidir Le Síneadh Ama I ndáil Le Tuairisceán Bliantúil A Chomhdú

Nósanna imeachta nach mór a leanúint:

Tabhair faoi deara nach mór ionadaíocht dlí a bheith ag cuideachta agus í ag déanamh iarratais chun na cúirte

1. Ní mór iarratas chun na Cúirte Dúiche ar shíneadh ama i ndáil le comhdú tuairisceáin bhliantúil a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche sa dúiche ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta lonnaithe, i ndáil le dáta cúirte - féach leathanach greasáin cúirte.

2. Ní mór cóip den fhógra san Fhoirm 93B.1 ina mbeidh dáta agus am na héisteachta cúirte a sheirbheáil ar an CRO in éineacht le cóip dá Mionnscribhinn (Foirm 93B.2), trína gcuirfear an Cláraitheoir iar bhFógra faoi alt 343(5), Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór don Iarratasóir nó don Aturnae thar ceann an Iarratasóra an Fhoirm 93B.1 a shíniú.

3. Ní mór go sonrúfaí san Fhoirm 93B.1 bliain an tuairisceáin bhliantúil atá i gceist, dáta tuairisceáin bhliantúil na cuideachta faoi láthair, agus an dáta dá bhfuil síneadh ama á lorg. Is ionann an síneadh ama agus síneadh ar an 28 lá i ndiaidh an dáta tuairisceáin bhliantúil dá bhforáiltear in alt 343(2) agus (3), Acht na gCuideachtaí 2014.

4. Ní mór an Fógra chuig an gCláraitheoir a sheachadadh ar an CRO tráth nach déanaí ná 21 lá roimh an dáta Cúirte. Mura ndéanfar amhlaidh, ní ghlacfar leis.

5. Eiseoidh an CRO litir á admháil go bhfuil an Cláraitheoir curtha iar bhFógra ag an Iarratasóir nó a Aturnae, nach mór don chuideachta chur ar fáil don Chúirt, mar aon leis an bhFoirm 93B.1 agus Mionnscribhinn tráth nach déanaí ná 4 lá roimh an dáta Cúirte.

6. Má dheonaíonn an Breitheamh Ordú Cúirte ag cur síneadh leis an am i ndáil le comhdú, léireofar ar an Ordú (i) an dáta dá bhfuil an síneadh ama deonaithe agus (ii) an dáta nach mór an tOrdú a bheith seachadta ar an gCláraitheoir faoi (28 lá a bheidh ansin de ghnáth).

7. Más rud é nach ndéanfar an tOrdú Cúirte a sheachadadh ar an gCláraitheoir faoin dáta atá sonraithe ag 6(ii), ní féidir leis an CRO glacadh leis toisc go mbeidh téarmaí an Ordaithe sáraithe ag an gcuideachta.

8. Má dheonaítear síneadh ama di i ndáil le comhdú, ní mór don chuideachta:

- (i) tuairisceán bliantúil páipéir (B1 agus ráitis airgeadais) a sheachadadh ar an CRO faoin dáta dá bhfuil an síneadh ama deonaithe, nó
- (ii) r-B1 a chur isteach faoin dáta sínithe agus an comhdú a chur i gcrích laistigh de 28 lá ón dáta sin.

9. Má dhéanann an chuideachta a tuairisceán bliantúil a sheachadadh nó a chur isteach tar éis an dáta dá bhfuil an síneadh ama deonaithe, measfar go mbeidh sé déanach agus beidh sé faoi réir pionós um chomhdú déanach agus chaillteanas na díolúine ó iniúchadh ar feadh dhá bhliain sa ghnáthchúrsa.

10. Más rud é go n-athraítear an dáta cúirte bunaidh nó má chuirtear an cás ar atráth, ní mór don chuideachta an Cláraitheoir a chur ar an eolas ar an bpointe faoi dáta cúirte nua.

An Ard-Chúirt

Tabhair faoi deara nach mór ionadaíocht dlí a bheith ag cuideachta agus í ag déanamh iarratais chun na cúirte. Déantar an t-iarratas trí mheán mionnscribhinne iar bhfógra don Chláraitheoir.

TUAIRISCEÁIN REACHTÚLA

Foirm B2 (Athrú ar oifig chláraithe)

Éilítear ar gach cuideachta de réir dlí, oifig chláraithe a bheith aici sa dlínse. Seoltar na doiciméid oifigiúla, fógraí agus páipéir chúirte ar fad chuig an seoladh seo de réir dlí.

Ní mór suíomh fisiceach a bheith i gceist, agus ní uimhir bhosca oifig phoist amháin, toisc go bhfuil sé de cheart ag daoine cuairt a thabhairt ar oifig chláraithe na cuideachta le scrúdú a dhéanamh ar chlár agus doiciméid áirithe nó le doiciméid a sheachadadh de lámh.

Ní mór suíomh fisiceach a bheith i gceist, agus ní uimhir bhosca oifig phoist amháin, toisc go bhfuil sé de cheart ag daoine cuairt a thabhairt ar oifig chláraithe na cuideachta le scrúdú a dhéanamh ar chlár agus doiciméid áirithe nó le doiciméid a sheachadadh de lámh.

Caithfear seoladh poist iomlán sa Stát a thabhairt inar féidir leis an tseirbhís poist post a sheachadadh go réidh.

Ghníomhaire Oifigí Cláraithe (ROA)

Faoi alt 50(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfar oifig chláraithe cuideachta a chur faoi chúram gníomhaire a bhfuil oifig aige nó aici sa Stát agus atá údaraithe chuige sin ag Cláraitheoir na gCuideachtaí.

Cuideachtaí ar mian leo úsáid a bhaint as seoladh an ghníomhaire mar oifig chláraithe acu, ní mór dóibh toiliú le ceapachán an ghníomhaire mar GOC dá gcuid trí ainm, uimhir agus seoladh an ghníomhaire chláraithe a chur san áireamh ar an bhFoirm B2 (athrú ar oifig chláraithe) nó ar fhoirm A1 (doiciméad um chorprú) nó ar choibhéis fhoirm A1 (foirmeacha SE nó foirm Q).

Ní mór tabhairt faoi deara aon doiciméad a seoladh sa phost ná a fágadh ag áit a bhfuil taifead ag CRO mar shuíomh oifig chláraithe na cuideachta, meastar de réir dlí gur fágadh ag oifige chláraithe na cuideachta nó gur seoladh chuici in ainneoin gur féidir go bhfuil athrú tagtha ar shuíomh a hoifig cláraithe.

Seoltaí cláraithe

Ní mór fógart don CRO murab ionann an seoladh a choimeádtar clár na gcomhaltaí, clár na sealbhóirí bintiúr, clár na stiúrthóirí agus rúnaí, nó conarthaí seirbhíse/ meabhrán na stiúrthóirí agus (a) seoladh na hoifige cláraithe, nó (b) go mbíonn an seoladh á athrú ó sheoladh eile chuig an seoladh cláraithe, nó (c) go mbíonn an seoladh á athrú ó sheoladh amháin go seoladh eile nach an seoladh cláraithe é.

- Na cóipeanna a choimeádtar de chonarthaí seirbhíse an stiúrthóra a athrú
Fógra faoi na cóipeanna a choimeádtar de chonarthaí seirbhíse an stiúrthóra [alt 216 den Acht 2014] N.B. ní bhíonn sé seo riachtanach nuair a choimeádtar an clár ag oifig chláraithe Tráth

nach déanaí ná 14 lá ón athrú táillí doiciméad - Cóip Pháipéir €15 Cóip Leictreonach Saor

Féadann comhaltaí na cuideachta, oifigigh na cuideachta agus an pobal i gcoitinne scrúdú a dhéanamh ar na taifid seo a leanas:

- Clár na gcomhaltaí
Ní mór clár na gcomhaltaí a choimeád laistigh den Stát ag oifig chláraithe na cuideachta, nó ag aon oifig eile de chuid na cuideachta ina ndéantar an obair cláraithe, nó má shocraíonn an chuideachta le duine eile chun an clár a dhéanamh thar cheann na cuideachta sin ag an duine sin, ag oifig ina ndéanann an duine sin an obair.
- Clár na sealbhóirí bintiúir
Ní mór clár na mball sin a choimeád ag oifig chláraithe na cuideachta, nó ag aon oifig eile de chuid na cuideachta ina ndéantar an obair cláraithe, nó má shocraíonn an chuideachta le duine eile chun an clár a dhéanamh thar cheann na cuideachta sin ag an duine sin, ag oifig ina ndéanann an duine sin an obair.
- Clár na stiúrthóirí agus na rúnaithe
Éilítear ar an gclár seo a choimeád san oifig céanna ina bhfuil clár na gcomhaltaí. Cóipeanna conarthaí seirbhíse/meabhrán na stiúrthóirí. Ní mór cóipeanna a choimeád ag an oifig chláraithe, nó ag áit a gcoimeádtar clár na gcomhaltaí mura oifig chláraithe í, nó ag príomháit ghnó na cuideachta. Féadann comhaltaí na cuideachta scrúdú a dhéanamh ar na taifid seo.

Foirm B1

Ní mór do gach cuideachta, a bhíonn ag trádáil nó nach mbíonn, tuairisceán bliantúil a chomhdú gach bliain leis an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá i ndiaidh dháta reachtúil an tuairisceáin bhliantúil (DTB). Is féidir DTB na gcuideachtaí a sheiceáil saor in aisce ar láithreán gréasáin an CRO ag <http://search.cro.ie/company>

Ní mór do stiúrthóir cuideachta a chinntiú go ndéantar tuairisceán bliantúil thar cheann na cuideachta a sheachadadh chuig an CRO uair amháin sa bhliain ar a laghad. Doiciméad is ea an tuairisceán bliantúil (Foirm B1) ina leagtar faisnéis fhorordaithe áirithe amach i leith na cuideachta. Ní mór an doiciméad seo a chomhdú leis an CRO gach bliain, cibé an mbíonn an cuideachta ag trádáil nó nach mbíonn.

DTB

Cuirtear de cheangal ar chuideachta a tuairisceán bliantúil a chur le chéile roimh DTB na cuideachta agus é a chomhdú leis an CRO tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta ar cuireadh le chéile é.

Is é an DTB a bhíonn ag cuideachta nua ná sé mhí ó dháta ionchorpraithe na cuideachta. Ní mór an chéad tuairisceán bliantúil a chur le chéile roimh an DTB seo.

Cuntais

Éilítear ar chuideachtaí leabhair chuntas a choinníoll a thugann cuntas fíor ceart ar chúrsaí airgid na cuideachta. Éilítear ar chuideachtaí sonra í a gcuntas a nochtadh ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) agus cóip de na cuntais sin a cheangal leis an tuairisceán bliantúil agus a chomhdú leis an CRO. Ina theannta sin, éilítear orthu caighdeáin ar leith a chomhlíonadh le cuntais a ullmhú, ag leanúint le formáidí samplacha agus a nochtadh faisnéise ar leith trí nótaí leis na cuntais.

Éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 ar stiúrthóirí gach cuideachta na cuntais agus tuarascálacha a leagan faoi bhráid chomhaltaí na cuideachta ag an CGB:

- cuntas sochair agus dochair (nó cuntas ioncaim agus caiteachais mura bhfuil an chuideachta ag trádáil le haghaidh brabúis)
- clár comhardaithe
- tuarascáil ó na stiúrthóirí
- tuarascáil ón iniúchóir

Ní mór do bheirt stiúrthóir cuntais bhliantúla agus tuarascáil ón stiúrthóir a shíniú thar cheann na stiúrthóirí.

Éilítear go gcuirfead na doiciméid thuasluaite i gceangal le tuairisceán bliantúil na cuideachta teoranta ar sheachadadh dóibh don CRO (alt 347 d'Acht na Cuideachta 2014). Tá díolúintí ar leith ag

Cuideachtaí Beaga agus Meánmhéide). Ina theannta sin, ní mór deimhniú a chur leis, é sínithe ag stiúrtóir agus an rúnaí arson, a dheimhníonn gur cóipeanna dílse na gcuntas agus tuarascálacha iad siúd a leagadh faoi bhráid nó atá le leagan faoi bhráid CGB na cuideachta.

Má theipeann ar chuideachta ceanglais alt 347 den Acht 2014 a chomhlíonadh, diúltóidh an CRO an tuairisceán bliantúil. Ina theannta sin, fágfar an chuideachta gach oifigeach na cuideachta atá i mainneachtain faoi dhliteanas fíneála nach mó ná €5,000.

Ní éilítear cuntais a chur i gceangal leis an gcéad tuairisceán bliantúil a sheachadann cuideachta iarchorpraithe. Éilítear an tuairisceán sin a dhéanamh suas le dáta atá sé mhí i ndiaidh dháta corpraithe na cuideachta. Éilítear cuntais a chur i gceangal le gach tuairisceán bliantúil ina dhiaidh sin a chomhdaíonn cuideachta, ach amháin gur Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta í.

Ullmhaíonn cuideachtaí poiblí teoranta (Cúid 17) agus cuideachtaí príobháideacha teoranta cuntais bhliantúla de réir Cúid 6 Acht na gCuideachtaí 2014. Thug an tAcht sin isteach chun dlíthe Ceathrú Treoir an CE ar chuntais bhliantúla cuideachtaí go ginearálta.

Éilítear ar chuideachtaí poiblí teoranta agus cuideachtaí príobháideacha teoranta cuntais bhliantúla a ullmhú agus a chomhdú de réir Cúid 6/17 Acht na gCuideachtaí 2014

Tosaíonn Chuid 6 Acht na gCuideachtaí, maidir blaintúla airgeadais tréimshe tar éis 1 Meitheamh 2015.

- alt 167: coiste iniúchóireachta
- alt 225: Ráiteas comhlíontachta
- alt 305(1)(b): Nochtadh scaireanna rogha
- alt 306(1): Íocaíochtaí daoine shealbháochta
- alt 326(1)(a): Ainmneacha stiúrtóirí
- alt 330: Tuarascáil na stiúrtóirí: ráiteas ar fhaisnéis iniúchóireachta iomchuí.

Sonraítear in alt 347(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014 go gclúdófar i ngach doiciméad atá i gceangal le tuairisceán bliantúil an tréimhse ó dheireadh na tréimhse a chlúdaítear leis na ráitis airgeadais atá i gceangal leis an tuairisceán bliantúil roimhe sin agus go ndéanfar iad chuig dáta nach mó ná 9 mí roimh an dáta a bhfuil an tuairisceán déanta chuige.

Fágann sé sin nach mór gach tacar ráitis airgeadais a thosú ar an gcéad lá tar éis na tréimhse a chlúdaítear leis an tacar deireanach ráitis airgeadais a comhdaíodh leis an CRO.

Ceanglóidh an CRO ar chuideachtaí tacar ar leith ráitis airgeadais a chomhdú i dteannta gach tuairisceáin bhliantúil.

Foirm B83

Faoi alt 288(4), féadfaidh cuideachta a deireadh bliana airgeadais a athrú uair amháin gach 5 bliana ach Foirm B83 a chomhdú leis an CRO, faoi réir an bhliain airgeadais nua gan a bheith níos mó ná 18 mí. Níl feidhm ag an riail 5 bliana maidir le cásanna ina bhfuil an chuideachta ina fochuideachta nó ina cuideachta shealbháochta de chuid gnóthas eile LEE.

Cuideachtaí teoranta:

Éilítear ar chuideachtaí poiblí teoranta agus cuideachtaí príobháideacha teoranta cuntais bhliantúla a ullmhú agus a chomhdú de réir Cúid 6 Acht na gCuideachtaí 2014. Thug an tAcht sin isteach chun dlíthe Ceathrú Treoir an CE ar chuntais bhliantúla cuideachtaí go ginearálta.

Bainc agus institiúidí airgeadais:

Ní mór cuntais bhliantúil agus cuntais chomhdhlúite na mbanc nó na n-institiúidí airgeadais eile a ullmhú de réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2015 (I.R. 266 de 2015).

3.1.4 POINTÍ TEAGMHÁLA - CEATHARLACH

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Matthew McDonagh	Bainisteoir rannóige	059-917 8821	matthew.mcdonagh@dbei.gov.ie

3.2 OIFIG PHOIBLÍ

3.2.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Tá sé mar ról ag an Oifig Phoiblí seirbhís túslíne a sholáthar do dhaoine a bhíonn ag glooch ar an OCC.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Caludine Forrest Cláraitheoir Cúnta
Gavin Regan Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
1 Oifigeach Feidhmiúcháin 5 Oifigh Chléireachais

3.2.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Is iad na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn an Oifig Phoiblí ná:

- éascú bhailiú agus sheoladh na ndoiciméad;
- próiseáil orduithe le haghaidh asphriontaí comhlachta agus na ndoiciméad a bhíonn
- scanta go leictreonach;
- éascú cigireachta ar chomhaid pháipéir na gcomhlachtaí a corpraíodh roimh ríomhairiú;
- soláthar eolais ghinearálta;
- próiseáil iarratas, go pearsanta nó tríd an bpost, ar theastais dhúbhlacha corpraithe le
- haghaidh comhlachta nó clárú ainm gnó.

Faigheann agus taifeadann an Oifig fáil doiciméad i mbunachar sonraí an OCC; taifeadann agus eisíonn sí admhálacha le haghaidh fócaíochtaí a fhaightear; lóisteálann sí airgead a fhaightear chuig an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta trí Bhanc Ceannais na hÉireann.

3.2.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Is gá do chustaiméirí na táillí forordaithe atá inmhuirir ar dhoiciméid a iarrtar nó ar sheirbhísí a sholáthraítear a íoc (féach Aguisín 1 chun eolas a fháil faoi tháillí an OCC).

Tá sé mar aidhm ag an Oifig Phoiblí a chinntiú go mbíonn teacht ag custaiméirí ar íomhánna scanta agus ar asphriontaí taobh istigh de 15 nóiméad agus ar chomhaid pháipéir atá níos sine taobh istigh de 30 nóiméad.

Tugtar sracfhéachaint ar gach doiciméad ag an Oifig Lóisteála. Má tá sonraí amhail táillí agus dátaí éifeachtacha in easnamh nó mícheart nó, i gcás an tuairisceáin bhliantúil, mura gcloíonn an dáta a bhfuil sé déanta suas chuige le riachtanas Dháta an Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) nó má tá na cuntais atá i gceangal le tuairisceán bliantúil róshean, seolfar na doiciméid ar ais chuig an tabharthóir. Má tá pionós déanaí i gceist, ba chóir na doiciméid a sheoladh ar ais chugainn taobh istigh de 14 lá chun tabhú pionóis bhreise a sheachaint.

Déantar monatóireacht leanúnach ar scuainí an chuntair le cinntiú go ndéantar freastal ar chliaint chomh tapa agus is féidir.

3.2.4 POINTÍ TEAGMHÁLA

AIMN	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Gavin Regan	Bainisteoir rannóige	01 804 5311	Gavin.regan@dbei.gov.ie

3.3 EOLAS

3.3.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Tá sé mar ról ag an Aonad Eolais seirbhís saineolais a sholáthar don phobal.

Is é struchtúr an aonaid ná:

Claudine Forrest Cláraitheoir Cúnta
Gavin Regan Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
1 Oifigeach Feidhmiúcháin 8 Oifigigh Chléireachais

3.3.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Soláthraíonn an tAonad Eolais seirbhís túslíne do chustaiméirí a théann i dteagmháil leis an Oifig ar an nguthán, trí fhacs, tríd an bpost agus trí ríomhphost agus eagraíonn sé rannpháirtíocht an OCC ag taispeántais agus seimineáir.

3.3.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Nuair a bhíonn na línte gutháin gnóthach nó nuair a dhéantar glaonna taobh amuigh d'uaireanta oifige, is féidir teachtaireachtaí a fhágáil ar chóras glórphoist na hoifige. Tugtar cuireadh do chliant dul i dteagmháil leis an oifig trí ríomhphost chomh maith ag info@cro.ie. Bíonn eolas a sholáthraítear do chliant faoi réir Acht na gCuideachtaí 2014.

3.3.4 AICMÍ TAIFEAD Á GCOINNEÁIL

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Tús Eolais ar an Aonad Eolais, An Córas Gutháin, Riarachán, Fiosrúcháin scríofa ón bpobal
Laethanta Taispeántais/Oscailte, Ciorcláin Ghinearálta Foirne

3.3.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Gavin Regan	Bainisteoir rannóige	01 804 5311	gavin.regan@dbei.gov.ie

3.4 COMHLACHTAÍ NUA

3.4.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Tá sé mar ról ag Rannóg na gComhlachtaí Nua iarratais a phróiseáil chun comhlachtaí nua a chorprú, ainm comhlachta a athrú agus cineál comhlachta a athchlárú; iarratais a phróiseáil chun “CTR nó CGA” a dhíolmhú ó ainm comhlachta; iarratais a phróiseáil ionas go mbeidh comhlacht poiblí teoranta in ann tosú ag trádáil; measúnú a dhéanamh ar ghearáin a dhéantar taobh istigh de shé mhí ón dáta corpraithe comhlachta go bhfuil ainm comhlachta róchosúil le hainm comhlachta eile atá cláraithe cheana.

Is é struchtúr na rannóige ná:

	Dermot Madden Príomh-Oifigeach Cúnta	
	Pat Daly Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin	
Gnáthscéim Corpraithe	Fé Phrainn/Scéimeanna Dioscaí an OCC	Athrú Ainm, Athchlárú, GCUI (UCITS)
1 Oifigeach Feidhmiúcháin	4 Oifigeach Feidhmiúcháin	1 Oifigeach Feidhmiúcháin
	2 Oifigigh Chléireachais	

3.4.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá an rannóg freagrach as doiciméid a bheidh ar fáil go poiblí a sheiceáil, a chlárú agus a scanadh agus foinse eolas comhlachtaí atá éifeachtach, éifeachtúil agus ar féidir teacht air go héasca a sholáthar do chliaint dá réir.

3.4.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Faoi s898, sa chás nach gcomhlíonann doiciméad a seachadadh chuig an CRO Acht na gCuideachtaí 1990 (Foirm agus Ábhar Doiciméad arna Seachadadh chuig an gCláraitheoir), Rialacháin 2002 nó aon riachtanas eile d'Acht na gCuideachtaí, nó aon riachtanais forchurtha ag nó faoi reachtaíocht ar bith eile a bhaineann le líonadh an doiciméid agus a sheachadadh chuig an CRO, is féidir go mbeidh an doiciméad sin diúltaithe ag an CRO trí fhógra a sheirbheáil ar an duine a chuir isteach é, ag léiriú na ngnéithe sa doiciméad nach bhfuil comhlíontach. Mura seachadtar doiciméad athsholáthair a chomhlíonann na ceist(eanna) sainaitheanta san fhógra chuig an CRO taobh istigh de 14 lá, glactar leis nár seachadadh an doiciméad bunaigh chuig an CRO.

Clárú Cuideachta

Chun cuideachta a chlárú cuir na doiciméid seo a leanas isteach, in éineacht leis an táille chlárúcháin chuig an CRO: Bunreacht na gcuideachta agus an Fhoirm A1. Is féidir ainm cuideachta a cur in áirithe freisin i CORE ar líne.

Iarrthóir cuideachta

Is féidir le comhlacht corparáideach gníomhú mar rúnaí do chuideachta eile, ach ní dó féin. Tá réimse leathan freagrachtaí dlíthiúla ag oifigigh go léir na cuideachta.

Ní mór do stiúrthóir amháin ar a laghad a bheith ina c(h)ónaí i mballstát Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Ní bhaineann an ceanglas seo le haon chuideachta, áfach, ag a bhfuil banna i bhfeidhm aici ar luach €25,000 san fhoirm atá leagtha.

Cuirtear - ní féidir le duine bheith ina stiúrthóir ar bhreis is 25 chuideachta ag am áirithe.

Féach Bileoga Faisnéise 16 - Rúnaí Na Cuideachta, 17 -Ceanglas chun stiúrthóir a chónaíonn in LEE a bheith ag cuideachta agus ODCE's Bileog Faisnéise 2, Stiúrthóir na Cuideachta.

AINM A ATHRÚ

Ní mór rúin speisialta le haghaidh ainm a athrú a chló nó a chlóscriobh agus an dáta a chur leo agus ní mór an t-ainm céanna a bheith ar an deimhniú ionchorpraithe is atá ar an gcuideachta. Ní chóir rún ar bith eile a lua ar an bhfoirm seo. Ní mór cóip den mheabhrán agus de na hairteagail chomhlachais athcheartaithe, a thaispeánann ainm nua na cuideachta, a chur isteach in éineacht leis an rún agus le Foirm G1Q. Is féidir Foirm G1Q a chomhlánú ar líne ag www.core.ie agus táille €50 a íoc ina leith seachas táille €100 a íoc i leith iarratais pháipéir. Féach Bileog Faisnéise Uimh. 8, "Athrú ar Ainm Cuideachta

Moltar d'iarrthóirí scrúdú a dhéanamh ar chlár na gcuideachtaí le fáil amach an bhfuil an t-ainm atá molta acu cosúil le hainm atá cláraithe cheana. Féach Bileog Faisnéise Uimh. 8, "Athrú ar Ainm Cuideachta. Má bhíonn an chuideachta liostaithe mar chuideachta scriosta nó cuideachta a d'ionchúisigh an CRO, toisc gur theip uirthi a tuairisceáin a chomhdú, ní thabharfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí cead di a hainm a athrú sula dtiocfaidh deireadh leis an bpróiseas forfheidhmithe agus sula ndéanfar na tuairisceáin ar fad a chomhdú.

Féach Bileoga Faisnéise 8 - Athrú Ar Ainm Cuideachta.

Is é an caighdeán seirbhíse do chustaiméirí le haghaidh phróiseáil na ndoiciméad a chomhlánaítear i gceart ná deich lá oibre.

CINEÁL ATHRAITHE CUMANN GO CUIDEACHTA

Ní mór iarratas a chur isteach do Chláraitheoir na gCara-Chumann ag léiriú gur mian leis an aonán tiontú ó chumann go cuideachta. Nuair a fhaomhann Cláraitheoir na gCara-Chumann an t-iarratas, ní mór cóip den bhunreacht na cuideachta mar aon le Foirm A1 comhlánaithe a chur isteach don CRO mar aon leis an táille chomhdaithe chuí.

Cead do chomhlacht teoranta poiblí tosú ag trádáil

Ní chóir do chuideachta phoiblí teoranta tosú ar ghnó nó cumhachtaí iasachtaíochta a fheidhmiú gan deimhniú a fháil ón CRO a chuireann an chuideachta i dteideal tosú ar ghnó. Le deimhniú den sórt sin a fháil, ní mór don chuideachta Foirm A4 a chur isteach a dheimhníonn go bhfuil scairchaipiteal leithroinnte €25000 aici ar a laghad.

Is é an caighdeán seirbhíse do chustaiméirí le haghaidh phróiseáil na ndoiciméad a chomhlánaítear i gceart ná deich lá oibre.

Nós imeachta achomhairc in aghaidh ainm comhlachta

Má bhíonn an t-ainm atá roghnaithe agat ró-chosúil le hainm cuideachta eile, agus má ghlacann an CRO leis le haghaidh cláraithe, trí neamhaire nó a mhalairt, d'fhéadfadh agóid scríofa a bheith curtha isteach de bharr cosúlachta chuig Clár na gCuideachtaí tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis do chuideachta a ionchorprú agus d'fhéadfadh a bheith ort ainm do chuideachta a athrú ar ordú ón gCláraitheoir. Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a bhfuil ainmneacha ró-chosúil lena chéile nó nach bhfuil, féachfaidh an Cláraitheoir ar na tosca ábhartha ar fad a thugann le tuiscint go bhfuil na hainmneacha ar an dá chuideachta cosúil lena chéile agus go gcuirtear iad trína chéile.

Má thugann an Cláraitheoir ordú do chuideachta, de bhun alt 30(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014, a hainm a athrú, ní mór di é seo a dhéanamh tráth nach déanaí ná sé sheachtain ón dáta a thugann an Cláraitheoir an t-ordú nó tréimhse níos faide a shocraíonn an Cláraitheoir. Is féidir cuideachta a ionchúiseamh má theipeann uirthi cloí leis an ordú.

Tá cumhacht stiúrthóra chun treoir a eisiúint do chomhlacht faoi theorainn dhian ama. Má tá tréimhse sé mhí caite ó dháta corpraithe an chomhlachta a ndéantar gearán ina aghaidh, níl aon chumhacht ag an gcláraitheoir treoir a eisiúint de bhun alt 30(3). Níl aon tionchar ag an méid roimhe seo, ámh, ar

éileamh a bheadh ag comhlacht ar thríú páirtí as “bréagthairiscint”.

3.4.4 AICMÍ TAIFEAD Á GCOINNEÁIL:

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Riarachán
Freastal ar an gCóras Polaitiúil

3.4.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Pat Daly	Bainisteoir rannóige	01 804 5277	pat.daly@dbei.gov.ie
Christy Donegan	Fé Phráinn agus Scéimeanna Dioscaí an OCC	01 804 5384	christy.donegan@dbei.gov.ie
Eileen Geoghegan	Athchlárú, athrú ainm agus GCUÍ (UCITS)	01 804 5388	eileen.geoghegan@dbei.gov.ie
Andrea Bailey	Gnáthscéim	01 804 5479	andrea.bailey@dbei.gov.ie

3.5 AONAD IAR-CHORPRAITHE A

3.5.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Is é ról Aonad Iar-Chorpraithe A ná próiseáil a dhéanamh ar mhóramh na ndoiciméad iar-chorpraithe.

Is é struchtúr an aonaid ná:

Dermot Madden
Príomh-Oifigeach Cúnta

Suzanne Flood
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

1 Oifigeach Feidhmiúcháin

6 Oifigeach Cléireachais

3.5.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá an t-aonad freagrach as scanadh agus clárú doiciméid iar-chorpraithe amhail tuairisceáin agus cuntais bhliantúla, athruithe ar sheoladh oifige cláraithe, athruithe stiúrthóra nó rúnaí nó ar a sonraí, leithroinnt scaireanna, agus fógraí ó agus maidir le hiniúcháirí. Tá sé mar aidhm ag an Aonad foinsé eolas comhlachtaí atá éifeachtach, éifeachtúil agus ar féidir teacht air go héasca a sholáthar do chustaiméirí.

3.5.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Próiseáil doiciméad

Déanann Aonad Iar-Chorpraithe A scanadh agus clárú ar dhoiciméid. Cláraítear doiciméid a thugann fógra faoi athrú dáta tuairisceáin bhliantúil (DTB), athrú ar sheoladh oifige cláraithe agus ar shonraí maidir le stiúrthóirí/rúnaithe ar dtús, chomh fada agus is féidir i bhfíor-am. Déantar scanadh orthu ansin le haghaidh an taifid phoiblí. Déantar scanadh ar gach doiciméad eile i bhfíor-am agus cláraítear ina dhiaidh sin iad.

Cúlra

Cuireann Acht na gCuideachtaí 2014 roinnt ceanglas ar chomhlachtaí tuairisceáin a dhéanamh chuig an OCC taobh istigh de theorainneacha ama sainithe.

Tá cur síos thíos ar phríomhriachtanais iar-chorpraithe comhlachtaí agus riachtanais i leith sheoladh isteach na dtuairisceán reachtúil is coitianta thíos.

RIACHTANAS TAR ÉIS CORPRÚ COMHLACHTA

Cláir

Cruinniú Ginearálta Bliantúil

Is gá do gach comhlacht cruinniú ginearálta a thionól mar Chruinniú Ginearálta Bliantúil (CGB) gach bliain. Is gá dó seo a bheith in éineacht le cruinniú ar bith eile a bhíonn ar siúl i rith na bliana sin. Is gá don chruinniú a bheith luaite amhlaidh san fhógra lena ngairtear é. Níor chóir go mbeadh tréimhse níos faide ná 15 mhí idir dáta CGB amháin agus an chéad cheann eile.

Ba chóir do chomhlachtaí a thabhairt faoi deara nach féidir leo leas a bhaint as an rogha 15 mhí i gcónaí. Má tá a CGB á ghairm ag comhlacht áirithe i nDeireadh Fómhair i mbliain áirithe, is gá dó a CGB a chur ar siúl don bhliain dar gcionn faoi 31 Nollaig ar a dhéanaí, chun a dhualgais i leith CGB

a thionól i ngach aon bhliain a chomhlíonadh. Sa chás seo, ní bheadh ach 14 mhí idir na CGBanna.

Chomh fada is a thionólann comhlacht a chéad CGB taobh istigh de 18 mí ó corpraíodh é, ní gá dó é a thionól i mbliain a chorpraithe ná sa bhliain dar gcionn.

Ainm comhlachta

Cuirtear de cheangal ar gach cuideachta a hainm a phéinteáil nó a ghreamú, agus é a choimeád mar seo, ar taobh amuigh na hoifige nó na háite ina mbíonn gnó ar siúl aici. Ní mór an t-ainm a thaispeáint in áit fheiceálach agus litreacha atá éasca a léamh a úsáid.

Ní mór ainm na cuideachta a thaispeáint i gcarachtair inléite ar na fógraí agus na doiciméid oifigiúla eile foilsithe ag an gcuideachta agus ar na billí malairte, nótaí gealltanais, formhuinthe, seiceanna agus orduithe go léir sínithe ag an gcuideachta nó thar a ceann agus ar na sonraisc, fáltais agus litreacha creidmheasa go léir de chuid na cuideachta.

D'fhéadfaí fíneáil a ghearradh ar an gcomhlacht agus ar aon oifigeach a sháródh an méid réamhluaite. Má eisíonn nó má údaraíonn oifigeach comhlachta eisiúint aon litir ghnó de chuid an chomhlachta nó má shíníonn sé/sí seic nó ordú earraí agus mura bhfuil ainm an chomhlachta luaite i gcarachtair inléite, dlítear fíneáil a chur ar an oifigeach sin agus bheadh sé/sí faoi dhliteanas pearsanta, ach amháin má íocann an comhlacht an méid atá dlite mar thoradh ar an seic nó an ordú earraí.

Ní mór na sonraí breise seo a leanas a thaispeáint ar litreacha. Ní mór iad a thaispeáint freisin ar na foirmeacha ordaithe a bhíonn ag cuideachtaí teoranta ó thaobh fiachais de, cibé an mbíonn siad i bhfoirm pháipéir nó meán eile ar bith (ríomhphost nó faics):

1. foirm dhlíthiúil na cuideachta
2. áit chlárúcháin m.sh. Cláraithe i mBaile Átha Cliath, Éire agus a huimhir chlárúcháin i.e. de réir Dheimhniú Ionchorpraithe na cuideachta.
3. seoladh na hoifige cláraithe (nuair a thaispeántar é seo ar an doiciméad cheana, ní mór a léiriú gurb í seo an oifig chláraithe)
4. i gcás cuideachta atá eisiata ón dualgas «CPTR» nó «CGA» a úsáid ina hainm, ní mór a léiriú gur cuideachta teoranta í
5. i gcás cuideachta atá á fhoirceannadh, ní mór é seo a lua
6. nuair a dhéantar scairchaipiteal cuideachta a lua ar chinn litreach nó foirmeacha ordaithe na cuideachta, is é an scairchaipiteal íoctha ar gá a thaispeáint
7. Ní mór na sonraí seo a thaispeáint ar litreacha gnó agus foirmeacha ordaithe - ní gá iad a thaispeáint ar nótaí seachadta nó sonraisc.

Leathanach Greasáin

Ní mór do gach cuideachta teoranta ó thaobh fiachais de, ag a bhfuil láithreán gréasáin aici, na sonraí seo a leanas a thaispeáint go soiléir nó a aithint ar an leathanach baile:

1. ainm agus foirm dhlíthiúil na cuideachta
2. áit chlárúcháin na cuideachta agus a huimhir chlárúcháin
3. seoladh oifig cláraithe na cuideachta
4. i gcás cuideachta atá eisiata ón dualgas «CPTR» nó «CGA» a úsáid ina hainm, ní mór a léiriú gur cuideachta teoranta í
5. i gcás cuideachta atá á fhoirceannadh, ní mór é seo a lua
6. nuair a dhéantar scairchaipiteal na cuideachta a lua ar a láithreán gréasáin, is é an scairchaipiteal íoctha ar gá a thaispeáint

Séala

Is gá go mbeadh a ainm greanta i gcarachtair inléite ar a shéala ag gach comhlacht. Is minic go mbíonn rúnaí an chomhlachta freagrach as cumhdach shéala an chomhlachta.

Tuairisceáin reachtúla

ATHRÚ STIÚRTHÓRA/RÚNAÍ NÓ SONRAÍ (FOIRM B10, B69)

Comhdaíonn comhlacht Foirm B10 chun fógra a thabhairt faoi cheapachán oifigigh tar éis an chorpraithe, scor ceapachán oifigigh (éirí as, bás, baint, srl.) agus chun an OCC a chur ar an eolas faoi athrú ar shonraí maidir le hoifigeach m.sh. athrú ainm nó seoladh cónaithe nua. Is gá Foirm B10 a sheoladh chuig an OCC taobh istigh de 14 lá ó tharlú an athraithe (alt 149 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Is ionann teip i leith Foirm B10 a chomhdú agus cion. Is é an líon íosta stiúrthóirí atá de dhíth ar chomhlacht ná beirt. Má tá an chuideachta phríombháideach faoi theorainn scaireanna (cuideachta Teo) tá cead aici gan ach aon stiúrthóir amháin a bheith aici, más inmhianaithe é sin. Ar an gcaoi chéanna, nuair a chuirtear in iúl don OCC ar Fhoirm B10 gur scoireadh ceapachán rúnaí, is gá rúnaí ionadaíochta a lua ar an bhfoirm agus aird ar an riachtanas reachtúil atá ar gach comhlacht rúnaí a bheith aige.

Má theipeann ar chuideachta Foirm B10 a thaisceadh i leith duine nach bhfuil ina stiúrthóir/rúnaí ar an gcuideachta sin a thuilleadh, tá nós imeachta ann ar féidir leis an iar-stiúrthóir/rúnaí a fhógairt don CRO gur éirigh sé/sí as an oifig, ag baint úsáide as Foirm B69.

Nuair a fhaigheann duine bás, a bhí ina rúnaí cuideachta, is féidir é seo a chur in iúl don CRO ag úsáid Foirme B10. Ní mór cóip oifigiúil den deimhniú báis a chur i gceangal leis an bhfoirm seo. Ní féidir Foirm B69 a chomhdú ach amháin i gcás gur theip ar an gcuideachta n B10 a chomhdú. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil an príomhdhualgas maidir le fógra a thabhairt faoi athruithe ar rúnaí/stiúrthóirí ar an gcomhlacht, dream a bhfuil dualgas orthu Foirm B10 a sholáthar;

Bíodh a fhios agat nach í an fhoirm B69 an doiciméad le comhlánú chun stiúrthóir/rúnaí a éirí as oifig.

Ní mór Foirm B10 a chur isteach. Is féidir foirm B10 a chomhdú ar líne ag baint úsáide as CORE

Níl foirm B69 le húsáid ach amháin i gcás gur theip ar an gcuideachta foirm B10 a chomhdú. Féach Bileog Faisnéise Uimh. 18, Nósanna Imeachta maidir le fógra éirí as oifig ag stiúrthóir/rúnaí. Is féidir foirm B69 a chomhlánú ar líne ag baint úsáide as CORE

Má éiríonn stiúrthóir atá ina c(h)ónaí sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) as a bheith ina stiúrthóir agus mura bhfuil aon stiúrthóir eile ann atá ina c(h)ónaí i mBallstát éigin ar feadh a (h)eolais, is gá don duine sin an OCC a chur ar an eolas i scríbhinn (gan foirm) faoin gcás sin taobh istigh de 14 lá ón scor.

Nuair a chuirtear in iúl go gcuirtear deireadh le stiúrthóireacht agus nach mbeadh stiúrthóir ag an gcuideachta atá ina c(h)ónaí in Éirinn mar gheall ar an athrú seo, ní mór Banna a chur isteach le Foirm B10, a úsáidtear leis an athrú seo a chur in iúl don CRO, ach amháin nuair a bhíonn deimhniú alt 140 i bhfeidhm maidir leis an gcuideachta. (Deimhniú is ea é seo go bhfuil nasc fíor agus leanúnach idir an chuideachta agus gníomhaíocht eacnamaíoch nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhíonn ar siúl sa Stát; cuirtear iarratas isteach ar an deimhniú seo ag úsáid Foirme B67). Féach Bileog 17.

3.5.4 AICMÍ TAIFEAD ATÁ Á GCOINNEÁIL

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Cúrsaí Foirne, Comhfhreagras, Reachtaíocht, Staidreamh, Iniúcháirí, Riarachán

3.5.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Suzanne Flood	Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin	01 804 5370	suzanne.flood@dbei.gov.ie

3.6 MÓRGÁISTÍ/MUIRIR

3.6.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Tá sé mar ról ag Rannóg na Morgáistí/Muirear clár cruinn agus cothrom le dáta a choinneáil ar mhuirir.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Paul McHenry Príomh-Oifigeach Cúnta
Aoife King Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
4 Oifigeach Feidhmiúcháin
1 Oifigeach Cléireachais

3.6.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá an rannóg freagrach as a chinntiú go gcláraítear sonraí morgáistí agus muirear, lena n-áirítear sásamh a leithéid de mhorgáistí agus de mhuirir, go gcláraítear iad chomh tapa agus is féidir agus i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

3.6.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Thainig Acht na gCuideachtaí 2014 (“an tAcht”) i bhfeidhm ar an 1 Meitheamh 2015. Tiocfaidh na próisis seo in ionad Achtanna na gCuideachtaí 1963-2013 agus níor cheart ach amháin na nósanna imeachta nua a leanúint. Tá athruithe déanta ar na nósanna imeachta maidir le clárú muirear agus clárú sásamh muirir.

Tá tagairt d’fhoirmeacha seo a leanas na hOifige um Chlárú Cuideachtaí sa bhileog seo.

- C1 Sonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe sa Stát
- C1a Fógra rúin maidir le sonraí a chlárú i leith muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe sa Stát. An chéad chéim de nós imeachta dhá chéim
- C1b Deimhniú um shonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe sa Stát. An dara céim de nós imeachta dhá chéim
- C3 Sonraí muirir a bhfuil maoin faighte faoina réir ag cuideachta atá corpraithe sa Stát
- C6 Sásamh muirir nó morgáiste breithiúnais
- C7 Sásamh páirteach muirir nó morgáiste breithiúnais
- C10 Sásamh páirteach muirir nó morgáiste breithiúnais
- C17 Athruithe ar shonraí an tsealbhóra muirir/iasachtóra i leith muirir
- F8 Sonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát
- F8a Fógra rúin maidir le sonraí a chlárú i leith muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát. An chéad chéim de nós imeachta dhá chéim.
- F8b Deimhniú i leith sonraí muirir arna chruthú ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát. An dara céim de nós imeachta dhá chéim
- F9 Sonraí muirir a bhfuil maoin ceannaithe faoina réir ag cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát

Cinnfear tosaíocht na muirear arna gcruthú ag cuideachta trí thagairt don dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir na sonraí forordaithe.

Dáta Fála: Is ionann tagairtí do dháta fála na sonraí forordaithe agus tagairtí dóibh seo a leanas – (a) más amhlaidh go gcomhlíontar an nós imeachta aon chéime amháin i ndáil le muirear ar leith, an dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir sonraí forordaithe an mhuirir, ar an bhfoirm fhorordaithe C1; nó (a) más amhlaidh go gcomhlíontar an nós imeachta dhá chéim i ndáil le muirear ar leith, an dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir an fógra, ar an bhfoirm fhorordaithe C1a agus ina mbeidh na sonraí forordaithe, i leith an mhuirir.

Ní dhéanfaidh sé sin difear d'aon chomhaontú idir daoine ar cruthaíodh muirir ina fhabhar i ndáil leis an tosaíocht a bheidh ag na muirir sin, mar atá eatarthu.

(c) Má mhainnítear an fhoirm C1b (Alt 409(4)(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014) a chomhdú, bainfead den chlár an fógra arna fháil faoi alt 409(4)(a) d'Acht na gCuideachtaí 2014, Foirm C1a. (Alt 409(5) d'Acht na gCuideachtaí, 2014).

Ní mór Foirmeacha C1, C1A agus C1B agus F8, F8A agus F8B a ríomhchomhdú anois le síniú ROS. Ní ann d'áis ar bith chun na foirmeacha sin a chomhdú de láimh.

Ní bheidh an fhoirm comhdaithe go dtí go mbeidh an síniú ROS deiridh curtha i bhfeidhm le deimhniú ROS. Bí ar an eolas maidir leis an tráthchlár reachtúil ina leith sin le do thoil. Ní mór an méid atá sna foirmeacha sin a sheiceáil go cúramach, óir diúltófar dóibh má bhíonn siad neamhiomlán nó mícheart.

Ní mór go mbeadh an deimhniú nó an fo-dheimhniú ROS in ainm an té a bhfuil an fhoirm á síniú aige nó aici.

Ní mór do bheirt ar leithligh é a shíniú, duine amháin thar ceann na cuideachta agus an duine eile thar ceann an tsealbhóra muirir. I ndáil leis sin, cinntigh le do thoil go gcuirfead iad beirt isteach san Fhoirm nó sna Foirmeacha i gcáil sínitheoirí. Tabhair faoi deara le do thoil nach mór an t-ainm iomlán a shonrú agus ní leagan giorraithe de (mar shampla, céadainm, iniseal nó sloinne).

Chun muirir a chomhdú faoi Acht na gCuideachtaí 2014:-

- Logáil isteach agus cláraigh ar www.core.ie
- Faigh deimhniú nó fo-dheimhniú ROS ó na Coimisinéirí Ioncaim
<https://www.cro.ie/Services/Registering-for-ROS>
féach www.ros.ie
- Téigh i dtaithí ar shuíomh gréasáin an CRO, ar na foirmeacha nua agus ar Bhileog Faisnéise Uimhir 27.

Riarann alt 409 Acht na gCuideachtaí 2014 clárú morgáistí agus muirear. Forálann Alt 409 nach mór sonraí forordaithe an mhuirir, agus iad fíoraithe sa tslí fhorordaithe, a sheachadadh do CRO, nó faighte ag CRO, laistigh de 21 lá tar éis dáta a bunaíodh an muirear. Ní féidir le CRO síniú ama a thabhairt le haghaidh cláraithe. De réir sin, ní féidir iarratas a fhaigheann an CRO lasmuigh den teorainn ama 21 lá a chlárú, nó i gcás ar rinneadh athruithe lasmuigh den teorainn ama sin, ar shonraí a cuireadh isteach laistigh den teorainn ama.

Mura gclóítear leis an teorainn ama 21 lá, is féidir iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt leis an sprioc-ama clárúcháin a shíniú.

Má tharlaíonn go dtugtar easnamh nó míráiteas ar mhuirear ar leith faoi deara i ndiaidh dó clárú, is féidir iarratas ar ordú a chur isteach don Chúirt leis na sonraí a cheartú.

Nuair a bheas an CRO sásta gur comhlíonadh na ceanglais reachtúla, déanfar muirear a eisiúint. Fianaise dhochloíte is ea an deimhniú gur comhlíonadh ceanglais d'Acht na gCuideachtaí. Táillí cro mar clárú doiciméad €40.

Is iad mar seo a leanas na foirmeacha forordaithe chun sonraí muirir a chur isteach:
I gcás cuideachta atá corpraithe sa Stát:

- eC1 - Morgáiste nó muirear cruthaithe ag cuideachta Éireannach
- eC1a - Clárú Morgáiste/Muirir arna chruthú ag cuideachta Éireannach - Céim 1 de nós imeachta dhá chéim
- eC1b - Clárú Morgáiste/Muirir arna chruthú ag cuideachta Éireannach - Céim 2 de nós imeachta dhá chéim
- C3 - Morgáistí breithiúnais srl. cruthaithe

Táillí cro mar clárú doiciméad €40. Níl aon táille mar foirm eC1b.

Cuideachtaí Seachtracha

I gcás cuideachta atá corpraithe lasmuigh den Stát agus a bhfuil áit ghnó nó bhrainse bunaithe sa Stát aice:

- eF8 - Sonraí ar mhuirear réadmhaoine sa Stát a chruthaíonn cuideachta a bhíonn ionchorpraithe lasmuigh den Stát
- eF9 - Sonraí ar mhuirear a bhaineann le réadmhaoín a bheith faighte sa Stát ag cuideachta eactrach

Ní mór Foirm F8/F9 ar leith a chomhlánú do gach muirear, a chruthaíonn cuideachta. Nuair a fhaigheann cuideachta réadmhaoín atá faoi réir muirir, ní mór sonraí an mhuirir a sheachadadh don CRO laistigh de 21 lá ag úsáid Foirme F9.

Morgáiste breithiúnais

Fórlann Alt 413 Acht na gCuideachtaí 2014, nuair a ghnóthófar breithiúnas in aghaidh cuideachta agus go ndéanfar ina dhiaidh sin den bhreithiúnas sin morgáiste breithiúnais a bhainfidh le haon mhaoín de chuid na cuideachta:

- cuirfidh an creidiúnaí breithiúnais faoi deara go ndéanfar 2 chóip (agus iad deimhnithe mar chóipeanna cearta ag Clárann na Talún nó ag Clárann na nGníomhas, cibé acu é) den mhionnscribhinn is gá chun go gclárófar an breithiúnas mar mhorgáiste a sheachadadh don chuideachta laistigh de 21 lá tar éis dáta an chláraithe sin; agus
- déanfaidh an chuideachta, laistigh de 3 lá tar éis na cóipeanna sin a fháil, ceann de na cóipeanna sin a sheachadadh (Foirm C10) don CRO lena clárú.

Dá bhrí sin, ní mór cóip den mhionnscribhinn, arna deimhniú, a sheachadadh don CRO laistigh de 24 lá tar éis an dáta chláraithe i gClárann na Talún/Clárann na nGníomhas. Níl aon cheanglas ann le foirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart do láithreoirí a n-ainm agus seoladh a léiriú ar chúl na mionnscribhinne. Táillí cro mar clárú doiciméad €40.

Morgáiste/muirear a shásamh

Is féidir morgáiste/muirear a shásamh go hiomlán (Foirm C6) nó go páirteach (Foirm C7). Ní mór cur síos iomlán a thabhairt ar an muirear á shásamh in éineacht leis an dáta sásaimh. Ní mór do stiúrthóir agus don rúnaí an dearbhú a chomhlánú (agus a seoltaí cónaithe a shonrú) agus é a mhionnú os comhair coimisinéara mionnaí nó aturnae cleachtaigh. Ní gá an ionstraim a chruthaíonn an muirear a chomhdú in éineacht leis an bhfoirm. Táillí cro mar clárú doiciméad €15.

Ní mór Foirm C6/C7 a úsáid le muirear aonair a shásamh/a shonrú. Agus muirear á shásamh i bpáirt, ní mór an réadmhaoín shonrach a shonrú, a scaoiltear í ón muirear. Nuair a fhaigheann an CRO ceachtar de na foirmeacha seo, fógraíonn CRO don duine (do na daoine) atá i dteideal an mhuirir go bhfuarthas meabhrán sásaimh le haghaidh cláraithe. Tá 21 lá ag an duine (na daoine) atá i dteideal an mhuirir chun agóid a chur isteach in aghaidh chlárú an mheabhráin shásaimh. Mura bhfaightear agóid, déanfar an sásamh a chlárú.

Is féidir leis an muirearaí Foirm C6 agus Foirm C7 a shíniú freisin. I gcásanna den sórt sin, ní gá aon fhógra a eisiúint faoi alt 416(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus clárófar an sásamh láithreach.

Ráiteas Bréagach

I gcás ina síneoidh duine Foirm C6 nó C7 agus a fhios aige nó aici go bhfuil sí bréagach, beidh an duine sin ciontach i gcion chatagóir 2. I gcás ina síneoidh duine an fhoirm agus nach gcreideann sé nó sí go macánta ar fhorais réasúnacha go raibh an ráiteas fíor, agus go measfaidh an chúirt go raibh déanamh an ráitis sin –

- ina chúis le neamhábaltacht na cuideachta a fiacha a íoc;
- ina bhonn le cosc nó bac ar fhoirceannadh ordúil na cuideachta; nó
- ina bhonn le héascú do chalaois a dhéanamh ar chreidiúnaithe na cuideachta, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ón leachtaitheoir nó ó scrúdaitheoir nó glacadóir ar mhaoín na cuideachta, nó ó aon chreidiúnaí nó ranníocóir de chuid na cuideachta, más cuí léi é sin a dhéanamh, an dearbhú seo a leanas a dhéanamh.

Is é sin an dearbhú go mbeidh an sínitheoir faoi dhliteanas go pearsanta, gan teorainn dliteanais, i leith fhiacha agus dliteanais eile iomlána na cuideachta nó pé chuid díobh a shonróidh an chúirt.

Athrú Iasachtóra

Ar chlár muirear CRO, déantar taifead ar "na daoine atá i dteideal an mhuirir" mar cheann de na nithe éigeantacha mar a shonraítear in Alt 414(1)(f) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Sa chás ina dtagann athrú ar shonraí an iasachtóra faoi muirear cláraithe le linn shaolré an mhuirir sin, is féidir go ndéanfaí leasú ar shonraí an duine (na ndaoine) atá i dteideal an mhuirir ar an gclár CRO ach Foirm C17 a chur isteach. Táille comhdaithe €15. Má mhainnítear fógra a thabhairt don CRO faoi aon athrú ar ainm/seoladh an tsealbhóra muirir (an té atá i dteideal an mhuirir), d'fheadfaí muirear a chlárú go mícheart mar cheann a rinneadh a lánsásamh, toisc go bhféadfaí an fógra a eisiúint chuig seoladh mícheart. Ní leagtar freagracht ar bith ar an CRO in imthosca den sórt sin.

3.6.4 AICMÍ TAIFEAD Á GCOINNEÁIL:

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Fasaigh
Morgáistí Breithiúnais
Comhad Slavenburg
Sásamh
Orduithe Cúirte
Comhfhreagras

3.6.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Aoife King	Bainisteoir rannóige	01 804 5216	aoife.king@dbei.gov.ie

3.7 SÓCMHAINNEACHT

3.7.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Is iad feidhmeanna na Rannóige Sócmhainneachta ná clárú gach doiciméid a chomhdaítear maidir le leachtú, glacadóireacht agus scrúdaitheoireacht; cothabháil clár stiúrthóirí srianta; cothabháil clár stiúrthóirí dícháilithe.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Paul McHenry Príomh-Oifigeach Cúnta
Anne Gibson Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
2 Oifigeach Feidhmiúcháin 3 Oifigigh Chléireachais

3.7.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá sé mar fhreagracht ar an rannóg doiciméid a sheiceáil, a chlárú agus a scanadh le bheith ar fáil go poiblí agus foinse eolas comhlachtaí atá éifeachtach, éifeachtúil agus ar féidir teacht uirthi go héasca a sholáthar do chustaiméirí dá réir.

3.7.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Faoi s898, sa chás nach gcomhlíonann doiciméad a seachadadh chuig an CRO Acht na gCuideachtaí 1990 (Foirm agus Ábhar Doiciméad arna Seachadadh chuig an gClárúitheoir), Rialacháin 2002 nó aon riachtanas eile d'Acht na gCuideachtaí, nó aon riachtanais forchurtha ag nó faoi reachtaíocht ar bith eile a bhaineann le líonadh an doiciméid agus a sheachadadh chuig an CRO, is féidir go mbeidh an doiciméad sin diúltaithe ag an CRO trí fhógra a sheirbheáil ar an duine a chuir isteach é, ag léiriú na ngnéithe sa doiciméad nach bhfuil comhlíontach. Mura seachadtar doiciméad athsholáthair a chomhlíonann na ceist(eanna) sainaitheanta san fhógra chuig an CRO taobh istigh de 14 lá, glactar leis nár seachadadh an doiciméad bunaigh chuig an CRO.

Cáilíocht

Faoi Achtanna na gCuideachtaí roimhe seo, ní raibh aon cháilíochtaí foirmiúla riachtanach don cheapachán mar leachtaitheoir.

Faoi Acht nua na gCuideachtaí, tá cáilíochtaí de dhíth maidir le duine a cheapadh mar leachtaitheoir nó mar iniúcháir.

Catagóir Cáilíochta

1. Comhalta de Chomhlacht Cuntasaíochta Forordaithe
2. Aturnae Cleachtach
3. Comhalta de Chomhlacht Gairmiúil atá aitheanta ag IAASA
4. Duine atá cáilithe faoi dhlíthe stáit eile i LEE
5. Duine a bhfuil cleachtadh aige nó aici

Feach Bileog faisnéise 38 agus Cuid 11 Acht na gCuideachtaí 2014.

Is é an tÚdarás Maoirseachta:

Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann
Seoladh: Áras na Sailí, Páirc na Mílaoise, An Nás, Contae Chill Dara
Teileafón: 045 983600 Facs: 045 983 601
Ríomhphost: info@iaasa.ie Suíomh Gréasáin: www.iaasa.ie

Dícháiliú sonrath i leith ceapacháin mar leachtaitheoir nó leachtaitheoir sealadach.

Ní bheidh aon duine de na daoine seo a leanas cáilithe chun a cheaptha ina leachtaitheoir cuideachta –

- (a) duine atá, nó a bhí laistigh de 24 mhí ó dháta thosach an fhoirceanta, ina oifigeach nó ina fostaí don chuideachta;
- (b) ach amháin le cead na cúirte, tuismitheoir, céile, páirtí sibhialta, deartháir, deirfiúr nó leanbh oifigigh don chuideachta;
- (c) duine atá ina chomhpháirtí, nó atá ar fostú, ag oifigeach nó ag fostaí don chuideachta;
- (d) duine is féimheach neamh-urscaoilte;
- (e) duine nach bhfuil cáilithe de bhua forála roimhe den fho-alt seo chun a cheaptha ina leachtaitheoir ar aon chomhlacht corpraithe eile arb é fochuideachta nó cuideachta shealbhaíochta na cuideachta sin, nó fochuideachta do chuideachta shealbhaíochta na cuideachta sin, é nó a bheadh dícháilithe amhlaidh dá mba chuideachta an comhlacht corpraithe.

Beidh cibé fianaise a éileoidh an chúirt ina tacaíocht le hiarratas ar chead faoi (b). (Alt 635 d'Acht na gCuideachtaí 2014). Más rud é, le linn dó nó di gníomhú mar leachtaitheoir cuideachta, go scoirfidh duine de bheith cáilithe chun gníomhú amhlaidh, éireoidh an duine sin as oifig.

Fógra faoi leachtú do chur ar ceal

Féadfaidh an chúirt, más deimhin léi go mbeidh cinneadh na ceiste nó an feidhmiú cumhachta a cheanglaítear cóir agus tairbheach, aontú go hiomlán nó go páirteach don iarratas ar cibé téarmaí agus coinníollacha is cuí léi nó féadfaidh sí cibé ordú eile a dhéanamh i ndáil leis an iarratas mar is cóir léi.

Cuirfidh an chuideachta cóip dheimhniú den ordú a dhéanfar de bhua an ailt sin lena ndéanfar neamhniú ar an rún um fhoirceannadh nó lena gcuirfear bac ar na himeachtaí sa fhoirceannadh ar aghaidh láithreach chuig cláraitheoir na gcuideachtaí lena clárú. Faoi alt 669 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór don iarratasóir ar neamhniú an fhoirceanta an fhoirm E669 a chur faoi bhráid an CRO láithreach.

Is í an Ard-Chúirt amháin ar féidir léi neamhniú a dhéanamh ar an rún maidir leis an gcuideachta a fhoirceannadh nuair a bheith sé rite. Ionas go bhfillfeadh an chuideachta ar an nGnáthstadas agus go dtosódh sí i mbon trádála arís, ní mór cóip den ordú cúirte a chur isteach. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte.

Ceapadh Leachtaitheora agus é dó í do chur as oifig

Foirceannadh toilteanach ag comhaltaí.

Tar éis cheapadh leachtaitheora cuideachta faoi alt 583 i bhfoirceannadh toilteanach ag comhaltaí, féadfaidh an chuideachta, i gcruinniú ginearálta, ag cruinniú arna thionól chun na críche sin

- an leachtaitheoir a chur as oifig;
- leachtaitheoir a cheapadh lena chur in ionad an leachtaitheora atá ann nó gníomhú leis nó léi; nó
- eachtaitheoir a cheapadh chun folúntas a líonadh in oifig an leachtaitheora.

Féadfaidh duine díobh seo cruinniú ginearálta den chuideachta a thionól chun críche leachtaitheoir a chur as oifig nó a cheapadh lena chur in ionad an leachtaitheora atá ann nó gníomhú leis nó léi, ar fhógra 10 lá dá comhaltaí:

- aon chomhalta di ag a bhfuil údarás i scríbhinn ó líon nach lú ná an deichiú cuid de na comhaltaí; Nó
- leachtaitheoir atá ann cheana féin;

nó, chun críche leachtaitheoir a cheapadh chun folúntas san oifig a líonadh, féadfaidh duine díobh seo cruinniú ginearálta den chuideachta a thionól, ar fhógra 10 lá dá comhaltaí:

- (i) aon chomhalta di ag a bhfuil an t-údarás thuasluaite i scríbhinn;
- (ii) leachtaitheoir atá ann cheana féin; nó
- (iii) aon ranníocóir.

Beidh na cumhachtaí a thugtar don chuideachta faoi réir aon ordú a fhéadfaidh an chúirt a dhéanamh maidir leis an ábhar ar iarratas chuici ó aon ranníocóir nó leachtaitheoir atá ann cheana féin.

Ba chóir foirm E2b a chomhdú maidir le leachtaitheoir a chur as oifig agus foirm E2c a chomhlánú chun críche an leachtaitheoir ionaid a cheapadh.

Foirceannadh toilteanach ag creidiúnaithe.

Beidh feidhm ag an alt seo tráth ar bith tar éis cheapadh leachtaitheora cuideachta faoi alt 588 i bhfoirceannadh toilteanach ag creidiúnaithe. I gcás ina bhfuil feidhm ag an alt seo, féadfaidh na creidiúnaithe, ag cruinniú arna thionól chun na críche sin, le rún tromlach, ar bhonn luach amháin, de na creidiúnaithe atá i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaí, agus atá ag vótáil ar an rún, na cumhachtaí seo a leanas a fheidhmiú.

Is iad cumhachtaí sin na gcreidiúnaithe –

- an leachtaitheoir a chur as oifig;
- leachtaitheoir a cheapadh lena chur in ionad an leachtaitheora atá ann cheana féin nó gníomhú leis nó léi;
- leachtaitheoir a cheapadh chun folúntas a líonadh in oifig an leachtaitheora.

Féadfar cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta a thionól, ar fhógra 10 lá do na creidiúnaithe, ag aon chreidiúnaí dá cuid ag a bhfuil údarás i scríbhinn ó líon nach lú ná an deichiú cuid de na creidiúnaithe nó leachtaitheoir atá ann cheana féin. Beidh na cumhachtaí a thugtar do na creidiúnaithe faoi réir aon ordú a fhéadfaidh an chúirt a dhéanamh maidir leis an ábhar ar iarratas chuici ó aon chreidiúnaí nó leachtaitheoir atá ann cheana féin.

I bhfoirceannadh ar bith, féadfaidh leachtaitheoir éirí as oifig. I gcás ina n-éireoidh leachtaitheoir as oifig, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn ina thaobh sin, laistigh de 2 lá tar éis dó nó di éirí as, don Chláraitheoir (ar an bhFoirm E2a) agus don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, laistigh de 14 lá tar éis dó nó di éirí as oifig

Más amhlaidh nach dtoghfar cathaoirleach ag an gcruinniú, is é nó í an duine a bheidh mar chathaoirleach an chruinnithe an té arbh é nó í an sínitheoir nó an chéad sínitheoir, de réir mar a bheidh, ar an bhfógra lenar tionóladh an cruinniú.

Cathaoirleach an chruinnithe ag a gcuirfear leachtaitheoir as oifig, déanfaidh sé nó sí, i ndiaidh an chruinnithe, Foirm E2b a sheachadadh láithreach ar an gCláraitheoir maidir le leachtaitheoir a chur as oifig agus foirm E2c arna comhlánú chun críche an dara leachtaitheoir a cheapadh

In aon fhoirceannadh, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ó chomhalta, creidiúnaí, leachtaitheoir nó an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach nó uaithi féin –

- leachtaitheoir a cheapadh más amhlaidh, ar chúis ar bith, nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú;
- ar chúis a shuíomh, leachtaitheoir a chur as oifig agus leachtaitheoir eile a cheapadh.

I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú, féadfaidh sí cibé ordacháin iarmhartacha is cuí léi a thabhairt, lena n-áirítear ordacháin maidir le seachadadh agus aistriú an tséala, na leabhar, na dtaifead agus aon mhaoin de chuid na cuideachta.

Leachtaitheoir d'éirí as oifig

I bhfoirceannadh ar bith, féadfaidh leachtaitheoir éirí as oifig. I gcás ina n-éireoidh leachtaitheoir as oifig, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn ina thaobh sin, laistigh de 2 lá tar éis dó nó di éirí as, don Chláraitheoir (ar an bhFoirm E2a) agus don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus, laistigh de 14 lá tar éis dó nó di éirí as oifig

- (a) i gcás foirceannadh ag an gcúirt, don chúirt agus –
 - (i) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – do chomhaltaí den choiste sin; nó
 - (ii) mura bhfuil aon choiste iniúchta ceaptha – do chreidiúnaithe na cuideachta;
- (b) i gcás foirceannadh toilteanach ag creidiúnaithe –
 - (i) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – do chomhaltaí den choiste sin; nó
 - (ii) mura bhfuil aon choiste iniúchta ceaptha – do chreidiúnaithe na cuideachta; nó
- (c) i gcás foirceannadh toilteanach ag comhaltaí – do chomhaltaí na cuideachta.

Foirm E2A – Fógra maidir le hÉirí as Oifig an leachtaitheora

Má tá an leachtaitheoir éirithe as faoi alt 635 (5) (le Foirm E2A), d'fhéadfaí nach mór fógra a chur

chuig an IAASA freisin. Baineann alt 635 le dícháiliú sonrath i leith gníomhú mar leachtaitheoir. Tá an fógra riachtanach más amhlaidh go raibh an duine údaraithe de bhun mhír den Tábla a ghabhann le halt 633 chun a bheith ceaptha mar leachtaitheoir.

Fógraí agus comhdú i leith ceapachán agus cur as oifig.

Déanfaidh cathaoirleach aon chruinnithe ag a gceapfar leachtaitheoir nó ag a gcuirfear leachtaitheoir as oifig, i ndiaidh an chruinnithe, fógra i scríbhinn a sheachadadh láithreach ar an leachtaitheoir maidir le ceapachán an leachtaitheora nó an leachtaitheoir do chur as oifig, mura rud é go raibh an leachtaitheoir nó a ionadaí nó a hionadaí a bhí údaraithe go cuí i láthair ag an gcruinniú inar ritheadh an rún lena mbaineann.

Más amhlaidh nach dtoghfear cathaoirleach ag an gcruinniú, is é nó í an duine a bheidh mar chathaoirleach an chruinnithe an té arbh é nó í an sínitheoir nó an chéad sínitheoir, de réir mar a bheidh, ar an bhfógra lenar tionóladh an cruinniú.

Cathaoirleach an chruinnithe ag a gcuirfear leachtaitheoir as oifig, déanfaidh sé nó sí, i ndiaidh an chruinnithe, Foirm E2b a sheachadadh láithreach ar an gCláraitheoir maidir le leachtaitheoir a chur as oifig agus foirm E2c arna comhlánú chun críche an dara leachtaitheoir a cheapadh.

Foirm E2 (Fógra Ceapacháin – Leachtú Comhaltaí nó Creidiúnaithe)

Déanfaidh an leachtaitheoir, tar éis fógra a cheapacháin nó a ceapacháin (i gcás foirceannadh toilteanach ag comhaltaí nó creidiúnaithe) fógra maidir lena cheapachán nó a ceapachán a sheachadadh láithreach ar an gCláraitheoir san fhoirm E2. Ba chóir an fhoirm sin a chur isteach laistigh de 14 lá ó thráth an cheapacháin. I gcás leachtú cúirte, níl aon ghá foirm E2 a chur isteach. Ina hionad sin, cuirtear isteach cóip den ordú cúirte.

Ordú Cúirte (Fógra Ceapacháin – Leachtú Cúirte)

I gcás ina ndéanfar ordú chun leachtaitheoir a cheapadh nó a chur as oifig –

- déanfaidh an t-iarratasóir ar an ordú; nó
- i gcás ina bhfuil an t-ordú á dhéanamh ag an gcúirt uithi féin, déanfaidh cibé oifigeach cúirte a bheidh forordaithe, tar éis dhéanamh an ordaithe, fógra i scríbhinn a sheachadadh nó a chur faoi deara a sheachadadh láithreach maidir le ceapachán nó cur as oifig an leachtaitheora, mura rud é
- go mbeidh an leachtaitheoir nó a ionadaí nó a hionadaí atá údaraithe go cuí i láthair sa chúirt nuair a dhéantar an t-ordú.

I gcás ina ndéanfar ordú chun leachtaitheoir a cheapadh nó a chur as oifig, cuirfidh cibé oifigeach de chuid na cúirte a bheidh forordaithe faoi deara láithreach, tar éis dhéanamh an ordaithe, go dtabharfar don Chláraitheoir cibé sonraí den ordú a bheidh forordaithe.

Foirceannadh

Is féidir cuideachta a fhoirceannadh le:

- Rún na gcomhaltaí tar éis dearbhú sócmhainneacha a dhéanamh;
- Rún na gcomhaltaí a dhaingnigh na creidiúnaithe;
- Ordú na Cúirte.

I dtromlach na gcásanna, ceaptar leachtaitheoir atá faoi cheanglas cuntais a chomhdú de réir forálacha Achtanna na gCuideachtaí. Déanfar cuideachta a dhíscaoileadh a bhfuil dáta éifeacht air trí mhí tar éis dháta cláraithe na ndoiciméad deiridh, nó nuair a ordáíonn an chúirt a dhíscaoileadh tar éis foirceanta ag leachtaitheoir oifigeach.

I gcás foirceannadh toilteanach ag comhaltaí, ní mór dearbhú sócmhainneachta (Foirm E1) a sheachadadh ar an CRO de bhun an Nós Imeachta Formheasa Achoimre faoi alt 579/207 den Acht. In imthosca áirithe, is féidir dearbhú a ullmhú faoi alt 580 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Nós Imeachta Formheasta Achomair Faoi alt 207 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceadaítear dearbhú a dhéanamh nuair is mian le cuideachta úsáid a bhaint as an nós imeachta um Foirceannadh Toilteanach ag Comhaltaí. Comhlánaítear agus déantar an Fhoirm E1 tráth nach faide ná 3 mhí roimh an dearbhú a mhionnú agus ní mór go n-áireofaí léi an tuarascáil ón duine neamhspleách.

Foráiltear faoi alt 580, ar dhul in éag don tréimhse, más ann di, atá socraithe i leith ré chuideachta ina bunreacht, nó, má tharlaíonn a leithéid, má tharlaíonn cibé teagmhas a bhforáiltear i mbunreacht cuideachta go ndéanfar an chuideachta a dhíscaoileadh nuair a tharlóidh sé – féadfar foirceannadh toilteanach ag comhaltai a thionscain mar mhalairt ar leas a bhaint as an Nós Imeachta Formheasta Achomair chun na críche sin, de réir alt 580(3).

Tá dearbhú sócmhainneachta neamhéifeachtach mura ndéantar é laistigh de mhí amháin díreach roimh an dáta ar a rithfear an rún chun an chuideachta a fhoirceannadh. Níor chóir é a chur isteach níos déanaí ná an rún um fhoirceannadh agus ba chóir é a chur faoi bhráid an chláraitheora tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an rún a rith má úsáidtear an Nós Imeachta Formheasta Achomair. (Laidigh de 14 lá ón tionscnamh sa chás ina bhfuiltear ag dul i muinín alt 580).

Tá seicliosta ag tús an Fhoirm E1 nach mór é a chomhlánú ag an té a chuirfidh an fhoirm faoi bhráid an CRO. Is féidir an fhoirm a réamhsheiceáil freisin in Oifig Phoiblí an CRO (Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1) idir 10rn agus 12:30in agus idir 2:30rn agus 4:30in. Mar mhalairt air sin, is féidir an fhoirm E1 a chur ar an bpost chuig an CRO ag Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Tá sé tábhachtach an fhoirm a chomhlánú i gceart mar beidh sé ina thoradh ar fhoirm E1 neamhéifeachtach go mbeidh ar an gcuideachta ordacháin a iarraidh ar an Ard-Chúirt má bhíonn sí mícheart.

Foirceannadh Toilteanach ag Comhaltai

Ar dtús, ní mór an Dearbhú Sócmhainneachta (Foirm E1-SAP/E1-41) a chomhdú leis an CRO, mar aon le rún speisialta um fhoirceannadh agus leachtaitheoir a cheapadh (Foirm G1), agus Fógra faoi cheapadh leachtaitheora (Foirm E2).

Ní mór go mbeadh an rún speisialta um fhoirceannadh ina rún speisialta (Foirm G1) sa chás ina bhfuil leas á bhaint as an Nós Imeachta Formheasta Achomair. Faoin nós imeachta dá bhforáiltear in alt 580 d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfaidh an rún um fhoirceannadh a bheith ina ghnáthrún. Is féidir leis an rún chun leachtaitheoir a cheapadh i gceachtar cás a bheith ina ghnáthrún a ritheadh i gcruinniú ginearálta.

An nós imeachta dá bhforáiltear in alt 580 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní bhaineann sé ach amháin le cuideachtaí a chomhlíonann riachtanais áirithe – ní mór don chuideachta a bheith ina cuideachta ré socraithe/imeachta shocraithe. Féadfar an nós imeachta a thosú ar dhul in éag don tréimhse atá socraithe i leith ré chuideachta ina bunreacht, nó, má tharlaíonn a leithéid, má tharlaíonn cibé teagmhas a bhforáiltear i mbunreacht cuideachta go ndéanfar an chuideachta a dhíscaoileadh nuair a tharlóidh sé.

Ar leithligh ó cheangaltais an CRO, ní mór don chuideachta a áirithiú go bhfógrófar an leachtú san Iris Oifigiúil (alt 581).

Gearrtar táille comhdaithe €15 an ceann ar Fhoirmeacha E1-SAP/E1-41, E2, G1, agus G2. Níl gá le foirm E3, cuntas leachtaitheora ar a chuid nó a cuid déileálacha, más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Má leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide, áfach, ní mór Foirm E3 a chomhdú don chéad 12 mhí, agus do gach tréimhse bheacht de 12 mhí i rith an fhoirceanta. I gcás aon tréimhse níos giorra suas go dtí dáta an chruinnithe dheiridh, ní gá Foirm E3 bhreise a chur isteach. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar Fhoirm E3.

Tá sé de dhualgas ar an leachtaitheoir tionól cruinnithe ginearálta den chuideachta a ghairm, agus fógra 7 lá á thabhairt aige nó aici ina leith sin, do lá tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis chothrom lae rite an rúin um fhoirceannadh; agus a leagan faoi bhráid an chruinnithe sin cuntas ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha agus ar sheoladh an fhoirceanta i rith na bliana roimhe sin. Laidigh de 7 lá tar éis dháta an chruinnithe sin, seolfaidh an leachtaitheoir cóip den chuntas thuasluaite (foirm E3) chuig an gCláraitheoir.

Níl gá le foirm E4, mionnscribhinn leachtaitheora agus cuntais faoi alt 681, más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh níos faide, áfach, ní mór Foirm E4 a chomhdú don chéad tréimhse 12 mhí agus gach tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin, agus aon tréimhse níos giorra, suas go dtí dáta dheireadh an fhoirceanta (dáta an chruinnithe dheiridh ar an bhFoirm E6). Gearrtar táille comhdaithe €15 ar Fhoirm E4. Ní mór an fhoirm E4 a chur isteach chuig an CRO laistigh de 14 lá tar éis an chothroim

bliana.

Ní mór ráiteas iomlán cuntais a chlúdaíonn tréimhse an leachtaithe – Foirm E5 – a bheith ag gabháil le Foirm E6, Tuairisceán ar an gcruinniú foirceanta deiridh. Gearrtar táille comhdaithe €15 an ceann ar Fhoirm E6 agus ar Fhoirm E5. Ní mór an cruinniú deiridh a thionól le fógra ar a laghad 28 lá i scríbhinn tugtha roimh ré. Ní gá fógra a chur i nuachtán.

Díscaoileadh

3 mhí tar éis dháta cláraithe na ndoiciméad deiridh – foirm E6 agus foirm E5, meastar go bhfuil an chuideachta díscaoilte. Is féidir an díscaoileadh a chur ar neamhní laistigh de 2 bhliain faoi alt 708 d'Acht na gCuideachtaí. Ní mór cóip den ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO (leis an táille comhdaithe €15) agus athraítear stádas na cuideachta ar ais chuig 'faoi Leachtú'. Is féidir le haon pháirtí leasmhar, laistigh de na 3 mhí tar éis an dáta ar a bhfaightear/a gcláraítear na foirmeacha deiridh, iarratas a dhéanamh ar an díscaoileadh a chur siar. Ba chóir aon ordú arna dhéanamh a chur faoi bhráid an CRO go pras, nó d'fhéadfadh an chuideachta a bheith díscaoilte. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte.

Foirceannadh Toilteanach ag Creidiúnaithe

I gcás foirceannadh ag creidiúnaithe ní mór don chuideachta cruinniú de na creidiúnaithe a ghairm. Ní mór do na creidiúnaithe fógra ar a laghad deich lá a fháil agus ní mór a gcruinniú a thionól ar an lá céanna leis an gcruinniú de na comhaltaí ar a bhfuil an rún le haghaidh foirceannadh toilteanach le moladh, nó an lá ina dhiaidh sin.

Ceanglais reachtúla

Ní mór an cruinniú a fhógairt deich lá ar a laghad roimh dháta an chruinnithe, in dhá nuachtán laethúla a léitear sa cheantar ina bhfuil oifig chláráithe na cuideachta. Tá sé de cheart ag na creidiúnaithe maoirseacht a dhéanamh ar sheoladh an leachtaithe. Féadfaidh na creidiúnaithe coiste iniúchta a cheapadh ag a gcruinniú chuige sin.

Ní mór na comhaltaí agus na creidiúnaithe a ghairm ag gach cruinniú a thionólfadh an leachtaitheoir.

I gcás fógra i scríbhinn i leith an chruinnithe sin a sheolfar chuig na creidiúnaithe –

- (a) sonrófar ann dáta, am agus láthair chruinniú na gcreidiúnaithe;
- (b) sonrófar ann ainm agus seoladh an duine atá beartaithe an tráth sin lena cheapadh nó lena ceapadh ina leachtaitheoir, más ann; agus
- (c) (i) ceanglófar leis liosta de chreidiúnaithe na cuideachta; nó
- (ii) cuirfear in iúl don fhaighteoir san fhógra cé na cearta atá aige nó aici agus tabharfar sonraí na háite ina bhféadfar an liosta de chreidiúnaithe na cuideachta a iniúchadh.

Déanfaidh stiúrthóirí na cuideachta an méid seo a leanas –

- cuirfidh siad faoi deara ráiteas iomlán ar staid chúrsaí na cuideachta, mar aon le liosta de chreidiúnaithe na cuideachta agus méid measta a n-éileamh, a leagan faoi bhráid chruinniú na gcreidiúnaithe; agus
- ceapfaidh siad duine dá líon chun bheith i gceannas ag an gcruinniú sin agus beidh sé de dhualgas ar an stiúrthóir a cheapfar amhlaidh a bheith i láthair ag cruinniú na gcreidiúnaithe agus a bheith i gceannas air.

Má chuirtear ar atráth an cruinniú de chuid na cuideachta ag a bhfuil an rún le haghaidh foirceannadh toilteanach le moladh agus má rítear an rún ag cruinniú a cuireadh ar atráth, beidh feidhm ag aon rún arna rith ag cruinniú na gcreidiúnaithe amhail is dá mbeadh sé rite díreach tar éis an rún a rith chun an chuideachta a fhoirceannadh. Ar leithligh ó cheangaltais an CRO, ní mór don chuideachta a áirithiú go bhfógrófar an leachtú san Iris Oifigiúil (alt 586).

I gcás foirceannadh ag creidiúnaithe, ní mór gnáthrún de chuid na cuideachta chun foirceannadh a dhéanamh uirthi agus leachtaitheoir a cheapadh (Foirm G2), fógra faoi cheapadh leachtaitheora (Foirm E2) agus rún creidiúnaithe a chomhdú leis an CRO. Ní mór don leachtaitheoir cruinnithe na gcomhaltaí agus na gcreidiúnaithe a ghairm ag deireadh gach bliana, chun cuntas a thabhairt ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha agus ar sheoladh an fhoirceanta. Ní mór sonraí an chruinnithe a sheachadadh ar an CRO ar Fhoirm E3.

Ní gá le foirm E3, cuntas leachtaitheora ar a chuid nó a cuid déileálacha, más amhlaidh go leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Má leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide, áfach, ní mór Foirm E3 a chomhdú don chéad 12 mhí, agus

do gach tréimhse bheacht de 12 mhí ina dhiaidh sin. Ní gá aon tréimhse níos giorra go dtí dáta an chruinnithe dheiridh a bheith clúdaithe le foirm E3.

Tá sé de dhualgas ar an leachtaitheoir a ghairm, agus fógra 7 lá á thabhairt ina leith, reáchtáil na gcruinnithe seo a leanas –

- (i) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – cruinniú den choiste iniúchta; nó
- (ii) mura bhfuil coiste iniúchta ceaptha, cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta, ar lá nach déanaí ná 28 lá tar éis an chothroim lae lena mbaineann;

agus a leagan faoi bhráid an chruinnithe sin cuntas ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha agus ar sheoladh an fhoirceanta i rith na bliana roimhe sin.

Laistigh de 7 lá tar éis dháta an chruinnithe sin, seolfaidh an leachtaitheoir cóip den chuntas thuasluaite chuig an gCláráitheoir. I gcás ina ndéanfar cruinniú den choiste iniúchta a thionól, féadfaidh an coiste sin, le rún, a ordú don leachtaitheoir cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta a thionól agus, má thugtar ordú den sórt sin, cuirfidh an leachtaitheoir faoi deara go ndéanfar an cruinniú sin a thionól agus a sheoladh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an rúin sin.

Níl gá le foirm E4, mionnscribhinn leachtaitheora agus cuntais faoi alt 681 más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh níos faide, áfach, ní mór Foirm E4 a chomhdú don chéad tréimhse 12 mhí agus gach tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin, agus aon tréimhse níos giorra, suas go dtí dáta dheireadh an fhoirceanta (dáta an chruinnithe dheiridh ar Fhoirm E7). Gearrtar táille comhdaithe €15 ar Fhoirm E4. Ní mór an foirm E4 a chur isteach chuig an CRO laistigh de 14 lá tar éis an chothroim bliana.

Cuirtear isteach Foirm E7, Tuairisceán ar chruinnithe deireanacha na gcomhaltaí agus na gcreidiúnaithe, nuair a bhíonn an foirceannadh curtha i gcrích agus bíonn ráiteas iomlán cuntais ag gabháil leis ina gclúdaítear ré an leachtaithe (Foirm E5). Ní mór an cruinniú deiridh a thionól le fógra ar a laghad 28 lá i scribhinn tugtha roimh ré. Ní gá fógra a chur i nuachtán. Gearrtar táille comhdaithe €15 an ceann ar Fhoirmeacha E2, E3, E4, G2, E7 agus E5.

Díscaoileadh

3 mhí tar éis chlárú na ndoiciméad deiridh – foirm E7 agus foirm E5, meastar go bhfuil an chuideachta díscaoilte. Is féidir an díscaoileadh a chur ar neamhní laistigh de 2 bhliain faoi alt 708 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór cóip den ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO (leis an táille comhdaithe €15) agus athraítear stádas na cuideachta ar ais chuig 'faoi Leachtú'. Is féidir le haon pháirtí leasmhar, laistigh de na 3 mhí tar éis an dáta a fhaightear/a chláraítear na foirmeacha deiridh, iarratas a dhéanamh ar an díscaoileadh a chur siar. Ba chóir aon ordú arna dhéanamh a chur faoi bhráid an CRO go pras, nó d'fhéadfadh an chuideachta a bheith díscaoilte. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte.

Foirceannadh Cúirte

Is féidir leis an gCúirt foirceannadh a dhéanamh ar chuideachta go príomha ar chomhairle aon chomhalta nó aon chreidiúnaí de chuid na cuideachta nó ar chomhairle an Aire i gcúinsí iomchuí. Ceapann an Chúirt an leachtaitheoir agus tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuid na Cúirte agus oibríonn sé nó sí faoina maoirseacht. (Ciallaíonn an Chúirt, i ndáil le cuideachta, an Ard-Chúirt). Féadfaidh an chúirt a ordú go leanfar leis an leachtú trí bhíthin na rialacha a bhaineann le Foirceannadh Toilteanach ag Creidiúnaithe.

Ceanglais reachtúla

Ní mór achainí a thíolacadh chun na Cúirte agus nuair a dhéantar ordú foirceanta, ní mór cóip dheimhnithe a sheachadadh don CRO. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte. (Féach Cuid 7 maidir le forais um foirceannadh ag an gCúirt). Ní mór don leachtaitheoir, nuair a cheapfar é nó í, fógra ceapacháin a fhoilsiú san Iris Oifigiúil (alt 586, faoi nósanna imeachta um foirceannadh ag creidiúnaithe). Ní mór cóip d'aon ordú eile ina dhiaidh sin lena ndéantar neamhniú nó lena gcuirtear bac ar foirceannadh nó lena ndéantar an chuideachta a dhíscaoileadh a chur ar fáil chomh maith lena clárú.

Cuirtear foirm E3 isteach anois i gcás foirceannadh cúirte agus i gcás foirceannadh toilteanach faoi alt 680(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Níl gá le foirm E3, cuntas leachtaitheora ar a chuid nó a cuid déileálacha, más amhlaidh go leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12

mhí. Má leanann an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide, áfach, ní mór Foirm E3 a chomhdú don chéad 12 mhí, agus do gach tréimhse bheacht de 12 mhí ina dhiaidh sin. Ní gá aon tréimhse níos giorra go dtí dáta an chruinnithe dheiridh a bheith clúdaithe le foirm E3.

Tá sé de dhualgas ar an leachtaitheoir a ghairm, agus fógra 7 lá á thabhairt ina leith, reáchtáil na gcruinnithe seo a leanas –

- (i) más rud é go bhfuil coiste iniúchta ceaptha – cruinniú den choiste iniúchta; nó
- (ii) mura bhfuil coiste iniúchta ceaptha, cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta, ar lá nach déanaí ná 28 lá tar éis an chothroim lae lena mbaineann;

agus a leagan faoi bhráid an chruinnithe sin cuntas ar a chuid nó a cuid gníomhartha agus déileálacha agus ar sheoladh an fhoirceanta i rith na bliana roimhe sin. Laistigh de 7 lá tar éis dháta an chruinnithe sin, seolfaidh an leachtaitheoir cóip den chuntas thuasluaite chuig an gCláraitheoir. I gcás ina ndéanfar cruinniú den choiste iniúchta a thionól, féadfaidh an coiste sin, le rún, a ordú don leachtaitheoir cruinniú de chreidiúnaithe na cuideachta a thionól agus, má thugtar ordú den sórt sin, cuirfidh an leachtaitheoir faoi deara go ndéanfar an cruinniú sin a thionól agus a sheoladh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis dháta an rúin sin.

Ag brath ar an méid a shonrófar san ordú cúirte chun an leachtaitheoir a cheapadh, cuirtear isteach foirm E4 agus foirm E3. Féadfaidh an chúirt, uaithi féin, ordú a dhéanamh á cheangal ar an leachtaitheoir, cibé tráth a mbeidh cúrsaí na cuideachta foirceanta go hiomlán, iarratas ar dhíscaoileadh na cuideachta a dhéanamh. Más rud é nach ndéanfar ordú á ordú sin, ba chóir an nós imeachta do leachtú trí bhíthin chruinniú deiridh na gcreidiúnaithe a leanúint.

Má shonraítear san ordú go leanfar modh na gcreidiúnaithe:

Níl gá le foirm E4, mionnscríbhinn leachtaitheora agus cuntais faoi alt 681, más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Más amhlaidh go leanfaidh an foirceannadh ar aghaidh níos faide, áfach, ní mór Foirm E4 a chomhdú don chéad tréimhse 12 mhí agus gach tréimhse sé mhí ina dhiaidh sin, agus aon tréimhse níos giorra, suas go dtí dáta dheireadh an fhoirceanta (dáta an chruinnithe dheiridh ar Fhoirm E7). Gearrtar táille comhdaithe €15 ar Fhoirm E4. Ní mór an fhoirm E4 a chur isteach chuig an CRO laistigh de 14 lá tar éis an chothroim bliana.

Cuirtear isteach Foirm E7, Tuairisceán ar chruinnithe deireanacha na gcomhaltaí agus na gcreidiúnaithe, nuair a bhíonn an foirceannadh curtha i gcrích agus bíonn ráiteas iomlán cuntais ag gabháil leis ina gclúdaítear ré an leachtaithe (Foirm E5). Ní mór an cruinniú deiridh a thionól le fógra ar a laghad 28 lá i scríbhinn tugtha roimh ré. Ní gá fógra a chur i nuachtán. Má shonraítear san ordú go bhfuil an t-ordú díscaoilte le lorg:

Ní mór E4 a chur isteach maidir le tréimhse ag tosú ón dáta ar ar tíolacadh an achainí chun na Cúirte nó ón dáta ar ar ceapadh an leachtaitheoir, agus ní mór í a chomhlánú cothrom le dáta 12 mhí ó thosach an fhoirceanta, agus, thairis sin, ní mór Foirm E4 a chur isteach maidir le gach tréimhse 6 mhí ina dhiaidh sin, agus aon tréimhse níos giorra suas go dtí an dáta atá ar dheimhniú deiridh an scrúdaitheora (más ann), nó go dtí an dáta ar a ndíscaoilfear an chuideachta de bhun Ordú Cúirte.

Gearrtar táille comhdaithe €15 an ceann ar Fhoirmeacha E3, E4, E7, agus E5. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte agus ar dheimhniú scrúdaitheora freisin.

Díscaoileadh de bhun Ordú Cúirte

Cuirfear an foirceannadh i gcrích nuair a bheidh an t-ordú cúirte lena bhfuil an chuideachta á díscaoileadh, deimhniú an scrúdaitheora, más ann, agus an Fhoirm E4 dheiridh taiscthe leis an CRO.

Nuair a dhéanfaidh an Chúirt ordú maidir le díscaoileadh cuideachta, d'fhéadfadh sí a ordú go ndéanfar an chuideachta a dhíscaoileadh ón dáta ar a gcuirfear an t-ordú faoi bhráid an CRO.

Díscaoileadh de bhun Nós Imeachta Creidiúnaithe

3 mhí tar éis chlárú na ndoiciméad deiridh – foirm E7 agus foirm E5, meastar go bhfuil an chuideachta díscaoilte. Is féidir an díscaoileadh a chur ar neamhní laistigh de 2 bhliain faoi alt 708 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór cóip den ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO (leis an táille comhdaithe €15) agus athraítear stádas na cuideachta ar ais chuig 'faoi Leachtú'.

Is féidir an díscáileadh a chur ar neamhní laistigh de 2 bhliain faoi alt 708 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór cóip den ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO (leis an táille comhdaithe €15) agus athraítear stádas na cuideachta ar ais chuig 'faoi Leachtú'. Is féidir le haon pháirtí leasmhar, laistigh de na 3 mhí tar éis an dáta a fhaightear/a chláraítear na foirmeacha deiridh, iarratas a dhéanamh ar an díscáileadh a chur siar. Ba chóir aon ordú arna dhéanamh a chur faoi bhráid an CRO go pras, nó d'fhéadfadh an chuideachta a bheith díscáilte. Gearrtar táille comhdaithe €15 ar ordú cúirte.

Glacadóireachtaí

I gcás cuideachta atá faoi ghlacadóireacht, tá glacadóir ceaptha ina leith, atá ag réadú agus ag fáil a sócmhainní agus/nó ag bainistiú a gnóthaí, agus táthar ag súil gur féidir na fiacha a ghlanadh atá dlite don sealbhóir bintiúr a cheap é nó í.

Is féidir le duine ar bith nach comhlacht corpraithe ná féimheach neamh-urscaoilte é nó í a bheith ina ghlacadóir nó ina glacadóir. Is féidir go gceapfaidh an Chúirt an té sin nó go gceapfar é nó í lasmuigh den chúirt chun gníomhú mar ghlacadóir ar mhaoin chuideachta. Cuirfidh sé nó sí i bhfeidhm sochair, cearta agus leasanna na cuideachta mar a ordófar agus coinneoidh sé nó sí cuntas ar a chuid nó a cuid admhálacha agus íocaíochtaí le linn na tréimhse ceapacháin.

Leagtar na cúraimí atá ar ghlacadóir amach de ghnáth san ionstraim a gceaptar é nó í faoina téarmaí agus tá siad leagtha amach freisin i gCuid 8 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Ceanglais reachtúla

Ní mór fógra faoi cheapadh glacadóra, Foirm E8, a chomhdú leis an CRO laistigh de sheacht lá ó cheapadh é nó í agus ní mór é a fhoilsiú freisin san Iris Oifigiúil.

Nuair a bhíonn glacadóir ceaptha, ní mór fógra á rá sin a bheith sna sonraisc, sna horduithe le haghaidh earraí agus sna litreacha gnó go léir arna n-eisiúint ag an gcuideachta nó thar a ceann.

I gcás ina gceaptar glacadóir thar ceann na sealbhóirí bintiúr, atá urraithe le muirear comhlúthach, ní mór ráiteas faoi chúrsaí na cuideachta (Foirm E10) a chur faoi bhráid an ghlacadóra, agus ní mór dó nó di sin cóip den fhoirm chéanna a chomhdú leis an CRO.

Ní mór don ghlacadóir achoimrí ar a chuid nó a cuid admhálacha agus íocaíochtaí a chomhdú ar Fhoirm E9, maidir le gach tréimhse sé mhí ó dháta a cheapacháin nó a ceapacháin agus aon tréimhse dheiridh níos giorra go dtí an dáta a scoirfidh sé/sí de bheith ag gníomhú.

Scor

Déantar fógra scoir a chomhdú ar Fhoirm E11. Ní mór foirmeacha E9 a chomhlánú cothrom leis an dáta scoir. Filleann stádas na cuideachta ar ais chuig an Gnáthstádas mura bhfuil sí faoi Leachtú cheana féin.

Gearrtar táille comhdaithe €15 maidir le gach doiciméad glacadóireachta.

Tráth an scoir, mura bhfuil an chuideachta faoi leachtú cheana féin, tá gá le ráiteas ó ghlacadóir arna cheapadh nó arna ceapadh thar mhaoine ar fad na cuideachta. Ba cheart go dtabharfaí dearbhú sa ráiteas faoi alt 430 cibé, ar dháta an scoir, an raibh an chuideachta sócmhainneach nó nach raibh. Déantar an ráiteas sin a chomhdú ansin in éineacht le hachomaireacht deiridh an ghlacadóra.

Cuireann an CRO an ráiteas sin ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

Foirm B2 agus glacadóirí reachtúla

Ní oifigeach de chuid cuideachta is ea glacadóir, ach ceaptar é nó í thar mhaoin iomchuí na cuideachta, agus dá réir sin níl aon údarás aige nó aici maidir le comhduithe reachtúla leis an CRO a shíniú thar ceann cuideachta - mar shampla, Foirm B2 chun oifig chláráithe na cuideachta a athrú.

Ní mór go mbeadh comhduithe reachtúla thar ceann cuideachtaí sínithe ag stiúrthóir nó rúnaí de chuid na cuideachta, nó, sa chás ina bhfuil an chuideachta faoi leachtú, ag leachtaitheoir na cuideachta. Is é an t-aon eisceacht amháin a bhaineann leis sin ná glacadóirí arna gceapadh ag an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ('glacadóirí reachtúla') - faoi reachtaíocht na gníomhaireachta sin, tá údarás ag glacadóirí reachtúla athrú a chur in iúl don CRO maidir le hoifig chláráithe aon chuideachta a bhfuil sé nó sí ceaptha mar ghlacadóir reachtúil i leith a cuid maoine.

Foirm B2 arna síniú ag glacadóir reachtúil agus ina gcuirtear in iúl athrú ar oifig chláráithe na cuideachta

a bhfuil sé nó sí ceaptha mar ghlacadóir reachtúil i leith a cuid maoinne, tá sí incláraithe ag an CRO ar an mbonn sin.

3.7.4 AICMÍ TAIFEAD ATÁ Á GCOINNEÁIL:

Seo a leanas na sraitheanna atá á gcoinneáil:

Fasaigh
Baint
Nuashonrú Leachtaithe 2003
Nuashonrú-2000
Nuashonrú 1994
Ionchúiseamh
Stiúrthóirí Srianata/Dícháilithe
Scrúdaitheoireacht
Reachtaíocht
Comhfhreagras

3.7.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Anne Gibson	Bainisteoir rannóige	01 804 5363	anne.gibson@dbei.gov.ie

3.8 AONAD IAR-CHORPRAITHE B

3.8.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Baineann obair an aonaid le próiseáil doiciméid iar-chorpraithe áirithe, lena n-áirítear athruithe ar mheabhraín agus ar airteagail chomhlachais, chomh maith le méadú/laghdú ar chaipiteal. Tá an t-aonad freagrach as cúrsaí a bhaineann leis an athrú go dtí an euro, de réir mar a bhaineann sé le scairchaipiteal.

Is é struchtúr an aonaid ná:

Claire Crowley
Príomh-Oifigeach Cúnta

Paddy Porter
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

1 Oifig Feidhmiúcháin

3.8.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá sé mar dhuailgas ar an aonad doiciméid a sheiceáil, a chlárú agus a scanadh le bheith ar fáil go poiblí agus soláthraíonn sé foinse eolas comhlachtaí atá éifeachtach, éifeachtúil agus ar féidir teacht uirthi go héasca do chustaiméirí dá réir.

3.8.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Faoi s898, sa chás nach gcomhlíonann doiciméad a seachadadh chuig an CRO Acht na gCuideachtaí 1990 (Foirm agus Ábhar Doiciméad arna Seachadadh chuig an gClárúitheoir), Rialacháin 2002 nó aon riachtanas eile d'Acht na gCuideachtaí, nó aon riachtanais forchurtha ag nó faoi reachtaíocht ar bith eile a bhaineann le líonadh an doiciméid agus a sheachadadh chuig an CRO, is féidir go mbeidh an doiciméad sin diúltaithe ag an CRO trí fhógra a sheirbheáil ar an duine a chuir isteach é, ag léiriú na ngnéithe sa doiciméad nach bhfuil comhlíontach. Mura seachadtar doiciméad athsholáthair a chomhlíonann na ceist(eanna) sainaitheanta san fhógra chuig an CRO taobh istigh de 14 lá, glacfar leis nár seachadadh an doiciméad bunaigh chuig an CRO.

Rúin agus Cruinnithe

Déileáiltear le Cruinnithe Ginearálta agus Rúin i gCaibidil 6, Cuid 4 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ceanglaítear ar chuideachta cruinniú ginearálta bliantúil a thionól i ngach bliain faoi alt 175, agus gan níos mó ná 15 mhí a bheith idir na cruinnithe sin. Ceanglaítear ar chuideachta fós cruinniú ginearálta bliantúil a thionól laistigh de 18 mí ón uair a corpraíodh í.

An Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus an chuideachta TEO Cruinniú gan tionól

Ní gá do Chuideachta Phríobháideach faoi Theorainn Scaireanna atá cláraithe faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (cuideachta TEO) cruinniú ginearálta bliantúil a thionól sa chás ina síneoidh na comhaltaí go léir atá i dteideal bheith i láthair agus vótáil ag cruinniú ginearálta den sórt sin rún i scríbhinn, roimh an dáta is déanaí chun an cruinniú sin a thionól.

Ní mór go ndéanfaí an méid seo a leanas sa rún i scríbhinn:

- é an admháil go bhfuarthas na ráitis airgeadais a bheadh le cur faoi bhráid an chruinnithe,
- gach ábhar a réiteach a bheadh le réiteach ag an gcruinniú ginearálta bliantúil, agus, ina dteannta sin,
- a dheimhniú nach bhfuil aon athrú beartaithe i gceapadh an duine (más ann) a bhí, ar dháta an rúin, ceaptha mar iniúchóir reachtúil na cuideachta.

Gach cineál eile cuideachta, cibé acu Cuideachtaí Poiblí Teoranta, Cuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe, Cuideachtaí Neamhtheoranta nó Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta, ní mór dóibh cruinniú ginearálta bliantúil a thionól sa chás ina bhfuil beirt comhaltaí nó níos mó acu.

Tabhair faoi deara: Ní mheastar faoi Acht na gCuideachtaí 2014 gur cuideachtaí TEO iad cuideachtaí atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí roimhe seo mar chuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna. Feidhmíonn siad faoin reachtaíocht um Chuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe go dtí go ndéanfar iad a chomhshó go dtí an tsamhail TEO nua. Féach ar bhileog 31 le do thoil maidir le Comhshó.

Cruinniú lasmuigh den Stát

Féadfar cruinniú ginearálta bliantúil a thionól lasmuigh den Stát sa chás ina bhfuil comhaontú d'aon ghuth ina leith sin; mura bhfuil, tá an dualgas ann na socruithe riachtanacha a dhéanamh chun a áirithiú

gur féidir le comhaltaí, trí mhodhanna teicneolaíocha, páirt a ghlacadh i gcruinniú den sórt sin gan an

Stát a fhágáil.¹¹ Tá an gnó nach mór a bheith san áireamh ag cruinniú ginearálta bliantúil leagtha amach in Alt 186.

Áireofar sa ghnó ag an gcruinniú ginearálta bliantúil:

- breithniú maidir le ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta agus tuarascáil na stiúrthóirí agus, murab amhlaidh go bhfuil an cuideachta i dteideal na díolúine ó iniúchadh faoi alt 360 nó alt 365 agus gur bhain sí leas as an díolúine sin, tuarascáil na n-iniúcháirí reachtúla ar na ráitis sin agus ar an tuarascáil sin;
- athbhreithniú na gcomhaltaí ar chúrsaí na cuideachta;
- ach amháin má fhoráiltear dá mhalairt i mbunreacht na cuideachta
 - dearbhú díbhinne (más ann) de mhéid nach mó ná an méid atá molta ag na stiúrthóirí; agus
 - údarú na stiúrthóirí chun luach saothair na n-iniúcháirí reachtúla (más ann) a cheadú;
- i gcás ina bhforáiltear dó i mbunreacht na cuideachta, toghadh agus atoghadh stiúrthóirí;
- ach amháin sa chás ina bhfuil an cuideachta i dteideal na díolúine ó iniúchadh agus inar bhain sí leas as an díolúine sin, ceapadh nó athcheapadh iniúcháirí reachtúla; agus
- i gcás ina bhforáiltear amhlaidh i mbunreacht na cuideachta, luach saothair na stiúrthóirí.

Cruinniú Ginearálta Urghnách

Gach cruinniú ginearálta, seachas cruinnithe ginearálta bliantúla, meastar gur Cruinnithe Ginearálta Urghnácha iad.¹² Ní mór fógra a thabhairt maidir le gach cruinniú ginearálta do gach comhalta, stiúrthóir agus do rúnaí na cuideachta chomh maith le hionadaí pearsanta comhalta éagtha. Má tá iniúcháir ceaptha, gheobhadh sé nó sí fógra freisin.

Ní mór go dtabharfaí fógra 7 lá sula ndéanfar gach cruinniú ginearálta a thionól. Ní mór fógra 21 lá a thabhairt i gcás cruinniú ginearálta bliantúil nó cruinniú ag a bhfuil rún speisialta le rith, áfach.¹⁴ Faoi alt 181(2), ceadaítear fógra gearr i leith cruinnithe sa chás ina n-aontaíonn gach comhalta atá i dteideal bheith i láthair agus vótáil leis sin agus sa chás ina n-aontaíonn na hiniúcháirí leis freisin (má tá said ceaptha).

Is féidir le córam a bheith comhdhéanta de bheirt faoi alt 182 mura luaitear a mhalairt sa bhunreacht nó más comhalta amháin atá ag an gcuideachta. Déileáiltear in alt 183 den Acht le seachvótálaithe agus tá an fhoirm sheachvótála leagtha amach in alt 184. Tagann na hailt sin in ionad roinnt de na réimsí I dTábla A den Sceideal a ghabhann le hAchtanna na gCuideachtaí roimhe seo 1963-2013.

Rún speisialta agus gnáthrúin

Éilíonn rún speisialta tromlach 75% de na vótaí arna gcaitheamh ag na comhaltaí atá i dteideal vótála.

Tugtar sainmhíniú ar ghnáthrún san Acht seo (alt 191) agus ciallaíonn sé rún arna rith trí thromlach simplí de na vótaí arna gcaitheamh ag na comhaltaí atá i dteideal vótála, le vóta arna chaitheamh go pearsanta nó trí sheachvótálaí ag cruinniú ginearálta den chuideachta.

Rún i scríbhinn

Féadfaidh rún i scríbhinn faoin Acht nua seo a bheith ina rún speisialta nó ina ghnáthrún. Féach alt 193 agus alt 194 le do thoil.

Is ionann rún d'aon ghuth i scríbhinn agus ceann i scríbhinn, arna shíniú ag na comhaltaí uile de chuid cuideachta atá de thuras na huairé i dteideal bheith i láthair agus vóta a chaitheamh. Roimhe seo, faoi shean-Achtanna na gCuideachtaí, ní fhéadfaí an rún i scríbhinn sin a úsáid ach amháin i

gcás ina ndearnadh foráil dó in airteagail na cuideachta. San Acht nua, áfach, tá feidhm aige sin maidir le gach cuideachta TEO (cuideachta príobháideach faoi theorainn scaireanna faoi Chuid 2 den Acht nua).

Tabhair faoi deara: Ní mheastar faoi Acht na gCuideachtaí 2014 gur cuideachtaí TEO iad cuideachtaí atá cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí roimhe seo mar chuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna. Feidhmíonn siad faoin reachtaíocht um Chuideachtaí Gníomhaíochta Ainmnithe go dtí go ndéanfar iad a chomhshó go dtí an tsamhail TEO nua. Féach ar bhileog 31 le do thoil maidir le Comhshó.

Rún tromlaigh i scríbhinn

- áirítear leis gnáthrún nó rún speisialta agus braitheann na ceanglais ar an tromlach is gá.
- Tagann rún tromlaigh i scríbhinn i bhfeidhm níos déanaí ná rún i scríbhinn arna rith d'aon ghuth.
- Tagann gnáthrún tromlaigh i scríbhinn i bhfeidhm seacht lá tar éis an tsínithe deiridh, agus tagann rún speisialta tromlaigh i scríbhinn i bhfeidhm 21 lá tar éis an tsínithe deiridh mura rud é go dtarscaoilfidh comhaltaí an ceart sin faoi alt 194(10) nó go sonrófar dáta áirithe sa rún.
- Ní féidir le Cuideachtaí Poiblí Teoranta (CPT), Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta (CTR) ná Cuideachtaí Neamhtheoranta (CNT/CPN/CPNT) rún tromlaigh i scríbhinn a rith.
- Ní féidir rún chun iniúchóir nó stiúrthóir a chur as oifig a rith le rún d'aon ghuth nó rún tromlaigh i scríbhinn.
- I gcás gnáthrún tromlaigh i scríbhinn, ciallaíonn an tromlach comhaltaí is gá comhalta nó comhaltaí a ionadaíonn, ina n-aonar nó le chéile, an tráth a síníodh an rún lena mbaineann, níos mó ná 50 faoin gcéad de chearta vótála iomlána na gcomhaltaí ag a raibh, an tráth sin, an ceart chun bheith i láthair agus vótáil ag cruinniú ginearálta den chuideachta.
- I gcás rún speisialta tromlaigh i scríbhinn, ciallaíonn an tromlach comhaltaí is gá comhalta nó comhaltaí a ionadaíonn, ina n-aonar nó le chéile, an tráth a síníodh an rún lena mbaineann, níos mó ná 75 faoin gcéad de chearta vótála iomlána na gcomhaltaí ag a raibh, an tráth sin, an ceart chun bheith i láthair agus vótáil ag cruinniú ginearálta den chuideachta.
- Is féidir leis an rún a bheith comhdhéanta de roinnt doiciméad i bhfoirm chomhchosúil agus iad ar fad sínithe ag comhalta amháin nó níos mó.

Cuideachtaí Comhalta Aonair

Is ionann cuideachta comhalta aonair agus cuideachta ag a bhfuil comhalta aonair. Bíonn gach cumhacht is infheidhmithe ag cuideachta i gcruinniú ginearálta infheidhmithe ag an gcomhalta aonair gan an gá cruinniú ginearálta a thionól. Níl feidhm aige sin, áfach, maidir leis an gcumhacht chun iniúchóir a chur as oifig. Chuirfí an rún faoi bhráid an CRO ansin laistigh de 15 lá.

Rúin do chur faoi bhráid an CRO – Ginearálta

Faoi alt 198 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear cóip de rún speisialta a chur faoi bhráid an CRO laistigh de 15 lá ón uair ar ritheadh é. Úsáidtear foirm G1 chun na críche sin.

Áirítear leis na rúin a chaithear a chur faoi bhráid an CRO:

- Rúin a gceanglaítear faoin Acht seo nó le bunreacht cuideachta a bheith ina rúin speisialta;
- Rúin a bheadh comhaontaithe ag comhaltaí uile cuideachta, ach, mura gcomhaontófaí amhlaidh, nach mbeadh éifeachtach chun a gcríche mura mbeidís rite mar rúin speisialta;
- Rúin nó comhaontuithe a bheadh comhaontaithe ag gach comhalta d'aicme éigin scairshealbhóirí, ach, mura gcomhaontófaí amhlaidh, nach mbeadh éifeachtach chun a gcríche mura mbeidís rite ag tromlach áirithe ar leith nó ar shlí eile i mbealach ar leith, agus gach rún nó comhaontú a bhfuil d'éifeacht acu go gcuirtear ceangal ar gach comhalta d'aon aicme scairshealbhóirí cé nár chomhaontaigh na comhaltaí sin go léir ina leith;
- rúin lena ndéantar méadú nó laghdú ar scairchaipiteal údaraithe (más ann) cuideachta;
- rúin lena dtugtar údarás chun scaireanna a leithroinnt;
- rúin go ndéanfaí cuideachta a fhoirceannadh go toilteanach;
- rúin chun cearta nó srianta a chur ag gabháil le haon scair;
- rúin chun aon chearta nó srianta den sórt sin a athrú;
- rúin chun aon scair neamhaicmithe a aicmiú;
- rúin chun scaireanna de chineál amháin a chomhshó ina scaireanna de chineál eile;
- rúin chun scairchaipiteal a athrú ina stoc agus rúin chun stoc a athrú ina scairchaipiteal.

Taifid a choinneáil

Ní mór don chuideachta taifid a chothabháil. Déileáiltear in alt 213 – alt 218 d'Achtanna na gCuideachtaí 2014 le foirm an chláir agus an gá é a choimeád. Ceanglaítear fógra a sheoladh chuig an CRO i gcás nach gcoimeádann cuideachta an clár ag a hoifig chláraithe, agus i gcás ina n-athraíonn sí an áit ina gcoimeádtar na cláir. Úsáidtear foirm B3 chun na críche sin.

Forghéilleadh Scaireanna

Mura bhforáiltear dá mhalairt i mbunreacht na cuideachta, baineann alt 81 leis na nósanna imeachta maidir le forghéilleadh scaireanna. Bhí na rialacha sin leagtha amach roimhe seo i rialachán 33 – rialachán 39 de Thábla A.

Ceanglaítear go ndéanfadh stiúrthóir nó rúnaí na cuideachta ráiteas á rá go bhfuil an scair forghéillte go cuí ar dháta luaite a bheidh ina fhianaise dhochloíte ar na fíorais. Roimhe seo, rinneadh é sin trí mheán dearbhú reachtúil, in Achtanna na gCuideachtaí roimhe seo.

Cuirtear isteach Foirm B7 sa chás ina ndearna an chuideachta aon cheann díobh seo a leanas:

- a scairchaipiteal a chomhdhlúthú agus a roinnt ina scaireanna de mhéid is mó ná a scaireanna láithreacha;
- aon scaireanna a thiontú ina stoc;
- stoc a ath-chomhshó ina scaireanna;
- a scaireanna nó aon cheann díobh a fhoroinnt;
- aon scaireanna infhuascailte a fhuascailt;
- aon scaireanna tosaíochta a fhuascailt; aon scaireanna a chur ar ceal, ar shlí seachas i ndáil le laghdú caipitil cuideachta (alt 84).

Cuirtear isteach an fhoirm B7 laistigh de 30 lá. Is cion chatagóir 3 é mainneachtain é sin a dhéanamh.

Cuirtear isteach Foirm B4 sa chás ina ndéantar méadú ar chaipiteal údaraithe na cuideachta. Ní mór an fhoirm a chur isteach laistigh de 30 lá. Is cion chatagóir 3 é mainneachtain é sin a dhéanamh.

Clárú na sonraí um chearta speisialta.

Faoi alt 90 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ba cheart Foirm B11 a chur isteach chuig an CRO sa chás ina leithroinneann cuideachta scaireanna ag a bhfuil cearta nach bhfuil luaite ina bunreacht nó in aon rún nó comhaontú a bhfuil feidhm ag alt 198 ina leith agus ba chóir an seachadadh sin a chur i gcrích laistigh de 30 lá. Baineann an méid sin le scaireanna sa chás ina bhfuil an t-aon difríocht amháin i ndáil le díbhinní (laistigh de thréimhse 12 mí ón leithroinnt roimhe sin). Ba chóir foirm B12 a chur isteach sa chás ina ndéantar athrú ar na cearta chun aon scaireanna atá ann cheana féin, seachas trí athrú bunreachtúil nó le rún. Cuirtear foirm B13 faoi bhráid na CRO sa chás ina ndéantar ainm (nua) nó ainmníocht eile a shannadh d'aon chineál scaireanna ar shlí seachas trí athrú bunreachtúil nó le rún ón gcuideachta.

Aistriú scaireanna

Cuirtear iad seo i gcrích i gcomhlíonadh alt 94 agus alt 95 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus aon srianta a bhfuil feidhm acu i mbunreacht cuideachta. Ní fhaigheann an CRO fógra maidir leis an aistriú scaireanna tráth an aistrithe agus is í an t-aon fhoirm amháin ina léireofaí an fhaisnéis nuashonraithe an fhoirm B1 – tuairisceán bliantúil, a bhfuil d'oibleagáid ar gach cuideachta í a chomhdú. Ní foirm de chuid an CRO í an fhoirm Aistrithe Stoic agus níor cheart í a chur isteach chuig an CRO.

Tá cumas na stiúrthóirí chun diúltú an t-aistriú scaireanna a chlárú le fáil in alt 95. Scoirfean an cumas sin 2 mhí tar éis an dáta ar a seachadfar ar an gcuideachta an ionstraim aistrithe, agus ní mór do na stiúrthóirí fógra faoin diúltú a sheoladh chuig an aistrí ionchasach.

I gcás ina bhfaighidh duine bás, is é nó í ionadaí pearsanta an éagaigh an t-aon duine amháin atá aitheanta ag an gcuideachta a bhfuil aon teideal aige nó aici chun na scaireanna (mura bhforáiltear dá mhalairt i mbunreacht na cuideachta).

Fuascailt Scaireanna

Is féidir le cuideachta a scaireanna féin a fháil trí cheannach, nó, i gcás scaireanna infhuascailte, trí fhuascailt nó ceannach faoi alt 105 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Is féidir an fhuascailt a dhéanamh faoi cibé téarmaí a shonrófar i mbunreacht na cuideachta, mar a shonraítear sna cearta a ghabhann leis na scaireanna atá i gceist nó le rún speisialta.

Ceannach Scaireanna

Faoi réir srianta i mbunreacht na cuideachta, is féidir le cuideachta a scaireanna féin a cheannach faoi alt 105 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tá aon fháil den sórt sin faoi réir ag an íocaíocht a dhéanamh as brabúis atá ar fáil lena ndáileadh nó, i gcás ina mbeartaíonn an chuideachta na scaireanna a chealú, as fáiltas ó eisiúint nua scaireanna a dhéanfar chun críche na fála. Laistigh de 30 lá tar éis sheachadadh na scaireanna a fuarthas ar an gcuideachta, ní mór Foirm H5 a sheoladh chuig an CRO.

Scaireanna a fháil i gCuideachta Shealbhaíochta

Faoi alt 114 d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfaidh cuideachta scaireanna a cheannach i gcuideachta arb í a cuideachta shealbhaíochta í faoi réir coinníollacha áirithe, eadhon –

- (a) go ndéanfar an chomaoin i leith na scaireanna sin a fháil a sholáthar as na brabúis de chuid na fochuideachta atá ar fáil le dáileadh;
- (b) ar na scaireanna sin d'fháil agus fad a bheidh na scaireanna ar seilbh ag an bhfochuideachta –
- (i) ní fheidhmeoidh an fhochuideachta aon chearta vótála maidir leis na scaireanna agus beidh aon fheidhmiú airbheartaithe ar na cearta sin ar neamhní;
 - (ii) an modh lena gcaithfear leis na scaireanna arna sealbhú amhlaidh ag an bhfochuideachta –
 - (I) foráiltear do ráitis airgeadais aonáin na fochuideachta in alt 320(2) (ina bhfuil foráil freisin lena gcuirtear srian ar bhrabúis ar fáil lena ndáileadh trí thagairt don chur chuige cuntasáíochta i leith na scaireanna sin dá bhforáiltear ansin); agus
 - (II) foráiltear do ghrúpráitis airgeadais, más ann, na cuideachta sealbhaíochta in alt 320(3).

Ní mór an Conradh a bheith údaraithe roimh ré ag an dá pháirtí.

Sainmhínítear cuideachta shealbhaíochta in alt 8 den Acht nua agus sainmhínítear cuideachta mar chuideachta shealbhaíochta na cuideachta eile más rud é go bhfuil an ceann eile sin ina fochuideachta aici, agus sa chás sin amháin.

Scaireanna Cisteáin

Scaireanna arna bhfáil ag cuideachta faoi cheannachán a fuarthas faoi alt 105, déanfar iad a chealú nó a shealbhú ag an gcuideachta mar scaireanna cisteáin. Ní bheidh d'éifeacht ag cealú ar bith, áfach, go laghdófar méid scairchaipitil údaraithe na cuideachta.

Ní féidir le luach ainmniúil na scaireanna cisteáin arna sealbhú ag cuideachta a bheith níos mó ná 10 faoin gcéad dá caipiteal cuideachta. Chomh fada agus a shealbhóidh cuideachta scaireanna cisteáin, tá na cearta vótála (más ann) a ghabhann leis na scaireanna sin ar neamhní agus níl aon díbhinn iníochta ach an oiread.

Ordú um Nochtadh

Ciallaíonn ordú um nochtadh ordú ón gCúirt do dhuine ar bith faisnéis maidir le húinéireacht scaireanna a thabhairt. Is féidir le duine ar bith ag a bhfuil leas airgeadais i gcuideachta iarraitas a dhéanamh chun na Cúirte ar ordú um nochtadh. Cuirfidh an t-iarraitasóir faoi deara fógra ar Fhoirm H2 in éineacht le cóip den ordú a sheoladh tríd an bpost cláraithe laistigh de sheacht lá tar éis an t-ordú a dhéanamh chuig an CRO, chuig an gcuideachta etc

An Nós Imeachta Formheasta Achomair

Tá an Nós Imeachta Formheasta Achomair clúdaithe i gCaibidil 7 de Chuid 4 d'Acht na gCuideachtaí. Clúdaíonn an Nós Imeachta Formheasta Achomair roinnt réimsí éagsúla den Acht agus ceadaíonn an nós imeachta gníomhaíochtaí srianta áirithe a bheadh toirmiscthe ar shlí eile. Is bealach é trínar féidir le cuideachtaí dul i mbun gníomhaíochtaí srianta trína chinntiú go dtóilíonn na daoine a bhfuil na srianta sin ceaptha lena gcosaint, leis an ngníomh.

Is foráil nua d'Acht na bliana 2014 é trína dtugtar le chéile roinnt nósanna imeachta bailíochtaithe ó Achtanna roimhe seo.

Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí teoranta:

- cúnamh airgeadais maidir le scaireanna a fháil (alt 82),
- laghdú ar chaipiteal na cuideachta (alt 84),
- athrú ar chaipiteal na cuideachta ar atheagrú (alt 91),
- toirmeasc ar chaitheamh le brabús nó cailteanas réamhfhála i ráitis airgeadais na cuideachta sealbhaíochta mar bhrabúis atá ar fáil le dáileadh (alt 118),
- toirmeasc ar iasachtaí do stiúrthóirí agus do dhaoine bainteacha (alt 239),

- cumasc intíre (alt 464),
- foirceannadh toilteanach ag comhaltáí (alt 579).

Ciallaíonn an Nós Imeachta Formheasta Achomair an nós imeachta trína ndéantar rún (speisialta) a rith lena ndeonaítear údarás, arna rith tráth nach déanaí ná 12 mhí roimh thús na gníomhaíochta agus trína seachadann an chuideachta ar an gCláráitheoir cóip den dearbhú mar a cheanglaítear faoi alt 202. Ní mór don chuideachta an dearbhú a sheachadadh tráth nach déanaí ná 21 lá tar éis an dáta ar ar thosaigh an ghníomhaíocht. Baineann ceanglais bhreise le roinnt de na gníomhaíochtaí srianta agus tá cineál difriúil dearbhaithe de dhíth ag brath ar an ngníomhaíocht shrianta a bhfuiltear ag déileáil léi.

Tá smachtbhanna sibhialta ar fáil do leachtaitheoir, creidiúnaí nó comhalta de chuideachta nó d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach sa chás ina ndearnadh dearbhú gan forais réasúnacha déanamh amhlaidh faoi alt 210 d'Acht na gCuideachtaí 2014, agus féadfaidh stiúrthóir a shínigh an dearbhú a bheith freagrach go pearsanta gan dliteanas teoranta i leith fhiacha agus dliteanais ar bith na cuideachta nó iad ar fad.

Ní féidir le gach cineál cuideachta leas a bhaint as an Nós Imeachta Formheasta Achomair – tá srianta ar úsáid nósanna imeachta ag Cuideachtaí Teoranta Poiblí. Ní mór do chineálacha áirithe Cuideachta rúin speisialta seachas gnáthrúin a rith chun éifeacht a thabhairt do nósanna imeachta áirithe.

Cúnamh airgeadais le haghaidh Scaireanna a fháil

Tá alt 82 d'Acht na gCuideachtaí 2014 curtha in ionad alt 60 d'Acht na gCuideachtaí 1963. Níl sé dleathach do chuideachta aon chúnamh airgeadais a thabhairt le haghaidh ceannach scaireanna sa chuideachta nó i gcuideachta shealbháochta na cuideachta (más infheidhme). Tá feidhm ag an toirmeasc cibé an go díreach nó go hindíreach a thugtar an cúnamh nó an dtugtar é trí iasacht nó ráthaíocht, trí urrús a sholáthar nó ar shlí eile (alt 31 d'Acht na gCuideachtaí 1990 roimhe seo).

Tá eisceachtaí ann agus ceadaítear faoi alt 82(5) an cúnamh airgeadais i gcás nach bhfuil an fháil ina príomhchuspóir ag an gcuideachta agus an cúnamh á thabhairt aici nó i gcás ina bhfuil sé teagmhasach i ndáil le críche éigin níos mó agus go bhfuil an cúnamh á thabhairt de mheon maith.

Liostaítear in alt 82(6) na heisceachtaí don toirmeasc lena n-áirítear:

- tabhairt cúnamh airgeadais i gcomhréir leis an Nós Imeachta Formheasta Achomair maidir le díbhinní nó dáileadh as brabúis
- chun dliteanais arna dtabhú go dleathach a urscaoileadh
- chun airgead a thabhairt ar iasacht mar chuid den ghnáth-ghnó
- scair-scéimeanna d'fhostaithe
- athmhaoiniúchán
- uirill, ráthaíochtaí agus slánaíochtaí
- táillí, coimisiúin agus costais.

Is cion chatagóir 2 é sárú a dhéanamh ar alt 82.

An Nós Imeachta Formheasta Achomair

Tá an Nós Imeachta Formheasta Achomair leagtha amach in alt 202 agus alt 203 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le cúnamh airgeadais chun scaireanna a fháil.

Is le rún speisialta de chuid na cuideachta a dheonaítear an t-údarás chun an ghníomhaíocht shrianta a cheadú. Ní féidir leis an rún a bheith rite níos mó ná 12 mí roimh thosú na gníomhaíochta, agus ní mór cóip den dearbhú agus doiciméid eile de réir mar is gá a bheith faoi iamh leis an bhfógra faoin gcruinniú.

Ní mór cóip den dearbhú a bheith ceangailte leis an bhfógra faoin gcruinniú tráth nach luaithe ná 30 lá roimh dháta an chruinnithe chun an rún speisialta a rith, nó, má tá an rún á rith i scríbhinn, tráth nach luaithe ná 30 lá roimh shíniú an duine deiridh arna shíniú.

Déanann na stiúrthóirí nó tromlach de na stiúrthóirí an dearbhú a chomhlánú, i ndáil le hidirbheart faoi alt 82 nó alt 239 (toirmeasc ar iasachtaí do stiúrthóirí, daoine bainteacha) agus ní mór go sonrú sa dearbhú:

- na himthosca ina bhfuiltear ag dul i mbun an idirbhirt nó na comhshocraíochta;
- cineál an idirbhirt nó na comhshocraíochta;
- an duine nó na daoine a bhfuil an t-idirbheart nó an chomhshocraíocht le déanamh dóibh nó leo;
- na críche dá bhfuil an chuideachta ag dul i mbun an chomhshocraithe nó an idirbhirt;
- cineál an tsochair a fhabhróidh chuig an gcuideachta go díreach nó go neamhdhíreach ó dhul i mbun an idirbhirt nó na comhshocraíochta; agus
- go bhfuil fiosrúchán iomlán déanta ag na dearbhóirí faoi chúrsaí na cuideachta agus, tar éis dóibh é sin a dhéanamh, gur tháinig siad ar an tuairim go mbeidh an chuideachta, tar éis di dul i mbun an idirbhirt nó na comhshocraíochta, in ann a cuid fiacha agus a cuid dliteanas eile a íoc nó a urscaoileadh ina n-iomláine de réir mar a bheidh siad dlite laistigh de thréimhse 12 mhí ón dáta ar a bhfuiltear ag dul i mbun an idirbhirt nó na comhshocraíochta.

Ní mór an dearbhú a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de 21 lá tar éis an dáta ar a gcuirfead tús leis an ngníomhaíocht shrianta lena mbaineann.

Mura gcuirtear isteach an dearbhú laistigh den teorainn ama, fágann an mhainneachtain sin gur neamhbhailí é déanamh na gníomhaíochta.25 Faoi alt 203(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá sé de chumhacht ag an Ard-Chúirt an Nós Imeachta Formheasta Achomair a rinneadh go mícheart a bhailíochtú.

Laghdú ar Chaipiteal na Cuideachta nó athrú ar Chaipiteal na Cuideachta tar éis Atheagrú

Tagann alt 84 d'Acht na gCuideachtaí 2014 in ionad alt 72 d'Acht na gCuideachtaí 1963 agus ceadaítear faoin alt sin do chuideachta a caipiteal a laghdú gan an gá le hidirghabháil cúirte, toisc go bhforáiltear ann do mhodh tánaisteach a bheidh le húsáid faoin Nós Imeachta Formheasta Achomair.

Faoi alt 84 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceadaítear do chuideachta, ach amháin má chuirtear toirmeasc air le bunreacht cuideachta, a caipiteal a laghdú ar bhealach ar bith agus dá bhrí sin:

- d'fhéadfadh sí an dliteanas ar cheann ar bith dá scaireanna a mhúchadh nó a laghdú i leith scairchaipitil nár íocadh;
- féadfaidh sí, cibé tríd an dliteanas ar cheann ar bith dá scaireanna a mhúchadh nó a laghdú nó gan é sin a dhéanamh, cealú a dhéanamh ar aon chaipiteal cuideachta íoctha atá cailte nó nach ionannas dó acmhainní atá ar fáil; nó
- féadfaidh sí, cibé tríd an dliteanas ar cheann ar bith dá scaireanna a mhúchadh nó a laghdú nó gan é sin a dhéanamh, aon chaipiteal cuideachta íoctha atá de bhreis ar riachtanais na cuideachta a íoc.

Tagraíonn caipiteal cuideachta, faoi alt 64 d'Acht na gCuideachtaí 2014, do luach comhiomlán, arna shloinneadh mar mhéid airgeadra, na comaoine a fuair an chuideachta i leith leithroinnt scaireanna na cuideachta agus an chuid sin de chaipiteal neamhainmnithe na cuideachta arna comhdhéanamh ag aistriú na suimeanna dá dtagraítear in alt 106(4) agus alt 108(3).

Foráil nua is ea alt 91(1) a chuireann ar a cumas do chuideachta a caipiteal a athrú ar atheagrú. Is féidir le cuideachta dul i mbun idirbhirt chun sócmhainní, gnóthais nó dliteanais nó teaghlaim a dhiúscairt do chomhlacht corpraithe eile i gcomaoin scaireanna nó urrús a leithroinnt ar chomhaltaí na cuideachta mar chomaoin (nó ar a cuideachta shealbhaíochta).

An Nós Imeachta Formheasta Achomair

Tá an Nós Imeachta Formheasta Achomair leagtha amach in alt 202 agus alt 204 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le laghdú ar chaipiteal na cuideachta nó athrú ar chaipiteal na cuideachta ar atheagrú.

Is le rún speisialta de chuid na cuideachta a dheonaítear an t-údarás chun an ngníomhaíocht shrianta a cheadú. Ní féidir leis an rún a bheith rite níos mó ná 12 mí roimh thosú na gníomhaíochta, agus mí mór cóip den dearbhú agus doiciméid eile nuair is gá a bheith faoi iamh leis an bhfógra faoin gcruinniú.

Ní mór cóip den dearbhú a bheith ceangailte leis an bhfógra faoin gcruinniú tráth nach luaithe ná 30 lá roimh dháta an chruinnithe chun an rún speisialta a rith, nó, má tá an rún á rith i scríbhinn, tráth nach luaithe ná 30 lá roimh shíniú an duine deiridh arna shíniú.

Baineann alt 106 le Fáil a scaireanna féin faoi alt 105 agus tagraíonn alt 108 don chumhacht chun scaireanna tosaíochta a eisíodh roimh an 5 Bealtaine 1959 a fhuascailt.

Déanann na stiúrthóirí nó tromlach de na stiúrthóirí an dearbhú a chomhlánú, i ndáil le hidirbheart faoi alt 84 nó alt 91. Ní mór go sonrófaí sa dearbhú

- na himthosca ina bhfuiltear ag dul i mbun an idirbhirt nó na comhshocraíochta
- cineál an idirbhirt nó na comhshocraíochta;
- an duine nó na daoine a bhfuil an t-idirbheart nó an chomhshocraíocht le déanamh dóibh nó leo;
- méid iomlán shócmhainní agus dliteanais na cuideachta ar an dáta ba dhéanaí a bhí sé indéanta roimh an dearbhú a dhéanamh, agus in aon chás ar dháta nach luaithe ná 3 mhí roimh an dearbhú a dhéanamh;
- méid iomlán réamh-mheasta shócmhainní agus dliteanais na cuideachta díreach tar éis dhéanamh na gníomhaíochta srianta;
- go bhfuil fiosrúchán iomlán déanta ag na dearbhóirí faoi chúrsaí na cuideachta agus, tar éis dóibh é sin a dhéanamh, gur tháinig siad ar an tuairim go mbeidh an chuideachta in ann a cuid fiacha agus a cuid dliteanas eile a íoc nó a urscaoileadh ina n-iomláine laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis na gníomhaíochta srianta; (arb iad na fiacha agus na dliteanais a sainithníodh chun críche mhéid iomlán shócmhainní agus dliteanais na cuideachta agus gan iad íoctha ná urscaoilte go dtí seo) agus
- nach bhfuil fógra iarbhír ná fógra inchiallaithe ag na dearbhóirí go dtabhóidh an chuideachta aon dliteanas ábhartha, urghnách amach anseo laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis dháta déanta an dearbhaithe.

Ní mór an dearbhú a chur faoi bhráid Chláraitheoir na gCuideachtaí laistigh de 21 lá tar éis an dáta ar a gcuirfead tús leis an ngníomhaíocht shrianta lena mbaineann.

Níl aon éifeacht ag an dearbhú sin mura mbeidh tuarascáil ag gabháil leis. Tá an tuarascáil ina chuid den doiciméad agus ní mór go n-áireofaí inti ráiteas ó dhuine atá cáilithe chun a cheaptha, nó leanúint de bheith, ina iniúchóir reachtúil don chuideachta. Caithfidh an ráiteas a bheith i dtaobh cibé, i dtuairim an duine sin, an bhfuil an dearbhú míréasúnta nó nach bhfuil.

Mura gcuirtear isteach an dearbhú laistigh den teorainn ama, fágann an mhainneachtain sin gur neamhbhailí é déanamh na gníomhaíochta. Faoi alt 204(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá sé de chumhacht ag an Ard-Chúirt an Nós Imeachta Formheasta Achomair a cuireadh i gcrích go mícheart a bhailíochtú.

Iarratas a dhéanamh chun na Cúirte

Is é an modh eile le haghaidh an scairchaipiteal a laghdú trí iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú a dhaingniú. Ní mór don chuideachta a chur faoi deara fógra i dtaobh rith an rún a fhógairt ar a laghad uair amháin in 2 nuachtán laethúla a léitear sa cheantar ina bhfuil an oifig chláraithe nó an phríomháit ghnó suite agus ní mór gach creidiúnaí atá ina gcónaí lasmuigh den Stát a chur ar an eolas tríd an ngnáthphost.

Tá sé de cheart ag creidiúnaithe agóid a dhéanamh nuair is féidir leo a léiriú go hinchreidte go bhféadfadh an laghdú go mbeadh sásamh a gcuid fiach i mbaol.

Ní mór an t-ordú cúirte a sheoladh chuig an CRO lena chlárú ina dhiaidh sin.

Cuideachtaí Neamhtheoranta

Féadfaidh Cuideachtaí Príobháideacha agus Cuideachtaí Poiblí Neamhtheoranta a gcuid caipitil cuideachta a laghdú faoi alt 1252 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór rún speisialta a rith.

Tuarascáil ón Duine Neamhspleách – Nós Imeachta Formheasta Achomair

Ní bheidh aon éifeacht ag dearbhú de bhun alt 204/205/207 d'Acht na bliana 2014 chun críocha Acht na bliana 2014 mura rud é:

- go mbeidh tuarascáil ag gabháil leis ina bhfuil, ar a laghad, faisnéis ábhartha i gcomhréir leis na ceannteidil atá leagtha amach thíos, agus
- go bhfuil sé dréachtaithe ag duine atá cáilithe chun a cheaptha, nó leanúint de bheith, ina iniúchóir reachtúil de chuid na cuideachta tráth dhéanta na tuarascála.

Déanfar an tuarascáil a sheoladh chuig an gcuideachta is dearbhóir agus beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad inti:

- I. Mír thosaigh ina sainithnítear dearbhú na stiúrthóirí agus doiciméid ag gabháil leis lena mbaineann an tuarascáil;
- II. Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí;
- III. Ráiteas ar fhreagrachtaí an iniúchóra reachtúil;
- IV. Raon feidhme na hoibre a dhéanann iniúchóir reachtúil;
- V. Fíricí ábhartha eile (más ann) a raibh an t-iniúchóir reachtúil ag brath orthu agus é nó í ag teacht ar an tuairim nach bhfuil an dearbhú míréasúnta;
- VI. Tuairim an iniúchóra reachtúil nach míréasúnta é an dearbhú de bhun alt 204/205/207; agus
- VII. Dáta agus síniú an iniúchóra reachtúil a tháinig ar an tuairim, tar éis dó nó di an tuarascáil a thiomsú de bhun na Rialachán seo, nach míréasúnta é an dearbhú de bhun alt 204/205/207.

3.8.4 AICMÍ TAIFEAD Á GCOINNEÁIL

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Comhfhreagras
Miontuairiscí na gCruinnithe
Staidreamh

3.8.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Paddy Porter	Bainisteoir rannóige	059 917 8861	paddy.porter@dbei.gov.ie

3.9 COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA

3.9.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Is é feidhm na rannóige ná doiciméid a bhaineann le comhlachtaí seachtracha, comhpháirtíochtaí teoranta, comhlachtaí cairte, laghduithe ar scairchaipiteal agus réamheolairí a sheiceáil, a chlárú agus a chur ar fáil don phobal.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Paul McHenry
Príomh-Oifigeach Cúnta

Gary Ward
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

1 Oifigeach Feidhmiúcháin

3.9.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá sé mar fhreagracht ar an rannóg doiciméid a sheiceáil, a chlárú agus a scanadh le bheith ar fáil go poiblí agus soláthraíonn sí foinsé eolas comhlachtaí atá éifeachtach, éifeachtúil agus ar féidir teacht uirthi go héasca do chustaiméirí dá réir.

3.9.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Faoi s898, sa chás nach gcomhlíonann doiciméad a seachadadh chuig an CRO Acht na gCuideachtaí 1990 (Foirm agus Ábhar Doiciméad arna Seachadadh chuig an gCláraitheoir), Rialacháin 2002 nó aon riachtanas eile d'Acht na gCuideachtaí, nó aon riachtanais forchurtha ag nó faoi reachtaíocht ar bith eile a bhaineann le líonadh an doiciméid agus a sheachadadh chuig an CRO, is féidir go mbeidh an doiciméad sin diúltaithe ag an CRO trí fhógra a sheirbheáil ar an duine a chuir isteach é, ag léiriú na ngnéithe sa doiciméad nach bhfuil comhlíontach. Mura seachadtar doiciméad athsholáthair a chomhlíonann na ceist(eanna) sainaitheanta san fhógra chuig an CRO taobh istigh de 14 lá, glacfar leis nár seachadadh an doiciméad bunaigh chuig an CRO.

Comhlachtaí cairte

Is ionann comhlachtaí cairte agus comhlachtaí a bhíonn corpraithe le cairt phríobháideach. Déanann Alt 1314 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, déanann sé cur síos ar fhorálacha an Achta a bhaineann le comhlachtaí neamhchláraithe. De réir an tsainmhíneithe faoin alt seo, d'fhéachfaí ar chomhlacht cairte mar chomhlacht neamhchláraithe.

Tá cur síos ar na forálacha den Acht a bhaineann le comhlachtaí cairte agus teorainneacha a bhfeidhmeanna sa Sceideal 14 a ghabhann le hAcht 2014.

Níl ach comhlacht cairte beo amháin ann ar an gclár, mar atá, Gobharnóir agus Cuideachta Bhanc na hÉireann (rud a corpraíodh ar 10 Bealtaine 1783).

Cuideachta Seachtrach

Is féidir le cuideachta (eachtrach) sheachtrach atá cláraithe thar lear brainse na bhunú sa Stát.

Cuideachta ar bith atá ionchorpraithe lasmuigh den Stát agus a bhunaíonn áit ghnó sa Stát, ní mór di a bheith cláraithe leis an CRO faoi Chuid 21 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ní mór an chuideachta a chlárú tráth nach déanaí ná 30 lá amháin ón am a bhunaítear áit ghnó sa Stát. Féach Bileoga Faisnéise 5.

Faoi Acht nua, thiochfaidh bhainse cuideachtaí seachtracha chláraithe faoi na sean Achtanna mar Brainse AE nó neamh AE, bhainse LEE nó bhainse neamh LEE.

Tá Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (LEE): An Ostair, An Bhilig, An Bhulgáir, An Chipir, Poblacht na Seice, An Danmhairg, An Eastóin, An Fhionlainn, An Fhrainc, An Ghearmáin, An Ghréig, An Úngáir, An Íoslainn, Éire, An Iodáil, Poblacht na Iaitvia, Lichtinstéin, An Liotuáin, Lucsamburg, Málta, An Ísiltír, An Iorua, An Pholainn, An Phortaingéil, An Rómáin, An tSlóvaic, An tSlóivéin, An Spáinn, An tSuasalainn agus An Ríocht Aonaithe.

Cad iad na nósanna imeachta a bhaineann le cuideachta sheachtrach a chlárú gur brainse í?

Cuideachta ar bith atá ionchorpraithe lasmuigh den Stát agus a bhunaíonn bhainse sa Stát, ní mór di a bheith cláraithe leis an CRO faoi 30 lá ón am a bhunaítear bhainse sa Stát.

Ní mór brainsí a chlárú ar leith i gcás áiteanna gnó nach mbíonn struchtúr bainistíochta comhaontaithe acu. Baineann na Rialacháin, a chuireann an Treoir ón gComhairle 89/666/CEE 2 (“An tAonú Treoir Déag”) chun feidhme, le coibhéis na gcuideachtaí Éireannacha atá teoranta ó thaobh fiachais de.

Ní mór Foirm F12 (do Thír LEE) nó Foirm F13 (do Thír Neamh-LEE) a chomhlánú le gach brainse a chlárú. Ba chóir na doiciméid seo a leanas a chur isteach leis an iarratas:

- Cóip dheimhnithe de Chairt, Reachtanna nó meabhrán agus airteagail na cuideachta, nó ionstraim eile ar a mbunaítear bunreacht na cuideachta;
- Cóip de dheimhniú ionchorpraithe na cuideachta;
- Cóip de dheimhniú ionchorpraithe na cuideachta athrú ar ainm cuideachta;
- Cóipeanna de na doiciméid chuntasaíochta is déanaí atá riachtanach faoi ailt 1303/1305.
- Aistriúchán
- Táillí CRO.

Aistriúchán

Mura mbíonn na doiciméid seo scríofa i nGaeilge nó i mBéarla ní mór aistriúchán deimhnithe a fháil.

Foirm F2/F3/F4/F7/F14

Cibé an bhfuil an Brainse ina cheann de chuid cuideachta LEE nó cuideachta neamh-LEE, na doiciméid agus na fógraí seo a leanas laistigh de 30 lá tar éis an dáta ar ar tharla an teagmhas lena mbaineann, eadhon—

- Ba chóir aon doiciméad lena ndéantar nó lena bhfianaítear athrú ina chuid doiciméad bunreacht a fhógairt ar Fhoirm F2 agus le téacs léasaithe a chuid doiciméad bunreacht.
- Fógra i dtaobh athrú i measc na stiúrthóirí, na rúnaithe, na ndaoine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gcuideachta i ndéileáil le tríú páirtithe agus in imeachtaí dlí, na ndaoine atá údaraithe chun glacadh le seirbheáil doiciméad nó na ndaoine atá údaraithe chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Achta. Ba chóir athrú ar bith ar aon cheann de na sonraí a bhaineann leis na daoine sin a chur in iúl freisin ar Fhoirm F3, agus dáta an athraithe a bheith sonraithe.
- Fógra i dtaobh athrú ar sheoladh an bhainse mar aon le seoladh nua an bhainse ar Fhoirm F4.
- Ba chóir fógra i dtaobh fhoirceannadh na cuideachta, ceapadh leachtaitheora amháin nó níos mó, sonraí a bhaineann leo agus lena gcumhachtaí agus le foirceannadh an fhoirceanta agus sonraí a bhaineann le himeachtaí dócmhainneachta, comhshocraíochtaí, imshocraíochtaí nó aon imeachtaí cosúil leo a bhfuil an chuideachta faoina réir a chur in iúl ar Fhoirm F14 mar aon le fógra i dtaobh dhúnadh an bhainse nó é a bheith scortha ar shlí eile de bheith bunaithe sa Stát.

Cuirtear de cheangal ar na cuideachtaí go léir, lena n-áirítear cuideachtaí príobháideacha, ag a mbíonn brainse acu sa Stát, na doiciméid seo a leanas a chomhdú:

- cuntais na cuideachta don tréimhse, lena n-áirítear cuideachtaí le fochuideachta amháin nó níos mó, cuntais chomhdhlúite an ghrúpa
- tuarascáil bhliantúil na stiúrthóirí don tréimhse
- tuarascáil na n-iniúcháir ar chuntais na cuideachta
- tuarascáil na n-iniúcháir ar thuarascáil na stiúrthóirí

Ní mór Foirm F7 a chur isteach leis na doiciméid chuntasaíochta.

Eisiúint Réamheolaire

Leagann an rannóg seo na nósanna imeachta chun réamheolairí a chlárú. Chun críocha Acht na gCuideachtaí 2014, ciallaíonn réamheolaire aon réamheolaire, fhógra, chiorclán, nó chuireadh eile, a

thairgeann don phobal le liostáil nó le ceannach aon scaireanna nó bintiúr cuideachta.

Comhdú Réamheolaire

Comhdaítear Réamheolaire don CRO (is leis an láithreoir an fhreagracht le cinntiú cén cuid de reachtaíocht faoina bhfuil réamheolaire á chomhdú)

(a) Reachtaíocht Rialacháin Réamheolaire 2005 (Treoir 2003/771/CE) I.R. 324 de 2005 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

An Banc Ceannais is ea an t-údarás inniúil chun Réamheolairí a cheadú faoi na rialacháin seo (I.R. 324 de 2005 cuid 13,78(1)), deir rialachán 38 (1)

" Nuair a fhaomhtar an réamheolaire, comhdóidh an t-iarratasóir an réamheolaire (a) leis an mBanc gan mhoill agus (b) má tá an t-eisitheoir ina chuideachta atá cláraithe de réir Acht na gCuideachtaí 2014, le cláraitheoir na gcuideachtaí laistigh de 14 lá tar eis é a bheith foilsithe de réir Cuid 8". Úsáidtear foirm B18 chun réamheolaire a chomhdú faoin reachtaíocht seo agus is féidir í a íoslódáil ónár láithreán gréasáin. (€15 an táille chomhdaithe)

(b) Reachtaíocht: Acht na gCuideachtaí 2014

Doiciméid tairiscintí áitiúla le taisceadh de réir na reachtaíochta ag (b) mar seo a leanas: Doiciméid a thairiscint arna ullmhú do thairiscint áitiúil, tairiscint urrús don phobal sa Stát i gás a bhfuil teorann sainithe níos lú ná €5,000,000 ag an tairiscint ar mhéid an bhreithnithe iomlán. Déantar na doiciméid tairiscintí áitiúla a chlárú go díreach leis an CRO ar nó roimh an dáta foilsithe. Deir Alt 1361(4) den Acht " No offering document prepared for local offer shall be issued by or on behalf of a PLC or in relation to an intended PLC unless, on or before the date of its publication, a copy of the offering has been delivered to the registrar of companies". (níl leagan Gaeilge ann). Ní mór Foirm B18a a úsáid chun réamheolaire a chomhdú faoin reachtaíocht seo agus is féidir í a íoslódáil ónár láithreán gréasáin. (€15 an táille chomhdaithe)

3.9.4 AICMÍ TAIFEAD ATÁ Á GCOINNEÁIL

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Comhlachtaí Seachtracha
Réamheolaire
Comhpháirtíochtaí Teoranta
Comhfhreagras

3.9.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Gary Ward	Bainisteoir rannóige	01 804 5272	gary.ward@dbei.gov.ie

3.10 FORFHEIDHMIÚ/ATHCHÓIRIÚ

3.10.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Is é an fheidhm atá ag an Rannóg Forfheidhmithe/Athchóirithe ná (a) dualgais na gcomhlachtaí agus a stiúirthóirí a fhorfheidhmiú de réir Acht na gCuideachtaí agus reachtaíocht chánacha agus (b) comhlachtaí a athchóiriú ar an gclár.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Paul McHenry
Príomh-Oifigeach Cúnta

Michael Neville
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

3 Oifigigh Feidhmiúcháin

2 Oifigeach Cléireachais

3.10.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Forfheidhmíonn an rannóg dualgais comhlachtaí agus a stiúirthóirí de réir Acht na gCuideachtaí 2014, go háirithe maidir le comhdú tuairisceán agus cuntas bliantúil. Chomh maith leis sin, éascaíonn an rannóg forfheidhmiú ceanglas áirithe de chuid na reachtaíochta cánacha, i gcomhar leis na Coimsinéirí Ioncaim. Anuas air sin, tá an rannóg freagrach as comhlacht a athchóiriú ar an gclár.

3.10.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

BAINT NEAMHTHOILTEANACH

Forais le haghaidh Bainte den Chlár

Tá roinnt foras ann i dtaobh cuideachta a bhaint den chlár ar bhonn neamhthoilteanach.

Is iad seo a leanas na forais sin:

- Mhainnigh an chuideachta tuairisceán bliantúil a chomhdú leis an CRO mar atá ceangailte faoi alt 343;
- Tá fógra tugtha ag na Coimsinéirí Ioncaim faoi alt 882(3) den Acht Comhdhlúite Cánach 1997 don Chláraitheoir maidir le mainneachtain na cuideachta an ráiteas atá ceangailte faoi alt 882 den Acht sin a chur ar fáil;
- Tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil alt 137(1) á chomhlíonadh i leith na cuideachta (an ceanglas stiúirthóir atá aici a bhfuil cónaí air nó uirthi sa LEE);
- Tá an chuideachta á foirceannadh agus tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú;
- Tá an chuideachta á foirceannadh agus tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint go bhfuil cúrsaí na cuideachta foirceanta go hiomlán, agus nár tugadh, le tréimhse 6 mhí as a chéile, na tuairisceáin is gá don leachtaitheoir a thabhairt;
- Níl aon daoine ar an taifead in oifig an Chláraitheora i gcáil stiúirthóirí reatha na cuideachta.
- Ba chóir do chuideachtaí a thabhairt ar aird go bhféadfar cuideachta a bhaint den chlár má mhainnigh sí tuairisceán bliantúil a chomhdú i ndáil le bliain amháin.

Iarmhairtí Bainte Neamhthoilteanaí den Chlár

- Is tromchúiseach iad na hiarmhairtí do chuideachta atá fós i mbun trádála (alt 734 d'Acht 2014):
- Tagann sócmhainní na cuideachta chun a bheith ina maoin de chuid an Stáit ar dhíscailleadh na cuideachta;
- Ní bheidh ann don chuideachta a thuilleadh mar aonán dlíthiúil le héifeacht ó dháta na bainte den chlár agus an díscailte;
- Caillfear an chosaint um dhliteanas teoranta le héifeacht ón dáta sin, agus más rud é go leanfar leis an ngnó a bhí á seoladh tríd an gcuideachta roimhe sin, beidh na húinéirí i mbun trádála ina

- gcáilíocht phearsanta;
- Ba chóir nach mbeadh bairc toilteanach airgead a thabhairt ar iasacht d'aonán nach ann di a thuilleadh go bunúsach;
- Is féidir freisin go mbeadh droch-iarmhairtí i gceist do stiúrthóirí cuideachtaí den sórt sin sa mhéid is go bhféadfadh an Ard-Chúirt ordú dícháilíochta a dhéanamh ina gcoinne ar iarratas ón Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach.
- Mairfidh dliteanas, más ann, gach stiúrthóra, oifigigh agus comhalta de chuid na cuideachta atá díscailte faoi alt 733(4), agus féadfar é a chur i bhfeidhm ionann is dá mbeadh an cuideachta gan bheith díscailte.

Nós Imeachta

De réir alt 728 d'Acht na gCuideachtaí 2014, féadfaidh an clárúitheoir fógra a thabhairt faoi rún an Chlárúitheora an chuideachta a bhaint den chlár ar cheann de na forais atá leagtha amach thuas. Tá sé ina bheartas ag an CRO litreacha meabhrúcháin neamhrechtúla a eisiúint do chuideachtaí neamh-chomhlíontacha. Eisítear na fógraí sin ar an ríomhphost más rud é gur cuireadh seoladh ar fáil nó más rud é gur cuireadh isteach an tuairisceán bliantúil roimhe sin ar shlí leictreonach.

Tosaíonn an próiseas maidir le baint den chlár le heisiúint an fhógra reachtúil um baint den chlár. Seolfaidh an Clárúitheoir an fógra leis an bpost clárúithe – chuig an gcuideachta ag a hoifig chlárúithe nó, má tá duine taifeadta in oifig an Chlárúitheora mar leachtaitheoir na cuideachta, chuig an leachtaitheoir.

Seolfaidh an Clárúitheoir cóip den fhógra thuasluaite freisin ar an ngnáthphost réamhíochta chuig duine ar bith, más ann, atá ar an taifead in oifig an Chlárúitheora mar stiúrthóirí reatha na cuideachta ach ní dhéanann neamh-chomhlíonadh an fho-ailt seo difear do bhailíocht an phróisis. Is é an seoladh chuig a gcuirfeadh fógra faoin bhfo-alt seo ná gnáthsheoladh cónaithe, mar atá sa taifead in oifig an Chlárúitheora, an tseolaí atá i gceist.

Sa chás nár chuid cuideachta a hoifig chlárúithe in iúl don CRO, in ionad fógra a thabhairt faoi alt 727(1), foilseoidh an Clárúitheoir fógra in Iris CRO ina mbeidh an fhaisnéis a cheanglaítear le halt 728 sna cásanna seo a leanas –

- níor chomhdaigh an cuideachta tuairisceán bliantúil, le 20 bliain as a chéile nó tréimhse níos faide, mar atá ceangailte faoi alt 343; agus
- níl aon fhógra faoi láthair oifig chlárúithe na cuideachta tugtha don Chlárúitheoir mar a cheanglaítear faoi alt 50.

Céimeanna Feabhais is féidir a ghlacadh chun cuideachta a thógáil as an bpróiseas um baint den chlár

Is ionann an chéim feabhais chun cuideachta a thógáil as an bpróiseas um baint den chlár agus cibé ceann acu seo a leanas a bhfuil feidhm aige:

- gach tuairisceán bliantúil atá ceangailte faoi alt 343 agus nach bhfuil comhdaithe ag an gcuideachta a sheachadadh ar an gClárúitheoir;
- an ráiteas a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim a cheanglaítear ag an gcuideachta a sheachadadh faoi alt 882(3) den Acht Comhdhlúite Cánach 1997;
- fianaise a sholáthar don Chlárúitheoir go bhfuil alt 137(1) á chomhlíonadh i leith na cuideachta;
- sonraí an leachtaitheoir a sholáthar don Chlárúitheoir agus fianaise um ráitis thréimhsiúla atá cothrom le dáta a bheith tugtha faoi alt 681;
- fógra a thabhairt don Chlárúitheoir faoi alt 149(8) maidir le ceapadh stiúrthóra ar an gcuideachta.

Má bhaineann an Clárúitheoir an chuideachta den chlár, beidh sí díscailte faoi alt 733(2) d'Acht 2014.

Iris CRO – Fógra rúin poiblí faoi chuideachta a bhaint den chlár

Má tá fógra tugtha ag an gClárúitheoir agus nach bhfuil an chéim feabhais glactha ar an dáta a bheidh sonraithe san fhógra nó roimhe sin, féadfaidh an Clárúitheoir fógra a fhoilsiú in Iris CRO a thugann fógra poiblí ar rún an Chlárúitheora an chuideachta a bhaint den chlár. Foilsítear Iris CRO ar shuíomh gréasáin CRO gach seachtain – www.cro.ie. An dáta a bheidh i gceist, is dáta é a bheidh nach lú ná 28 lá tar éis an dáta ar a bhfoilseofar an fógra.

Déanfar an chuideachta a dhíscailte ar an dáta ar a bhfoirseoidh an Cláraitheoir an fógra in Iris CRO (an Iris um an Dara Baint Neamhthoilteanach den Chlár) go bhfuil sí á baint den chlár agus tagraítear don dáta sin ina dhiaidh sin mar an “dáta díscailte”.

BAINT THOILTEANACH DEN CHLÁR

Ní go neamhthoilteanach a bhíonn an bhaint den chlár i gcónaí. Cuideachta a scoirfidh de bheith i mbun trádála, nach raibh i mbun trádála riamh, nach bhfuil aon sócmhainní aici ar fiú níos mó ná €150 iad agus nach bhfuil aon chreidiúnaithe gan íoc aici, is féidir léi a iarraidh go mbainfidh an Cláraitheoir an chuideachta den chlár. Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá an nós imeachta sin curtha ar bhonn foirmiúil (alt 731 go dtí alt 733).

Coinníollacha maidir le Baint Thoilteanach den Chlár

Leagtar síos na coinníollacha don iarratas um baint thoilteanach den chlár in alt 731 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Féadfaidh cuideachta iarratas a dhéanamh chuig an gCláraitheoir go mbainfí den chlár í má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tá na himthosca a bhaineann leis an gcuideachta ina gcineál a thugann cúis réasúnach don Chláraitheoir chun a chreidiúint nár sheol sí gnó riamh nó go bhfuil sí scortha de ghnó a sheoladh;
- (b) tá an chuideachta tar éis, laistigh de 3 mhí roimh dháta an iarratais, trí rún speisialta –
 - (i) rún a dhéanamh iarraidh ar an gCláraitheoir go mbainfí den chlár í ar an bhforas nár sheol sí gnó riamh nó go bhfuil sí scortha de ghnó a sheoladh; agus
 - (ii) rún a dhéanamh gurb amhlaidh, agus í ag feitheamh ar chinneadh maidir lena hiarratas um baint den chlár (nó, más túisce é, cealú an phróisis seo, ar a iarraidh), nach mbeidh an chuideachta ag seoladh aon ghnó nó nach mbeidh aon dlíteanais á dtabhú aici;Ní mór cóip den rún speisialta a chomhdú leis an CRO. Más rud é nach bhfuil sé curtha isteach cheana féin agus iarratas á dhéanamh ar bhaint thoilteanach den chlár, ba chóir é a chomhdú leis an H15 ar an bhfoirm G1-H15.
- (c) tá seachadta ag an gcuideachta ar an gCláraitheoir gach tuairisceán bliantúil a cheanglaítear le halt 343 atá dlite i ndáil leis an gcuideachta amhail ar dháta an iarratais;
- (d) tá seachadta ag an gcuideachta ar an gCláraitheoir deimhniú ar an bhFoirm H15 (táille comhdaithe €15) agus é sínithe ag gach stiúrthóir á dheimhniú gurb amhlaidh, amhail ar dháta an iarratais –
 - (i) nach mó ná €150 suim aon sócmhainní de chuid na cuideachta;
 - (ii) nach mó ná €150 suim aon dlíteanais de chuid na cuideachta (lena n-áirítear dlíteanais theagmhasacha agus dlíteanais ionchasacha); agus
 - (iii) nach bhfuil an chuideachta ina páirtí do dhlíthíocht atá ar bun nó ar feitheamh;
- (e) tá deimhniú i scríbhinn faighte ag an gCláraitheoir ó na Coimisinéirí Ioncaim, dar dáta nach luaithe ná 3 mhí roimh an dáta ar a bhfaighidh an Cláraitheoir an t-iarratas, nach bhfuil agóid á déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim i gcoinne bhaint na cuideachta den chlár; agus
- (f) chuir an chuideachta faoi deara gur foilsíodh fógrán, san fhoirm fhorordaithe (féach 1.2.5), maidir lena rún iarratas a dhéanamh ar a bheith bainte den chlár, laistigh de 30 lá roimh dháta an iarratais in 1 nuachtán laethúil amháin ar a laghad a scaiptear sa Stát.

(2) I gcás ina ndéanfaidh cuideachta iarratas faoin alt seo i dtaobh a bainte den chlár laistigh de bhliain amháin tar éis an dáta ar ar athraigh an chuideachta a hainm nó a hoifig chláraithe (nó iad araon), ansin sonrú san fhógra, de réir mar a bheidh (Féach 1.2.5) –

- (a) an t-ainm a bhí ar an gcuideachta roimhe seo, chomh maith leis an ainm atá ar an gcuideachta faoi láthair; nó
- (b) an seoladh a bhí ag oifig chláraithe na cuideachta roimhe seo, chomh maith leis an seoladh atá aici faoi láthair; nó
- (c) an t-ainm a bhí ar an gcuideachta agus an seoladh a bhí ag a hoifig chláraithe roimhe seo, chomh maith leis an ainm atá ar an gcuideachta faoi láthair agus an seoladh atá ag a hoifig chláraithe faoi láthair.

Iris CRO – Fógra poiblí i gcás baint thoilteanach den chlár

A luaithe is indéanta tar éis di iarratas a fháil ón gcuideachta atá le baint den chlár, lena sásaítear na coinníollacha, tabharfaidh an Cláraitheoir, trí fhógra a fhoilsiú in Iris CRO (an Iris um an chéad fhógra maidir le Baint Thoilteanach den Chlár) fógra poiblí faoi rún an Chláraitheora an chuideachta a bhaint den chlár. Foilsítear Iris CRO gach seachtain ar shuíomh gréasáin an CRO – www.cro.ie.

Beidh an chuideachta díscailte ar fhoilsiú na hIrise um an dara fógra maidir le Baint Thoilteanach den Chlár (ar a laghad 90 lá tar éis dháta an chéad fhoilseacháin san Iris) mura rud é go bhfuarthas

agóid. Ní mór an agóid i gcoinne na bainte den chlár a chur isteach laistigh de 90 lá tar éis dháta foilsithe an fhógra um baint den chlár.

Is féidir agóid a dhéanamh ach úsáid a bhaint as an bhFoirm H16 (ball den phobal) nó Foirm H17 (an chuideachta féin) chun an próiseas a chur ar ceal. Ní mór Foirm H16 agus Foirm H17 a bheith faighte laistigh den tréimhse 90 lá roimh an 2ú foilsiú in Iris CRO

Agóid i gcoinne Baint Thoilteanach den Chlár

Féadfaidh duine ar bith agóid a sheachadadh ar an gCláraitheoir i leith bainte na cuideachta den chlár, ar an bhfoirm H16. Ní mór an agóid a bheith bunaithe ar an bhforas nár comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha atá leagtha síos in 1.2.1 agus orthu sin amháin. Ní mór an agóid a chur isteach laistigh de 90 lá tar éis dháta foilsithe an fhógra um baint den chlár. Bainfidh an Cláraitheoir an chuideachta den chlár mura bhfaighfear aon agóid bhailí agus measfar go mbeidh an chuideachta díscaoilte.

Iarrann an chuideachta go gcuirfí iarratas ar ceal

Féadfaidh an chuideachta é a iarraidh ar an gCláraitheoir, trí fhógra a sheachadadh don Chláraitheoir chuige sin san fhoirm H17 fhorordaithe, go gcuirfí ar ceal an próiseas maidir lena baint den chlár. Ní mór an t-iarratas a chur isteach laistigh de 90 lá tar éis dháta foilsithe an fhógra um baint den chlár.

TIMPEALLAcht FORFHEIDHMIÚCHÁIN CHOMHTHÁITE CRO

Bearta Forfheidhmiúcháin maidir le Tuairisceáin thar Téarma

I gcás tuairisceáin bhliantúla a chomhdófar go déanach leis an CRO, beidh pionós €100 um chomhdú déanach dlite i ndiaidh spriocdháta comhdaithe na cuideachta, agus cuirfear pionós €3 in aghaidh an lae leis ina dhiaidh sin, suas go dtí uasmhéid €1,200 in aghaidh an tuairisceáin.

Chomh maith leis an bpionós um chomhdú déanach, tá sé de chumhacht ag Cláraitheoir na gCuideachtaí faoin dlí roinnt beart forfheidhmiúcháin a ghlacadh i leith na gcuideachtaí a dhéanann comhdú déanach. Tá roinnt cuideachtaí a bhfuil pionóis um chomhdú déanach á n-íoc acu arís agus arís eile, áfach, agus, dá bhrí sin, beidh baint dhíreach idir déine na mbeart forfheidhmiúcháin a ghlacfaidh an CRO i leith cuideachta agus stair comhlíonta na cuideachta sin i dtaobh tuairisceáin bhliantúla a chomhdú i leith an dá bhliain is déanaí.

Is é “dian ach cothrom” an treoir is bonn leis an Timpeallacht Forfheidhmiúcháin Chomhtháite agus is iad seo a leanas na ceithre phrionsabal is bun léi:

- Comhréireacht: Caithfidh leis an neamh-chomhlíonadh le freagra forfheidhmithe iomchuí, a mbeidh a dhéine ag brath ar stair comhlíonta na cuideachta.
- Comhsheasmhacht: Cinnteofar tríd an Timpeallacht Forfheidhmiúcháin Chomhtháite nach bhféadfaí cuideachtaí ar lár as próiseas forfheidhmiúcháin inar cheart iad a bheith san áireamh. Glacfaimid cur chuige den chineál céanna i gcúinsí comhchosúla.
- Comhsheasmhacht: Cinnteoimid go dtuigeann stiúrthóirí cuideachtaí an méid a bhfuil súil leis uathu. Áireofar leis sin é a dhéanamh soiléir cén fáth a bhfuil sé i gceist againn gníomh forfheidhmiúcháin a ghlacadh, nó a bhfuil sé glactha againn.
- Spriocdhírú: Cinnteoimid go mbeidh an iarracht dírithe go príomha ar na cuideachtaí sin a sháraíonn a gcuid riachtanais comhdaithe arís agus arís eile.

Is é seo a leanas an raon gníomhartha forfheidhmiúcháin dá bhfuil cuideachta á nochtadh féin, sa chás nach ndéanfaidh sí tuairisceán bliantúil na bliana seo a sheachadadh in am (mar aon le haon tuairisceán bliantúil eile atá dlite):

Ordú Ard-Chúirte

Faoi alt 797 d’Acht na gCuideachtaí 2014, tá an chumhacht ag an gCláraitheoir, tar éis dheireadh na tréimhse 14 lá tar éis eisiúint fógra do chuideachta agus/nó a cuid stiúrthóirí, mura mbeidh an tuairisceán bliantúil nó na tuairisceáin bhliantúla atá dlite comhdaithe ag deireadh na tréimhse sin, chun iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte orthu seo a leanas:

- ordú lena n-ordaítear don chuideachta agus aon oifigeach dá cuid an mhainneachtain sin a chur ina ceart laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an chúirt
- ordú lena n-ordaítear go n-íocfaidh an Chuideachta nó na hoifigigh de chuid na cuideachta atá freagrach as an mainneachtain costais an iarratais agus na costais a bhaineann leis. Alt 797 (4) (8) d’Acht 2014.

Thairis sin, féadfaidh an Cláraritheoir an beart sin a úsáid chun a áirithiú go gcomhdófar tuairisceán atá dlite, d'ainneoin chiontaithe roimh ré na cuideachta nó a stiúrthóirí i dtaobh neamhchomhdú tuairisceán bliantúil, sa chás ina mbeidh tuairisceán ar bith fós dlite tar éis chiontú na cuideachta nó a stiúrthóirí.

Fíneáil Ar An Láthair

Faoi alt 874 (1) d'Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór do dhuine nó cuideachta a dhéanfaidh mainneachtain, laistigh den tréimhse 21 lá tar éis don Chláraritheoir fógra fíneála ar an láthair a eisiúint don duine nó don chuideachta sin:

- An mhainneachtain a chur ina ceart tríd an tuairisceán bliantúil nó na tuairisceáin bhliantúla atá dlite a chomhdú, agus
- An tsuim atá leagtha síos san fhógra a íoc leis an gCláraritheoir.

Déanfar an duine nó an chuideachta a rinne mainneachtain a ionchúiseamh mura gcomhlíonfar téarmaí an fhógra fíneála ar an láthair laistigh den tréimhse 21 lá.

Ionchúiseamh Cuideachtaí agus Stiúrthóirí

Féadfar cuideachtaí agus stiúrthóirí cuideachtaí a mhainneoidh tuairisceán bliantúil a chomhdú leis an CRO a ionchúiseamh faoi alt 343 (11) d'Acht na gCuideachtaí 2014. Má mhainníonn cuideachta an t-alt sin a chomhlíonadh, beidh an chuideachta agus aon oifigeach don chuideachta a rinne mainneachtain ciontach i gcion chatagóir 3.

Féadfar stiúrthóir a mbeidh trí chiontú den sórt sin faighte aige nó aici a dhícháiliú ó ghníomhú mar stiúrthóir, nó aon bhaint a bheith aige nó aici le bainistiú aon chuideachta. (Alt 843 (1) 849 d'Acht na gCuideachtaí 2014).

Baint Neamhthoilteanach den Chlár

Má mhainníonn cuideachta a tuairisceán bliantúil a chomhdú i ndáil le haon bhliain amháin, féadfar í a bhaint den chlár agus a dhíscaoileadh. I gcás ina bhfuil tuairisceán bliantúil dlite ó chuideachta, ní cheanglaítear ach go n-eiseoidh an CRO rabhadh reachtúil amháin chuig oifig chlárarithe na cuideachta. (Alt 727 d'Acht 2014)

Caillfear an chosaint um dhlíteanas teoranta le héifeacht ó dháta na bainte den chlár agus dílseofar aon sócmhainní de chuid na cuideachta don Aire Fiontar Poiblí faoin Acht Maoine Stáit 1954 trí fheidhmiú an dlí ar dhíscaoileadh na cuideachta. (Alt 734 (4) d'Acht 2014)

Ina theannta sin, is féidir leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar ordú de bhun alt 842 d'Acht na gCuideachtaí 2014, lena ndícháileofar stiúrthóirí na cuideachta ó ghníomhú mar stiúrthóir, nó aon bhaint a bheith acu le bainistiú aon chuideachta, mar aon le hordú maidir le costais dlí agus costais eile a thabhoíd an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus an t-iarratas sin á thabhairt agus aon chostais a thabhoíd an Oifig sin agus an t-ábhar á scrúdú aici.

Mar gheall ar an mbéim ar an tuairisceán is déanaí, ní gá go mbeadh cuimsiú cuideachta ar an liosta le haghaidh gníomhaíochta forfheidhmiúcháin ina chúis imní d'aon chuideachta a chomhdaíonn in am sa bhliain reatha. Más rud é nach gcomhdaíonn cuideachta a tuairisceán reatha in am, áfach, cinnfear cineál an bhirt forfheidhmiúcháin a ghlacfar trí thagairt a dhéanamh do chomhlíonadh na cuideachta lena hoibleagáidí i leith chomhdú tuairisceáin sna blianta roimhe seo.

ATHBHUNÚ

Tá dhá rogha le fáil le cuideachta a athbhunú chuig clár na gcuideachtaí ag brath ar an méid ama atá imithe thart ó scriosadh í as an gclár.

- Gníomhaíocht riaracháin
- Ordú cúirte

Dírítear go mion sa bhileog faisnéise seo ar an dá mhodh athbhunaithe. Tá na foirmeacha (agus na táillí comhdaithe a bhaineann leo) dá dtagraítear sa foilseachán seo le fáil ag www.cro.ie.

Ní dhéanann an bhileog seo iarracht ar bith Acht na gCuideachtaí 2014 a léirmhíniú. Beidh foireann na CRO in ann freagra a thabhairt ar do cheisteanna, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr duit

teagmháil a dhéanamh le do chomhairleoir ghairmiúil maidir leis na nósanna imeachta athbhunaithe a bhíonn i gceist.

ATHBHUNÚ TRÍ GHNÍOMHAÍOCHT RIARACHÁIN

Nuair a bhíonn cuideachta scriosta as an gclár agus díscailte ar feadh tréimhse 12 mhí nó níos lú, is féidir léi iarratas ar athbhunú a dhéanamh chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí.

Próiseas

Nuair a bhíonn cuideachta scriosta as an gclár de bhun alt 733 d'Acht na gCuideachtaí 2014, alt 311 d'Acht na gCuideachtaí 1963, alt 12(3) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1982 nó sa chás inar baineadh cuideachta den chlár toisc gur mhainnigh sí déanamh de réir cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim (alt 726(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014), is féidir léi iarratas a dhéanamh chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí chun an chuideachta a athbhunú chuig an gclár.

Ba chóir Foirm H1 a úsáid tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta a dhíscailtear an chuideachta chun críocha an iarratais seo. Nuair a sheachadtar na tuairisceáin bhliantúla ar fad chuig an CRO nach mbíonn curtha isteach ag an gcuideachta, tugtar cumhacht don Chláráitheoir ainm na cuideachta a athbhunú chuig an gclár.

Ní mór gach ceann de na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh laistigh de 15 mhí ó dháta dhíscailte na cuideachta:

1. Go seachadfar chuig an CRO freisin na tuairisceáin bhliantúla ar fad, mar aon leis na ráitis airgeadais nach mór iad a chur i gceangal leo de bhun fhorálacha Acht na gCuideachtaí 2014, nach bhfuarthas ón gcuideachta, más ann. Ní mór go mbainfeadh na ráitis airgeadais le bliain airgeadais aonair, agus ní féidir iad a chónascadh leis na ráitis airgeadais a bhaineann le bliain airgeadais eile nó le blianta airgeadais eile.

(Gearrtar táille €20 in aghaidh an tuairisceáin móide na pionóis ábhartha um chomhdú déanach). Más rud é gur baineadh cuideachta den chlár tar éis mainneachtain i gcomhlíonadh ceanglas de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, ní mór doiciméad breise a chur isteach.

2. Deimhniú i scríbhinn ó na Coimisinéirí Ioncaim á rá go ndearna an chuideachta na ráitis go léir atá gan tabhairt, más ann, agus a cheanglaítear a thabhairt le halt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, a sheachadadh orthu.

Cuideachta Bainistíochta Úinéirí

Ní féidir an fhoirm H1-OMC a úsáid ach do Chuideachtaí Bainistíochta Úinéirí amháin. Is féidir cuideachta da sort a chur ar ais o thaobh riaracháin de laistigh de shé bliana on dáta díscailte. Ní mór na teastais abhartha bheith ag gabháil leis an bhfoirm sula féidir í a chur ar ais ar an gclár. Má chomhlánaíonn oifigeach Cuideachta Bainistíochta Úinéara Foirm H1 sa chéad 12 mhí ó dhíscailteadh cuideachta, ní gá Foirm H1-OMC a chomhdú i gcúinsí dá sórt.

Ní féidir cuideachta, lena n-áirítear Cuideachta Bainistíochta Úinéirí, a chur ar ais ar an gclár mura seachadatar na tuairisceáin bhliantúil go léir ar an CRO, a bheidh gan tabhairt i leith na cuideachta sin. Ní féidir cuideachta a chur ar ais ar an gclár mura bhfuil an teastas ag gabháil leis an iarratas.

Mura bhfuil teastas an chuntasóra/an aturnae ag gabháil leis an bhfoirm seo, mar aon le cóip dheimhnithe den ghníomhas aistrithe, maidir leis na comhlíonáir nó cuid díobh, i leith na forbartha ilaonad ar corpraíodh an chuideachta ina leith, ní féidir an chuideachta a chur ar ais ar an gclár. Ciallaíonn "cóip dheimhnithe" cóip den ghníomhas aistrithe a dheimhníonn aturnae gur cóip den bhunghníomhas é.

ATHBHUNÚ TRÍ ORDÚ CÚIRTE

Nuair a bhíonn cuideachta scriosta as an gclár agus díscailte ar feadh breis is 12 mhí, ní féidir le Cláráitheoir na gCuideachtaí an chuideachta seo a athbhunú chuig an gclár ó thaobh riaracháin de. Ar an gcoinníoll, áfach, nach bhfuil breis is 20 bliain imithe thart ó dhíscailteadh na cuideachta, is féidir leis an gcuideachta nó comhalta na cuideachta iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an chuideachta a athbhunú chuig an gclár, i gcás go mbíonn an chuideachta scriosta go deonach as an gclár ar iarratas uathu féin, nó ag oifigeach nó comhalta na cuideachta i gcás gur scriosadh an chuideachta as an gclár toisc gur theip uirthi a tuairisceáin bhliantúla a chomhdú nó ar iarratas ó na Coimisinéirí Ioncaim nuair a theipeann ar chuideachta ráiteas a sheachadadh chucu. (Cuideachta infheistíochta - 2 bliana amháin - alt 1403 Acht na gCuideachtaí 2014).

Moltar duit comhairle dhlíthiúil a fháil nuair a bhíonn sé beartaithe agat iarratas ar athbhunú a lorg ón gcúirt.

Ní mór iarratas ar athbhunú a chur in iúl do Chláraitheoir na gCuideachta agus don Aire Airgeadais agus Ioncaim, a ghlacann le ceanglais éagsúla nós imeachta sula n-eisítear litir a thacaíonn leis an gcuideachta a athbhunú. Bíonn Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ina hionadaí don CRO agus bíonn Aturnae an Aire Airgeadais agus Ioncaim ina ionadaí do na Coimisinéirí Ioncaim.

Cuideachta/comhalta/oifigeach & athbhunú

Féadfaidh cuideachta atá díscailte le tréimhse is giorra ná 20 bliain iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte go gcuirfí ar ais ar an gclár í. Is iondúil go roghnóidh an chuideachta go gcuirfí ar ais ar an gclár ar bhonn riaracháin í nuair atá tréimhse is lú ná 12 mhí cáite ó díscailte an chuideachta, toisc gur tapa agus gur saoire é sin ná iarratas chun na hArd-Chúirte.

Déantar an t-iarratas chun an chuideachta a chur ar ais ar an gclár faoi alt 738 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Féadfaidh an stiúrthóir, an comhalta nó an t-aturnae atá ag gníomhú thar ceann na cuideachta na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

- (a) Litir a chur faoi bhráid Rannóg Fhorfheidhmithe na CRO ag iarraidh deimhnithe a fháil go dtacaíonn Cláraitheoir na gCuideachtaí le hathbhunú na cuideachta. Eiseoidh an CRO litir a thacaíonn leis an gcuideachta a athbhunú, faoi réir an ordú athbhunaithe, lena n-áirítear foráil go rachaidh an litir i léig má theipeann ar an iarrthóir í a sheachadadh do Chláraitheoir na gCuideachtaí tráth nach déanaí ná 28 laethanta ón dáta ar a fógraíodh an t-ordú.

Ní bheidh éifeacht ag ordú athbhunaithe na Cúirte ach amháin nuair a sheachadtar don CRO na tuairisceáin a bhíonn fós le comhdú, lena n-áirítear na cuntais, tráth nach déanaí ná 28 laethanta amháin ó dháta an ordaithe. I gcás nach ndéantar é seo laistigh den tréimhse ama shonraithe, ní athbhunófar an chuideachta chuig an gclár.

- (b) Déanfar iarratas chun na hArd-Chúirte faoi alt 738 iar bhfógra don Chláraitheoir, don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus do na Coimisinéirí Ioncaim.

- (c) Nuair a dhéantar ordú Ard-Chúirte le cuideachta a athbhunú, seol cóip dhearbhaithe den ordú chuig an CRO, in éineacht leis an táille chomhdaithe, tráth nach déanaí ná 28 laethanta ón dáta ar a fógraíodh an t-ordú.

- (d) Mura mbíonn na tuairisceáin bhliantúla faighte ag an CRO, ní mór iad a thaisceadh anois gan mhoill in éineacht leis an bpionós comhdaithe déanach. I gcás nach ndéantar é seo laistigh den tréimhse ama shonraithe (an ordú cúirte), ní athbhunófar an chuideachta chuig an gclár.

Nuair a chuirtear an t-ordú cúirte faoi bhráid na CRO, athraítear sonrú na cuideachta ó "Cuideachta Dhíscailte" go "Gnáthchuideachta" le héifeacht ón dáta a fhaigheann an CRO an t-ordú cúirte. Foilseoidh an CRO fógra ar an gcuideachta a athbhunú ina hIris CRO i gceann na haimsire.

Nuair a dhéantar an chuideachta a chuardach ag <http://search.cro.ie/company/> taispeánfar freisin gur cuireadh ar ais ar an gclár í. Taispeánfar an dáta seo ar eischló na cuideachta freisin.

Creidiúnaithe & athbhunú

I gcás cuideachta a díscailtear toisc gur theip uirthi tuairisceáin bhliantúla a chomhdú nó de bharr iarratais ó na Coimisinéirí Ioncaim, is féidir le creidiúnaí na cuideachta seo iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda nó chuig an Ard-Chúirt am ar bith chun an chuideachta a athbhunú chuig an gclár, ar an gcoinníoll nach bhfuil 20 bliain imithe thart ó dháta díscailte na cuideachta.

Más rud é gur baineadh an chuideachta den chlár, féadfaidh creidiúnaí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte nó na Cúirte Cuarda, de bhun alt 738(2)(b) d'Acht na gCuideachtaí 2014, ar an gcuideachta a chur ar ais ar an gclár.

Ní mór don chreidiúnaí na bearta seo a leanas a dhéanamh:

- (a) Litir a chur faoi bhráid Rannóg Fhorfheidhmithe na CRO ag iarraidh deimhnithe a fháil go dtacaíonn Cláraitheoir na gCuideachtaí le hathbhunú na cuideachta.

Eiseoidh an Cláráitheoir litir go dtacaíonn sé/sí leis an iarratas ar an gcoinníoll go bhfuil foráil san ordú athbhunaithe go rachaidh sé i léig mura ndéanfaidh an creidiúnaí í a sheachadadh don Chláráitheoir tráth nach déanaí ná trí mhí ón dáta a fhógraítear an t-ordú.

(i) faoi dháta éisteachta an iarratais ar chur ar ais ar an gclár, agus
(ii) gurb amhlaidh, de bhun alt 740(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014, go mbeidh ordachán san áireamh san ordú cúirte á rá:

(a) go soláthróidh comhalta nó oifigeach sonraithe amháin nó níos mó den chuideachta go seachadfaidh an chuideachta gach tuairisceán bliantúil atá gan tabhairt, de réir Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ar an gCláráitheoir;

(b) go ndéanfaidh an comhalta nó an t-oifigeach sonraithe amháin sin nó na comhaltaí agus oifigigh shonraithe sin na ráitis go léir a bheidh gan déanamh agus a éilítear le halt 882 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, i ndáil leis an gcuideachta, a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim;

(c) go nglacfaidh na comhaltaí nó na hoifigigh shonraithe sin gach beart réasúnach chun a áirithiú go gceapfaidh an chuideachta stiúrthóir agus go seachadfar ar an gCláráitheoir an fógra agus an toiliú a cheanglaítear le halt 149(8) agus (10), faoi seach, agus gurb amhlaidh –

(i) go mbeidh an duine arna cheapadh amhlaidh ina chónaí nó ina cónaí i mBallstát den LEE; nó

(ii) mura rud é go mbeidh deimhniú faoi alt 140 i ndáil leis an gcuideachta deonaithe ag an gCláráitheoir agus go bhfuil sé i bhfeidhm, go gcuirfidh an chuideachta banna ar fáil don Chláráitheoir de réir alt 137.

Eiseoidh an Cláráitheoir litir neamh-agóide i leith an iarratais ar choinníoll go n-áirítear san ordú um chur ar ais ar an gclár foráil go rachaidh sé in éag mura seachadfaidh an creidiúnaí is iarratasóir ar an gcláráitheoir é laistigh de 28 lá tar éis dháta a chomhlánaithe.

(b) Déanfar iarratas chun na hArd-Chúirte nó na Cúirte Cuarda ó chreidiúnaí faoi alt 738 iar bhfógra don Chláráitheoir, don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus do na Coimisinéirí Ioncaim.

(c) Tar éis ordú Ard-Chúirte a bheith déanta lena gcuirtear an chuideachta ar ais ar an gclár, seachadfar ar an CRO lena clárú cóip dheimhnithe den ordú, mar aon leis an táille comhdaithe, laistigh de 28 lá ó dháta a chomhlánaithe.

Tar éis thaisceadh an ordaithe cúirte sa CRO, athrófar ainmniú na cuideachta ó 'Díscaoilte' go dtí 'Gnáthstadas' le feidhm ón dáta ar a fuarthas an t-ordú cúirte.

Foilseoidh CRO fógra faoi chur ar ais na cuideachta ar an gclár in Iris CRO in am trátha. Taispeánfaidh cuardach cuideachta ar www.cro.ie go bhfuil an chuideachta curtha

CUR AR AIS AR AN GCLÁR AGUS CINEÁL NA CUIDEACHTA

Ón deireadh an idirthréimhse (30 Samhain 2016), sa chás ina gcuirtear cuideachta ar ais ar an gclár agus nach ndearnadh na hathruithe uirthi atá ceangailte faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ní mór na hathruithe a chur chun feidhme nuair a chuirfead ar ais í.

Ní mór 'Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta' a bheith ag deireadh ainmneacha cuideachtaí poiblí faoi theorainn ráthaíochta mura bhfuil díolúine acu ina leith sin. Ní mór 'Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe' a bheith ag deireadh ainmneacha cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn ráthaíochta mura bhfuil díolúine acu ina leith sin. Ní mór 'Cuideachta Neamhtheoranta' a bheith ag deireadh ainmneacha cuideachtaí neamhtheoranta.

Beidh cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna ina gcuideachtaí TEO faoi Chuid 2 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Más mian le cuideachta den sórt sin a bheith ina Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe nó más gá di a bheith ina Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe, nuair a bheidh an chuideachta curtha ar ais ar an gclár féadfaidh sí leas a bhaint as an bpróiseas athchláráithe faoi Chuid 20 den Acht.

3.10.4 AICMÍ TAIFEAD ATÁ Á GCOINNEÁIL

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Baint Comhlachtaí
Comhfhreagras
Ceisteanna TF
Bainistiú na hOibre
Ionchúiseamh
Athbhunú
Clár Forfheidhmithe na gCoimisinéirí Ioncaim
Riarachán Rannóige
Cúrsaí Foirne

3.10.5 POINTÍ TEAGMHÁLA


Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Michael Neville	Bainisteoir rannóige	01 804 5352	michael.neville@dbei.gov.ie

3.11 AINMNEACHA GNÓ

3.11.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Tá sé mar ról ag Rannóg na nAinmneacha Gnó iarratais a phróiseáil chun clárú a dhéanamh ar (a) ainmneacha gnó, (b) athruithe ar aon sonraí atá cláraithe cheana, agus (c) scor ainmneacha gnó i gcomhréir leis an Acht um Ainmneacha Gnó, 1963, agus na sonraí a chur ar fáil don taifead poiblí.

Is é struchtúr na rannóige ná:



3.11.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá sé mar dhuilgias ar an rannóg doiciméid a sheiceáil, a chlárú agus a scanadh le bheith ar fáil go poiblí agus soláthraíonn sí foinse eolais faoi ainmneacha gnó atá éifeachtach, éifeachtúil agus ar féidir teacht uirthi go héasca do chliaint dá réir.

3.11.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Is ainm é a úsáideann duine aonair, comhlacht corpraithe nó comhpháirtíocht (de dhaoine aonair agus/nó de chomhlachtaí corpraithe), le háit ghnó i bPoblacht na hÉireann, agus ní mar an gcéanna iad an t-ainm seo agus a (n)ainm(eacha) cinnte féin.

Baineann sé le:

- duine aonair a úsáideann ainm trádála eile seachas a s(h)loinne féin. Ní thagann aon athrú ar an scéal má úsáidtear céadainmneacha nó túslitreacha an duine freisin. Dá bhrí sin, bhainfeadh an tAcht leis an Uas. John Murphy dá n-úsáidfeadh sé “Murphy Builders” mar ainm trádála – ní bhainfeadh an tAcht leis dá n-úsáidfeadh sé “Murphy” nó “John Murphy” mar ainm trádála
- comhpháirtíocht a úsáideann ainm trádála eile seachas ainmneacha na bpáirtithe féin – daoine aonair agus/nó ainm corpraithe iomlán na bpáirtithe comhlachtaí corpraithe ar fad
- cuideachta a úsáideann ainm trádála eile seachas a hainm corpraithe, mar shampla “Murphy Construction Limited” ag trádáil mar “Murphy Builders”
- duine, go mbíonn áit ghnó aige/aici sa Stát, a dhéanann nuachtán a fhoilsiú

Ní mór don iarrthóir áit ghnó a bheith aige/aici sa Stát agus gnó a fheidhmiú faoi ainm gnó.

Ní mór iarratas ar chlárú a chur isteach chuig an CRO laistigh de mhí amháin ón dáta a glacadh leis an ainm ghnó.

Is iad na foirmeacha le haghaidh clárúcháin ná:

- RBN1** do dhuine aonair
- RBN1A** do chomhpháirtíocht
- RBN1B** do chomhlacht corpraithe

Féadfar iarratais a chur ar aghaidh go leictreonach ag www.core.ie.

Cosnaíonn sé €40 faoi láthair chun iarratais pháipéir a chur isteach chuig an CRO chun ainm gnó a chlárú, agus €20 chun iarratais leictreonaigh a chur isteach ag www.core.ie.

Ba chóir duit a thabhairt faoi deara má dhéantar ainm ghnó a chlárú

- nach gcuireann sé cosc ar an ainm a chóipeáil
- nach dtugann sé seo le tuiscint go mbeifear in ann an t-ainm gnó a úsáid ina dhiaidh sin mar ainm cuideachta
- nach dtugann sé cead duit an t-ainm a úsáid toisc go bhféadfáí cosc a chur air chun críocha eile.

Ní chóir a thabhairt le tuiscint mar shampla nach bhfuil aon chearta ag gabháil leis an ainm (m.sh. cearta trádhaire).

Ní dhéanann an CRO comparáid idir na hainmneacha gnó molta agus na hainmneacha gnó atá ann cheanna ar an gclár cuideachtaí, ar an gclár ainmneacha gnó nó ar chlár na dtrádmharcanna. Moltar duit, dá bhrí sin, a fháil amach an bhfuil cearta ag daoine eile faoin ainm atá ar intinn agat a úsáid sula gcaitheann tú airgead ar pháipéarachas, agus araile.

Is féidir leat scrúdú saor in aisce a dhéanamh ar an gclár cuideachtaí agus ar an gclár ainmneacha gnó ag www.cro.ie/search. Soláthraíonn an saoráid cuardaigh seo rochtain lá agus oíche ar ainmneacha gnó cláraithe agus ar fhaisnéis cuideachtaí. Is é an córás céanna a úsáidtear in oifigí poiblí an CRO agus taispeántar na torthaí ar an bpointe.

Ina mhalairt, is féidir leat cuairt a thabhairt ar oifigí poiblí an CRO.

Is féidir leat scrúdú a dhéanamh ar chlár na dtrádmharcanna ag:

Oifig na bPaitinní: Oifigí an Rialtais, Bóthar Hebron, Cill Chainnigh
R-phost: patlib@patentoffice.ie Gréasán: www.patentoffice.ie
Teil: 056 772 0111/Glao Áitiúil 1890 220 223 Facs: 056 772 0100/Glao Áitiúil 1890 220 120

Más náisiúnach neamh-LEE thú (cuimsíonn an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch Ballstáit an AE, chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua) go bhfuil sé ar intinn agat teacht go hÉirinn chun gnó a bhunú, beidh ort cead a fháil roimh ré ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Eisíonn an Cláraitheoir Deimhniú Clárúcháin do gach ainm gnó a cláraíodh.

An cóir an deimhniú a thaispeáint i slí áirithe?

Ní mór don deimhniú clárúcháin bunaidh a bheith curtha ar taispeáint in áit fheiceálach:

- i gcás gnóthais nó duine aonair, sa phríomháit ghnó - ní mór cóip oifigiúil den deimhniú a bheith curtha ar taispeáint i ngach oifig brainse nó san áit ina ndéantar an gnó a fheidhmiú de ghnáth
- i gcás comhlachta corpraithe, ina oifig chláráithe sa Stát - ní mór cóip oifigiúil den deimhniú a bheith curtha ar taispeáint i ngach oifig brainse nó san áit ina ndéantar an gnó a fheidhmiú de ghnáth

Cén fhaisnéis gur ghá a thaispeáint ar dhoiciméid ar a thaispeántar an t-ainm gnó?

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas, maidir leis an úinéir gnó, a thaispeáint i slí inléite sna litreacha gnó, ar imlitreacha nó sna catalóga go léir a thaispeánann nó ina dtaispeántar an t-ainm gnó, a sheolann úinéir an ainm gnó chuig duine ar bith:

- i gcás duine aonair, a (h)ainm láithreach, aon seanainmneacha, agus a náisiúntacht, mura mbíonn Éireannach i gceist
- i gcás gnóthais, a ainm láithreach agus aon seanainmneacha, agus náisiúntacht chomhpháirtithe an ghnóthais, mura mbíonn Éireannaigh i gceist, nó nuair a bhíonn comhlacht corpraithe ina chomhpháirtí, an t-ainm corpraithe
- i gcás comhlachta corpraithe (seachas aon chuideachta cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí), ainm iomlán na cuideachta (tabhair faoi deara le do thoil nach gceadaítear ach “Teo” a úsáid in ionad “Teoranta” agus “CPT” in ionad “Cuideachta Phoiblí Theoranta” agus araile), ainmneacha agus seanainmneacha na stiúthóirí, más ann, agus a náisiúntacht, mura mbíonn Éireannaigh i gceist

Ní mór do chuideachtaí atá cláraithe in Éirinn ainm na cuideachta a léiriú i gcarachtair inléite ar litreacha gnó na cuideachta, ar na fógraí agus ar na doiciméid oifigiúla eile a fhoilsíonn an cuideachta, agus ar bhíllí malairte, nótaí gealltanais, formhuinithe, seiceanna agus orduithe airgid nó

earraí a bhíonn ar an gcuideachta a shíniú nó a shínítear ar son na cuideachta, agus ar shonraisc, fáiltas agus litreacha creidmheasa na cuideachta.

Ní mór do chuideachta theoranta atá cláraithe in Éirinn na sonraí breise seo a leanas a thaispeáint ar a litreacha gnó agus ar a foirmeacha ordaithe:

- áit chláráithe mar shampla Cláráithe i mBaile Átha Cliath, Éire
- uimhir chláráithe i.e. an uimhir Deimhnithe Corpraithe
- seoladh na hoifige cláráithe (nuair a thaispeántar é seo ar an doiciméad cheana, ní mór a léiriú gurb í seo an oifig chláráithe)
- má luaitear scairchaipiteal na cuideachta ar a litreacha gnó agus ar a foirmeacha ordaithe, ba chóir tagairt a dhéanamh don scairchaipiteal íochta

Ba chóir aon athrú ar shonraí an ainm gnó cláráithe (m.sh. athrú ar ainm nó ar sheoladh gnó) a chur in iúl don Chláráitheoir laistigh de mhí amháin i ndiaidh athrú a dhéanamh.

Is iad seo na foirmeacha chun athruithe a chur in iúl:

RBN2 do dhuine aonair
RBN2A do chomhpháirtíocht
RBN2B do chomhlacht corpraithe

Nuair a scoirtear de ghnó faoi ainm gnó cláráithe, a bhíonn ag duine aonair, ag comhpháirtíocht nó ag comhlacht gnó, ba chóir Foirm RBN3 a chur ar aghaidh chuig an CRO laistigh de trí mhí i ndiaidh deireadh an ghnó.

3.11.4 AICMÍ TAIFEAD ATÁ Á GCOINNEÁIL

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Ainmneacha gnó

3.11.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Paddy Porter	Bainisteoir rannóige	059 9178861	paddy.porter@dbei.gov.ie

3.12 COMHDÚ LEICTREONACH

3.12.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Is é ról na Rannóige Comhdaithe Leictreonaigh ná cliaint an OCC a chumasú chun doiciméid a chomhdú ar líne.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Claudine Forrest
Príomh-Oifigeach Cúnta

Des Kennedy
Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin

2 Oifigeach Cléireachais

3.12.2 AICMÍ TAIFEAD ATÁ Á GCOINNEÁIL

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Riarachán
Tionscadail Eorpacha
TF
Cruinnithe
Cúrsaí Foirne
Suíomh Gréasáin
Tionscadail
Foirmeacha

3.12.3 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Des Kennedy	Bainisteoir rannóige	01 804 5389	des.kennedy@dbei.gov.ie

3.13 FOILSEACHÁIN

3.13.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Tá sé mar ról ag Rannóg na bhFoilseachán feasacht níos mó a chinntiú i measc na gcomhlachtaí, na n-oifigeach agus na gcomhairleoirí gairmiúla faoina ndualgais agus a bhfreagrachtaí.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Claudine Forrest Príomh-Oifigeach Cúnta
Gavin Regan Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
1 Oifigeach Cléireachais

3.13.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tá sé mar chúram ar Rannóg na bhFoilseachán an plean feachtais a chur i bhfeidhm, rud a chuimsíonn (a) feabhsú teachta ar, caighdeáin agus tuisceana ar ábhair thagartha, foirmeacha, suíomh gréasáin srl. an OCC, (b) cruthú féiniúlachta a chiallóidh go mbeidh an OCC sainiúil agus inaitheanta (c) úsáid modhanna a shroicheann an líon is mó custaiméirí ar an gcaoi is éifeachtúla agus ar an gcostas is ísle, agus (d) measúnú a dhéanamh ar chur chuige atá deartha ionas go mbeidh aird níos dearfaí ag cliaint ar an OCC.

3.13.3 RIALACHA AGUS CLEACHTAIS

Cuimsíonn an nós imeachta a bhaineann le hathbhreithniú fhoirmeacha an OCC céim chomhairliúcháin phoiblí ina gcuirtear an dréacht-fhoirm ar fáil do thráchtanna ar ár suíomh gréasáin ar feadh tréimhse dhá mhí, pé áit ar cuí. Cuirtear síntiúsóirí ár seirbhís nuachtlitir ríomhphoist atá saor in aisce ar an eolas dá réir.

3.13.4 AICMÍ TAIFEAD ATÁ Á GCOINNEÁIL

Tá na sraitheanna seo a leanas á gcoinneáil:

Fógraíocht
Tagarmharcáil
Bileoga Eolais an OCC
Foirmeacha an OCC
Suíomh Gréasáin an OCC
Feasacht Custaiméirí
Cúrsaí Foirne

3.13.5 POINTÍ TEAGMHÁLA

Ainm	Réimse freagrachta	Guthán	Ríomhphost
Gavin Regan	Bainisteoir rannóige	01 804 5311	gavin.regan@dbei.gov.ie

3.14 RIARACHÁN

3.14.1 STRUCHTÚR AGUS EAGRAÍOCHT

Tá sé mar ról ag an Rannóg Riaracháin riarachán inmheánach a sholáthar don OCC.

Is é struchtúr na rannóige ná:

Dermot Madden Príomh-Oifigeach Cúnta		
Vivien Cunningham Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin		
Riarachán Ginearálta	Cuntais Taisce/ Rúnaíocht	Seirbhísí Ginearálta Tacaíochta
1 Oifigigh Feidhmiúcháin	1 Oifigeach Cléireachais	1 Leas-Phríomh-Oifigeach Seirbhísí
		2 Oifigigh Seirbhísí

3.14.2 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

